CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

Title	Cín lae an bhailitheoir béaloideasa, Michael J. Murphy: staidéar cartlainne agus eitneagrafaíoch ar an méid a chuir Michael J. Murphy le Cnuasach Bhéaloideas Éireann, le béim faoi leith ar a chín lae i gcaitheamh na mblianta 1949-1952 agus 1969-1977
Authors	Ní Neachtain, Áine
Publication date	2022
Original Citation	Ní Neachtain, Á. 2022. Cín lae an bhailitheoir béaloideasa, Michael J. Murphy: staidéar cartlainne agus eitneagrafaíoch ar an méid a chuir Michael J. Murphy le Cnuasach Bhéaloideas Éireann, le béim faoi leith ar a chín lae i gcaitheamh na mblianta 1949-1952 agus 1969-1977. MPhil Thesis, University College Cork.
Type of publication	Masters thesis (Research)
Rights	© 2022, Áine Ní Neachtain. - https://creativecommons.org/licenses/by-nc-nd/4.0/
Download date	2026-11-07 14:48:03
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/15061

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Cín Lae An Bhailitheoir Béaloideasa, Michael J. Murphy

Staidéar cartlainne agus eitneagrafaíoch ar an méid a chuir Michael J. Murphy le Cnuasach Bhéaloideas Éireann, le béim faoi leith ar a chín lae i gcaitheamh na mblianta 1949-1952 agus 1969-1977

Tráchtas curtha isteach i gcomhair MPhil. Béaloideas faoi choimirce Roinn an Bhéaloidis, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Údar an Tráchtais:	Áine Ní Neachtain, B.A.
Feitheoir an Tráchtais:	An Dr Clíona O'Carroll, Roinn an Bhéaloidis, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.
Stiúrthóir na Roinne:	An Dr Stiofán Ó Cadhla
Imleabhar:	Imleabhar a hAon as Imleabhar Amháin.
Dáta:	6 Deireadh Fómhair, 2022

... the folklore collector knows he has to spend months, even years with one mind. So melt the wax around the wild honey with sympathy and patience and with questions framed in confidential conversational form based on a knowledge of the working of the mind - and the honey begins to flow. Stay with the flow lest it seal again - people do not really know what they know until the recesses of their memories had been worked on (Murphy, 1973:18).



An phortráid a bronnadh ar Michael J. Murphy ar son Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus é ag dul ar scor sa bhliain 1983. Taispeáineadh an phortráid mar chuid de thaispeántas griangraf ag an gComóradh Céad Bliain ar shaol Michael J. i dTí Chulainn, Mullach Bán, Co Ard Mhacha, ar an 14 Samhain, 2013. Bhronn Muintir Murphy an phortráid ar Tí Chulainn, áit ina bhfuil an phortráid ar crochadh faoi láthair.

Buíochas

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil dóibh siúd a bhí chomh cabhrach le linn an ama a bhíos i mbun na hoibre seo:

An Dr Clíona O'Carroll, as na hiliomad píosaí comhairle a chuir sí orm, agus as doimhneacht a saineolais féin a roinnt go fial liom. An Dr Stiofán Ó Cadhla, as mé a roghnú mar iar-chéimithe, agus as an spreagadh agus dea-chomhairle a chuir sé orm ó am go chéile. An Dr Ciarán Ó Gealbháin as an spreagadh agus dea-chomhairle, agus Bláthnaid Ní Bheaglaoi Uasal, Roinn an Bhéaloidis, Coláiste na hOllscoile, as an gcabhair agus an gcairdeas a thug sí dom thar na blianta. An Dr Seán Ó Duinnshléibhe a chuir comhairle orm an chéad lá riamh dul an treo seo le mo chuid staidéir. Mary Lombard agus foireann na leabharlainne, Coláiste na hOllscoile, as a gcuid dea-chomhairle agus cabhair.

Kevin Murphy, a thug an oiread sin eolais agus spreagadh dom narbh fhéídir luach a chur air. Foireann Tí Chulainn, Mullach Bán, Ard Mhacha Theas, a chuir fáilte agus fiche romham.

Peter Murphy agus Winifred Murphy, mac agus iníon le Michael J. Murphy, agus muintir Michael J., a bhí sásta labhairt liom mar gheall ar a n-athair agus a chuid oibre. Evelyn Ellison, Cartlannaí BBC Tuaisceart Éireann. Criostóir MacCárthaigh, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, as gach cabhair a thug sé dom. Michael Augustin, craoltóir agus file, as mé a spreagadh, agus an aithne a bhí aige ar Michael J., and taifead agallaimh dá chuid le Michael J., a roinnt liom. An Dr Pádraigh Ó Tiarnaigh, a chuir chugam a thráchtas féin chun go mbeadh fios na slí agam.

Albert agus an líon tí agam sa bhaile as a gcuid grá, foighne agus tacaíochta.

Gura fada buan sibh uilig.

Ráiteas

Deimhním gurb é seo mo chuid oibre féin go hiomlán. Aon uair go bhfuil trácht anseo thíos ar obair údair eile, tá creidiúnt na hoibre sin le feiscint sa leabharliosta ceangailte leis an tráchtas seo.

Deimhním nár cuireadh aon rian den tráchtas seo isteach i gcomhair aon chéim eile sa Choláiste Ollscoile, Corcaigh, ná in aon choláiste eile ach an oiread.

Deineadh an taighde seo faoi choimirce an Dr Clíona O'Carroll, Roinn an Bhéaloidis, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Síniú:

Uimhir: 104135687

Dáta: 6 Deireadh Fómhair, 2022

Abstract

Building on the work of Michael Briody in his 2007 publication *The Irish Folklore Commission 1935-1970 History, ideology, methodology,* in which he proffered the opinion that the journals of the field collectors may be the jewel in the crown of the National Folklore Collection, I put forward the thesis that Michael J. Murphy's field journal is an important archival resource that merits in-depth study across a wide range of academic disciplines.

Over the course of more than 40 years' service as a professional Folklore Collector, Michael J. Murphy contributed more than 30,000 pages of folklore material, including some 4,000 pages of field journal, and 1,100 photographs to the collection now known as the National Folklore Collection, housed in University College Dublin. Murphy collected folklore throughout the nine counties of Ulster, from a broad range of communities that not only had a rich store of folklore material, but were also troubled by political strife. Michael J. Murphy's accounts of his life and work in these communities provide a unique insight into their everyday lives.

This study of Murphy's field journal seeks to keep important developments in the area of folklore archives in view throughout. It can be said that some scholars have turned their backs somewhat on archival study of pre-modern culture, in favour of the study of contemporary culture, as well as the role of archival structures and practices in the generation of knowledge, resulting in a paradigm shift which changed how folklore archives are viewed in the research community. In tandem with that, the way general archives are viewed has been evolving, thereby generating openness for the type of material stored in folklore archives. Michael J. Murphy had a strong belief in the potential of the material deposited in the archive of the Irish Folklore Commission to provide a valuable archival resource for those seeking a better understanding of who we are as people, and the ongoing provision of digital access to the National Folklore Collection creates a context that supports such a use of this material. In this context, Murphy's thoughts on the confidential trust relationship between collector and storyteller, brought to light in this study of his field journal, provide valuable food for thought for those making difficult decisions in their efforts to balance the provision of access with the need to respect the intentions of those whose words populate the archives.

This thesis posits that Michael J. Murphy fulfils several key research requirements in his field journal, in so far as he supplies a wide-ranging context for his folklore collection, with clear insights into the methodology, ethics and function of the work. As well as that, he supplies a wide-ranging, contemporary, authoritative, unedited account of his life and his work, in an area overshadowed by conflict, and about which so much has been written by reporters and historians, during the second half of the twentieth century. Michael J. Murphy was strongly of the opinion that it is on the word of the insider we should depend for an insight in people's everyday lives. It is the word of the insider that is presented in his own field journal, brought to light in this thesis.

Coimriú

Ag tógaint ar shaothar Mícheál Briody ina leabhar *The Irish Folklore Commission 1935-1970 History, ideology, methodology* (2007), ina chuir sé cíona lae na mbailitheoirí lán-aimseartha chun tosaigh mar sheodra na corónach de Chnuasach Bhéaloideas Éireann, arbh fhiú tuilleadh taighde a dhéanamh orthu, áitím go bhfuil cín lae Michael J. Murphy ar cheann dóibh siúd gur chóir taighde domhain a dhéanamh uirthi. Chaith Michael J. Murphy breis agus daichead bliain mar bhailitheoir proifisiúnta, agus chnuasaigh sé níos mó ná 30,000 leathanach de bhéaloideas, le 4,000 leathanach de chín lae agus 1,100 grianghraf san áireamh, atá i dtaisce anois sa chartlann ar a nglaotar Cnuasach Bhéaloidis Éireann in Ollscoil Bhaile Átha Cliath. Bhailigh Murphy ar fud na naoi gcontaetha d'Uladh, agus ní amháin go raibh stór béaloidis ríshaibhir le cnuasach ann, ach bhí na pobail sin ciapaithe ag coimhlint pholaitíochta chomh maith. Sholáthar Murphy tuairisc ar a shaol agus a shaothar a thugann radharc faoi leith dúinn ar an saol laethúil a chaith pobal na Teorann le linn an ama a bhí seisean gníomhach mar bhailitheoir.

Tá athruithe in earnáil an bhéaloidis maidir le cartlann comeádta in aigne le linn an tráchtais seo. Le roinnt blianta anuas, thug scoláirí áirithe cúl láimhe don taighde cartlainne a bhain le hábhar réamh-nua-aimseartha. Chas siad ar an mbéaloideas comhaimseartha, chomh maith le structúirí agus modhanna oibre cartlainne, mar ábhar taighde, agus d'athraíodh dearcadh scoláirí áirithe i dtaobh na gcartlann. Chomh maith leis sin, d'athraíodh dearcadh scoláirí ar an gcartlann thipiciúil, athrú a d'oscail doras don saghas ábhair atá caomhnaithe i gcartlann béaloidis. Bhí muinín ag Michael J. Murphy go raibh fiúntas tábhachtach ina chnuasach mar ábhar taighde dóibh siúd a bhí ar thóir tuiscintí maidir le cé muid féin mar dhaoine, agus is iontach an rud é go bhfuil obair ar siúl ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann chun go mbeadh teacht ag scoláirí ar ábhar na cartlainne ar bhonn digiteach. Tá tuairimí Murphy nochtaithe sa tráchtas seo maidir leis an gcaidreamh agus iontaoibh idir bailitheoir agus faisnéiseoir, agus ba cheart an méid atá le rá aige a chur san áireamh nuair a bhíonn cartlannaithe ag machnamh ar an gcaoi agus ar an méid agus ar an saghas ábhair cartlainne gur chóir a chur ar fáil go digiteach agus ar líne, gan feall a dhéanamh orthu siúd a sholáthar an t-ábhar ar an gcéad dul síos.

D'áitigh Michael J. Murphy gurb ar fhocal na ndaoine ar an taobh istigh den phobal gur chóir dúinn brath chun fíorscéal na ndaoine a chloisint, agus is é sin atá i gceist lena chín lae féin. Léiróidh an tráchtas seo go gcomhlíonann a chín lae réimhse riachtannais taighde tábhachtacha sa mhéid is go soláthríonn sé comhthéacs fairsing dá chnuasach béaloidis, le lánléargas maidir le cur chuige, eiticí, agus feidhm na hoibre. Chomh maith leis sin, soláthríonn sé tuairisc fhairsing, chomhaimseartha, shainiúil agus ionraic dá shaol is dá chuid oibre, i gceantar a bhí fé scáth coimhlinte, agus ar a bhfuil an oiread sin scríte ag iriseoirí agus staraithe acadúla, i gcaitheamh an dara leath den fichiú aois.

Modh Eagarthóireachta

An Chín Lae: Tá na míreanna as cín lae Michael J. Murphy tras-scríofa as cóipeanna atá ar fís i Leabharlann Boole in Ollscoil Éireann, Corcaigh. Deineadh ceartúcháin ar an litriú uaireanta nuair a bhí sé soléir gur dearmad a bhí i gceist.

An Chín Lae: Tá na tagarthaí leagaithe amach de réir comhairle Chnuasach Bhéaloideas Éireann ar an suíomh idirlín:

http://www.ucd.ie/irishfolklore/en/t4cms/Citing_the_NFC_2009.doc

Nodanna:

C.B.É. Cnuasach Bhéaloideas Éireann

PRONI Public Records Office Northern Ireland

Clár

1 Réamhrá 10

1.1 Seoladh Isteach 19

1.2 Taighde Leabharlainne 20

1.3 Taighde Cartlainne 21

1.4 Taighde sa Ghort 22

1.5 Cartlann BBC Uladh 23

1.6 An Chartlann mar Choincheap 24

1.7 Forbairt ar an Obair Pháirce 25

1.8 Oidhreacht Michael J. Murphy ina Cheantar Féin. 26

1.9 Cnuasach Príobháideach Murphy 29

1.10 Conclúid 30

2 Cnuasach Bhéaloideas Éireann (C.B.É.): Cúlra, inspreagadh, agus nodanna faoi cad atá i ndán do chnuasach Michael J. sa ré dhigiteach 32

2.1 Seoladh Isteach 32

2.2 C.B.É. - Fréamh Fhealsúnach agus Borradh na hOibre 32

2.3 Séamus Ó Duilearga (1899-1980) agus Seán Ó Súilleabháin (1903-1996) 33

2.4 Na Bailitheoirí 35

2.5 Dúshláin agus Ceisteanna atá Ábharach don C.B.É. 36

2.6 Conclúid 42

3 'The Last Druid' – Próifíl Michael J. Murphy (1913-1996) 45

3.1 Seoladh Isteach 45

3.2 Óige Michael J. Murphy 45

3.3 Michael J. Murphy in Inmhe Fir 47

3.4 Fealsúnacht Murphy i dTaobh a Chuid Oibre. 52

3.5 An Chín Lae Mar Chuid Lárnach d'Obair Murphy 60

3.6 Conclúid 62

4 Cín Lae 1949-1951. An tréimhse i nGleann Choll, Co. Tír Eoghain 64

4.1 Seoladh Isteach 64

4.2 Ag réiteach an bhóthair chun imeacht go Gleann Choll 65

4.3 **'Flitting'agus ag Socrú Isteach i nGleann Choll** 68

4.4 Michael J. Murphy ag feidhmiú mar threoraí le Heinrich Wagner 71

4.5 'The Delicate Thread of Sex' (Murphy, 1974: 38). 73

4.6 An 'Cultural Intelligence Officer' ag Fágaint Slán 77
4.7 Conclúid 83
5 Cín Lae Aimsir na dTrioblóidí i dTuaisceart Éireann 85
5.1 Seoladh Isteach 85
5.2 Ard Mhacha Theas i gComhthéacs Chúlra na Coimhlinte 87
5.3 Gluaiseacht na gCearta Síbhialta Thuaisceart Éireann 88
5.4 Cur Isteach ar Shocraidí mar Uirlis Catha i dTuaisceart Éireann 91
5.5 Sainmhíniú a Ghairm Féin Ionchollaithe ina Chín lae 96
5.6 An Dráma *Men on the Wall* le Michael J. Murphy. 98
5.7 Cúrsaí Taistil le linn na dTriblóidí i dTuaisceart Éireann 100
5.8 1972 – An Bhliain ba Mheasa den Choimhlint 103
5.9 An Vanguard (The Vanguard Progressive Unionist Party 1972-1978) 105
5.10 Tionchar na Coimhlinte ar an obair ar an taobh ó dheas den Teorainn 107
5.11 Éalú ón Tubaist 109
5.12 Buaireamh, Crá agus Ruathair Maidine 110
5.13 Seoid ar Leac a Dhorais Féin i bhFoircil, Ard Mhacha Theas 111
5.14 De Shíor an Fiosrú Inmheánach – Ciapadh sa Bhreis 123
5.15 An t-Órd agus an t-Anórd; An Sonas neas-suite leis an Donas 127
5.16 An Claonpháirteachas – Bagairt sa Bhreis 131
5.17 An Tarcaisne á chur i gCeann na hÉagóra 134
5.18 Focal Scor ar na Trioblóidí 135
6 Conclúid 137
Leabharliosta 147
Aguisíní 160
A. Abolish the Hiring Fair by Michael J.Murphy 159
B. Agallamh Michael J. Murphy le Michael Augustin (Circa 1975) 160
C. Folkminder by Ray McFadden (for Michael J. Murphy) 170

1 Réamhrá

> Tradition can be either a dead weight on a nation or an incentive to constructive thinking, and should be part of our education if only to make the spirit fight it. A convulsion of time has shuffled our values; and our future depends on whether we do the sifting and allocation ourselves or permit others to do it for us, as before.
> (Michael J. Murphy, Method in their Myths. Irish Press 16th June, 1942)

Rinne an scoláire Mícheál Briody (2007), dianstaidéar ar Choimisiún Bhéaloideas Éireann, agus áitíonn seiseann gur chóir tuilleadh staidéir a dhéanamh ar obair na mbailitheoirí éagsúla, chun an ról lárnach a bhí acu siúd san fheachtas bailiúcháin, as a d'eascar Cnuasach Bhéaloideas Éireann, a thabhairt chun solais. Luann sé nár tugadh a gceart dóibh ar shlí, agus fiú aon uair ar foilsíodh míreanna san iris *Béaloideas,* iris an Chumainn le Béaloideas Éireann, ní bhíodh sé de nós ag na heagarthóirí tagairt ar bith a dhéanamh don bhailitheoir, rud a threisigh íomhá na mbailitheoirí mar 'mere hewers of wood and drawers of water' (Briody, 2007: 424). D'fhan pearsantacht na mbailitheoirí beagáinín faoi cheilt, agus chuir sé sceitimíní orm mar thaighdeoir an chaoi a tháinig dath agus toirt ar an mbailitheoir, Michael J. Murphy, de réir agus a ndeachaigh mé in aithne air agus ar a scéal pearsanta. Cífear cruthúnas sa tráchtas seo go bhfuil Michael J. Murphy ina dhuine de na bailitheoirí siúd a thuilleann an tuilleadh taighde a luann Briody. Ní raibh Michael J. Murphy dall ar an éacht a bhain sé amach ar son na n-Ultach, ach is é téis an tráchtais seo ná gur dociméad atá gach oiread chomh tábhachtach leis an gcnuasach féin atá i gcín lae Murphy.

Trí thimpist a tháinig mé ar shaothar Michael J. Murphy an chéad lá riamh. Ag iarraidh teacht ar eolas mar gheall ar an mbanghlúine thraidisiúnta i gCnuasach Bhéaloideas Éireann a bhíos, nuair a mhol an Dr Clíona O'Carroll cnuasach Michael J. Murphy mar ábhar taighde. Tá ainm Murphy in airde mar bhailitheoir a d'éirigh leis ana-chuid eolais a bhaineann le saol príobháideach na ngnáthdhaoine a bhailiú, fad is a bhí sé i mbun oibre mar bhailitheoir lán-aimseartha ón mbliain 1949 go 1983. Bhí an ceart ar fad ag an Dr O'Carroll, ach thóg mé faoi ndeara chomh maith go raibh an fear féin gach oiread chomh suimiúil leis an ábhar a bhailigh

sé, agus gur fhág sé cín lae atá thar a bheith cuimsitheach agus tábhachtach mar dhoiciméad comhthéacsúil dá chnuasach agus mar bhunfhoinse tábhachach maidir leis a shaol féin, le saol an bhailitheora béaloidis; agus an saol laethúil ar an teorainn idir Éire agus an Ríocht Aontaithe le linn a ré.

Údar, drámadóir, iriseoir, colúnaí, grianghrafadóir, agus craoltóir proifisiúnta ba ea Michael J. Murphy. Thosaigh sé mar bhailitheoir béaloidis go lán-aimseartha sa bhliain 1949, cé go raibh sé de nós aige a bheith ag breacadh síos béaloideas ón uair a bhí sé ina bhuachaill, agus bhí sé ag obair go páirt-aimseartha leis an gCoimisiún ón mbliain 1941 ar aghaidh. Bhí sé mar chúram ar na bailitheoirí lán-aimseartha cín lae a líonadh agus a chur ar aghaidh go Ceannáras an Choimisiúin i mBaile Átha Cliath. B'é feidhm na cíne lae ná comhthéacs na hoibre a sholáthar, chomh maith le tuairisc mar gheall ar an gcaoi a bhí gach bailitheoir ag cur a chuid oibre chun cinn. Gnáthchóipleabhar a bhí ann, agus ba bheag an treoir a bhí i gceist maidir le hionchur, ach moladh an oiread agus arbh fhéidir a scríobh síos ann go rialta. Dá bhrí sin, bhí saoirse áirithe ag an mbailitheoir maidir leis an gcín lae, agus cé go raibh cuid de na cíona lae leamh agus meicniúil go leor, bhain Michael J. Murphy úsáid fhairsing agus scaoilte as a chín lae féin, agus is saibhre go mór í dá bharr. D'áitigh sé féin nár dhein sé aon eagarthóireacht ar a chín lae; gur theastaigh uaidh a bheith chomh ionraic agus tuairisciúil agus arbh fhéidir leis agus é á scríobh. Ba léir, chomh maith, gur bhain sé faoiseamh as a bheith ag scríobh na cíne lae, agus gur sórt sruth smaointe atá intí go mion minic, go háirithe nuair a bhí rudaí ag cur tinnis air. Ciallaíonn seo gur doiciméad leanúnach, fairsing, neamhbhalbh, atá i gceist anseo, trí mhéan an Bhéarla, ar chóir é a thabhairt chun solais mar fhoinse taighde ina gcuirfeadh scoláirí as réimhse disciplíní éagsúla suim. Is iad na ceisteanna a chuireas romham ná cé hé Michael J. Murphy féin, cad é a chúlra, a shaoldearcadh, a chur chuige oibre, agus a oidhreacht. Cuireadh cúlra Choimisiún Béaloideasa Éireann san áireamh, agus cá sheasann an chartlann sin anois i gcomhthéacs an

athrú pairidíme a thit amach le linn na 1960í nuair a chas scoláirí áirithe i dtreo an chultúir comhaimseartha, cur chuige na cartlainne, agus stair an mheanmanra, gan trácht ar thionchar na ré nuatheicneolaíochta ar obair na cartlainne béaloideasa. Theastaigh uaim codanna den chín lae féin a iniúchadh ionas go bhféadfainn samplaí a roghnú chun an téis a bhí agam a chruthú, is é sin le rá, go bhfuil luach thar cuimse i gcín lae Murphy toisc í a bheith chomh cuimsitheach, ealaíonta, agus pearsanta sin, agus go mbaineann an chín lae le ceantar agus le ré a sheasann amach i stair shóisialta agus pholaitiúil na hÉireann, agus toisc go bhfuil eolas inti maidir le réimse leathan topaicí, curtha in iúl le fealsúnacht mhaorga agus mothúcháin phearsanta, nach bhfuil a leithéid le fáil in aon áit eile, go bhfios dom.

Is mór an rud é go bhfuil tús curtha le staidéar ar chín lae Murphy toisc go raibh béim leagtha ar a chnuasach agus a stór fótagrafaíochta suas go dtí seo. Tá súil agam go gcuirfidh doimhneacht agus fairsingeacht na dtopaicí atá luaite aige ina chín lae ionadh ar an léitheoir, go háirithe éinne a chuireann suim i stair shóisialta agus pholaitiúil an Tuaiscirt, nó i scéal na mbailitheoirí éagsúla.

I gCaibidil a hAon, déanfar cur síos ar an modheolaíocht a d'úsáid mé agus mé ag iarraidh eolas a fháil mar gheall ar Michael J. Murphy, agus ag iarraidh an chreidiúint a mheasaim atá tuillte aige a chruthú. Rinne mé staidéar ar chnuasach agus ar chín lae Michael J. Murphy i leabharlann Ollscoil Chorcaí agus i gCnuasach Bhéaloideas Éireann, agus chuir mé an chín lae i gcomparáid le roinnt cíona lae eile de chuid na mbailitheoirí. Seasann cín lae Murphy amach de bharr an oiread eolais a chuireann sé san áireamh, agus an cumas a bhí aige pictiúr cineamatagrafic a léiriú lena pheann.

Tá tagairt ghairid i gCaibidil a hAon don Chartlann Náisiúnta agus do PRONI (Public Records Office Northern Ireland) chomh maith mar fhoinsí taighde maidir le comhfhreagras Michael J. Murphy leis an údar Benedict Kiely agus leis an bhfile John Hewitt, beirt de

mhórlaochra litríochta Ulaidh, agus bhíos fiosrach mar gheall ar an gcaidreamh a bhí acu lena chéile. Chabhraigh an taighde sin liom aithne a chur ar Michael J. mar fhear, agus lean mé orm ag cur aithne air trí nascanna a fhorbairt leo siúd i mBaile Átha Cliath agus ó thuaidh a raibh aithne mhaith acu air, ar bhonn pearsanta agus gairmiúil. Cuifear síos ar na camchuairteanna a thug mé ó thuaidh chun bualadh leis na daoine éagsúla a raibh nasc cothaithe agam leo, agus conas a ndeachaigh na turasanna go ceantar dúchais Michael J. agus go dtí na háiteanna timpeall an Chúige inar chónaigh sé, agus inar dhein sé a chuid oibre, i bhfeidhm orm.

I gCaibidil a Dó, déanfar cur síos gairid ar chúlra Chnuasach Bhéaloideas Éireann, ag brath mórán ar an dianstaidéar atá déanta cheanna ag mórscoláirí na linne seo ar nós Mícheál Briody agus Diarmuid Ó Giolláin, i measc eile. Pléifear an tionchar a bhí ag Séamus Ó Duilearga, an Stiúrthóir Oinigh Choimisiún Béaloideasa Éireann, agus Seán Ó Súilleabháin, Príomhchartlannaí Choimisiún Béaloideasa Éireann, ar obair na cartlainne, agus ar an gcaidreamh a bhí idir iad agus Michael J. Murphy.

N'fheadar an raibh aon chuimhneamh acu siúd a bhí mar cheannairí agus mar shaothraithe sa ghort go mbeadh lá ann ina ndéanfaí breithniú criticiúil ar an gcartlann béaloidis, nó go dtiocfadh a leithéid agus digitiú ar an saol, ach ní féidir féachaint ar aon chartlann anois gan smaointe iar-nua-aimseartha a chur san áireamh. Bhí tionchar riamh ag saineolaithe Lochlannacha ar an bhfeachtas bailiúcháin anseo in Éirinn, agus déanfar cur síos sa chaibidil seo ar an athrú pairidíme a thit amach sna tíortha sin de bharr an bhreithniú thuasluaite, agus conas a bhaineann sin le hobair Murphy. Déanfar cur síos chomh maith ar na hiarrachtaí atá idir láimhe ag feidhmitheoirí Chnuasach Bhéaloideas Éireann chun dul i ngleic leis na féidearthachtaí agus na deacrachtaí a chothaíonn an nuatheicneolaíocht maidir le hábhar cartlainne ar líne.

Cuirfear próifíl Michael J. Murphy faoi bhráid an léitheora i **gCaibidil a Trí**. Duine ana-neamhchoitianta ba ea é, agus ag an am céanna, duine de chosmhuintir Ard Mhacha Theas ba ea é chomh maith. Tráchtann Murphy go minic ina chín lae ar laethanta a óige, agus a mhuintir, agus bainfear úsáid sa chaibidil seo as an bhfoinse sin chun cur síos a dhéanamh ar a chúlra sóisialta agus polaitiúil. Pléifear an léiriú atá againn uaidh mar gheall ar mhuintir Ard Mhacha Theas mar fhaisnéiseoirí. Déanfar cur síos sa chaibidil seo ar mhuintir Murphy, ar na cuinsí a d'imir tionchar air agus é ina fhear óg, agus ar na cúinsí a chuir i dtreo an bhailiú proifisiúnta é. Léireofar gur fhear le meon aigne scaoilte agus réabhlóideach ó dhúchas ba ea Murphy, agus dúil a chroí aige sa scríbhneoireacht. Bhí sé go hiomlán nádúrtha dó úsáid fhairsing a bhaint as an gcín lae chun nithe a bhain leis go pearsanta, agus go gairmiúil, a chur in iúl. Gheobhaidh an léitheoir cur amach ar dhearcadh Murphy maidir leis an gcaidreamh idir é féin agus a fhaisnéiseoirí, and cad iad na tuiscintí a bhí eatarthu maidir le meas agus rúndacht.

Beidh cur síos agus plé ar an seal a chaith Michael J. i nGleann Choll, Co Thír Eoghain i **gCaibidil a Ceathair**. D'iarr Séamus Ó Duilearga air teoiric nua a thriail, agus séard a bhí i gceist ná go ndeachaigh an bailitheoir chun cónaithe ar feadh tréimhse ama fada i bpobal áirithe chun béaloideas an phobail sin a bhailiú. Dá bhrí sin, thuirling Murphy agus a bhean, Alice, agus a chlann ar Ghleann Choll i lár an gheimhridh 1949-1950, agus d'fhan siad ann go deireadh na bliana 1951. Ní rud beag a bhí i gceist toisc go raibh clann óg acu, agus bhí sé beagnach dodhéanta teach a fháil ar cíos. Ach, i ndáiríre, bhí Michael J. bocht dearóil ag an am, agus ní raibh mórán deiseanna ar fáil dó agus, rud ana-thábhachtach, theastaigh uaidh an obair a dhéanamh agus bhí Alice sásta dul leis. Insíonn sé scéal dúinn ina chín lae mar gheall ar an tréimhse seo dá shaol, a thugann radharc thar a bheith suimiúil agus taitneamhach don léitheoir. Gheobhaidh an léitheoir radharc sa chaibidil seo ar an mbailitheoir ag teacht in inmhe, agus é ag fáil tuiscint air féin agus ar an tasc a bhí idir lámha aige sa cheantar seo,

ceantar ina raibh béaloideas gach oiread chomh saibhir is a bhí in aon áit eile ar fud na tíre, dar le Murphy féin. Cé nach raibh an Ghaeilge ag Michael J., bhailigh sé ó na cainteoirí dúchasacha deireannacha sa cheantar sin, agus d'fheidhmigh sé mar threoraí nuair a thug an teangeolaí iomráiteach, Heinrich Wagner, cuairt ar na daoine úd chun ábhar a bhailiú dá shaothar féin. Saothar teangeolaíoch teicniúil a bhí idir chúraim ag Wagner (1981), ach thug Murphy aghaidh daonna do na cainteoirí deireannacha, nach mbeadh ar fáil, murach é. Déanfar cur síos ar an gcaoi ina ndeachaigh muintir na háite agus Murphy i bhfeidhm ar a chéile, chomh maith leis an gcumas a bhí aige comhthéacs a sholáthar don ábhar a bhí á bhailiú aige. Léireofar an cumas a bhí aige duine a chur in iúl don léitheoir, ionas go ndéanfá amach go raibh aithne phearsanta agat an an bhfaisnéiseoir.

Nuair a d'fhág Murphy Gleann Choll, d'aistrigh sé go dtí na Glinnte Aontroma, agus ba cheantar é sin a bhí an-difriúil ó Ghleann Choll. Nuair a d'fhág Murphy na Glinnte, d'aistrigh sé cúpla babtha go dtí gur shocraigh sé síos arís ina cheantar dúchais i nDroimeann Tí. Bhí an nós aige as sin amach imeacht as baile ag bailiú, agus úsáid a bhaint as lóistín ar feadh cúpla lá nó ar feadh seachtaine. Níor dhein Murphy dearmad ar a chín lae riamh le linn na mblianta idir 1951 agus 1969. Tugann sé cúntas ana-shuimiúil ar a shaol agus ar mhuintir na nGlinnte Aontroma, agus conas a d'éirigh sé leo go pearsanta, agus an tionchar a bhí ag an obair a bhí idir láimhe aige ar a scríbhneoireacht chruthaitheach. Bhí nascanna aige leo siúd a bhí gníomhach san fheachtas chaomhnú béaloidis ó Thuaidh agus cuireann sé leis an eolas a nochtann Briody (2007) ina shaothar féin mar gheall ar an gcaidreamh idir na gníomhaithe ó Thuaidh agus ceannairí Choimisiún Béaloideasa Éireann i mBaile Átha Cliath. Gan aon amhras, b'fhiú go mór filleadh ar na cáipéisí sin mar ábhar taighde. Bhailigh Michael J. Murphy béaloideas i Reachlainn; An Phointe; Co an Chabháin; agus i gCo Sligeach, agus choimeád sé cín lae chuimsitheach mar gheall ar a chuid oibre i gcaitheamh na mblianta sin

chomh maith. B'fhiú go mór staidéar a dhéanamh ar na cáipéisí sin mar ábhar taighde, dar ndóigh.

Roghnaigh mé an tréimhse 1969 to 1977, Aimsir na dTrioblóidí i dTuaisceart Éireann, mar ábhar don chéad chaibidil eile, **Caibidil a Cúig**, den tráchtas seo, toisc go bhfuilim den tuairim gur uaithúil an tuairisc seo mar gheall ar an tréimhse seo de stair na hÉireann. Duine polaitiúil ba ea Murphy, nach raibh aon drogall air labhairt amach i gcoinne na héagóra, agus dá bhrí sin bhí a shaol agus saol a mhuintire go hiomlán curtha bun ós cionn le linn na dTrioblóidí. Chomh maith leis sin, bhí cónaí air i gcroílár chrios míleata, agus ní raibh aon lá saor aige ón strus agus ón mbuairt ó thús na 1970í go lá a bháis. Déanfar cur síos gairid ag tús na caibidle seo ar chúlra na coimhlinte, agus conas a tharla sé go raibh ceantar Murphy ina chroílár. Baineadh an rialtas agus na Paraimílitigh úsáid as na sochraidí polaitiúla ar mhaithe a bhfeachtas féin, agus díreofar ar na tuairiscí a sholáthar Michael J. ar na hócáidí seo go háirithe, díreach toisc go bhfuil ana-bhaint ag na hocáidí seo leis an mbéaloideas agus le saineolaíocht Michael J..

Smaointeoir domhain ba ea Murphy, agus bhíodh sé de shíor ag macnamh ar an gcodarsnacht idir áilleacht an bhéaloidis a bhí á bhailiú aige agus an scrios a bhí ag dul ar aghaigh taobh timpeall air, agus léiríonn sé an chodarsnacht sin arís agus arís eile ina chín lae le linn na dTrioblóidí. D'éirigh cúrsaí taistil an-chontúirteach sa tréimhse corraitheach seo agus ní raibh aon dul as ag Murphy ach taisteal ó áit go háit ag bailiú. Toisc nár éirigh leis an gCoimisiún mótar a chur faoi (Briody, 2007: 247), bhíodh sé amuigh go poiblí ón nóiméad a d'fhág sé a theach féin, agus gheobhaidh an léitheoir radharc glinn ar an taobh sin dá eispéireas mar bhailitheoir, eispéireas uathúil i measc na mbailitheoirí, dar ndóigh.

Uaireanta, ní raibh aon dul as aige ach dul ag bailiú níos cóngairí dá bhaile féin, agus faoi mar a tharla sé, bhí seoid de sheanchaí ar leac a dhorais, darbh ainm Frank 'Wings'

Campbell. Bhailigh Murphy ana-chuid béaloidis uaidh, agus iad suite i gcúinne i dtigh tábhairne i bForchill, Co Ard Mhacha. Is suimiúil an caidreamh idir Murphy agus Campbell atá léirithe sa chín lae, agus conas a d'éirigh le Murphy cnuasach Campbell a mhealladh uaidh, fad is a bhí scrios na coimhlinte ar siúl taobh timpeall orthu.

Faoi mar a tharla sé, cuireadh teach Michael J. Murphy féin faoi ruathar go mion minic i gcaitheamh an ama sin, agus roinneann sé an t-eispéaras sin linn sa chín lae. Bhí air an dlí a chur ar Rialtas na Breataine toisc gur dhein an tArm scrios ar a chnuasach páipéirí le linn ruathair amháin, agus bhuaigh sé cúiteamh. Is dócha go bhfuil tráchtas eile sa chás sin. Chuirfeadh sé ag gol tú an méid a d'fhulaing sé, agus tá an oiread sin le staidéar insan chuid sin den chín lae nach bhfuil spás sa tráchtas seo chuige, faraor. D'aistrigh Michael J. agus a bhean chéile go Baile Bhailtéir, Co an Chabháin, ag deireadh na 1980í, chun faoiseamh a fháil ó na ruathair ar a theach, agus b'shin an áit a fuair sé bás sa bhliain 1996.

Fathach ba ea é Michael J. Murphy i measc na mbailitheoirí, agus tá mórchuid le foghlaim againn as a bheith ag díriú ar an gcín lae a sholáthar sé don chartlann. Áitím i gCaibidil 5 gur chomhlíonn Michael J. Murphy a chuid dualgaisí oibre ar bhonn proifisiúnta agus sainiúil. Ag an am chéanna, nocht sé a chroí ina chín lae, ionas gur éirigh leis saothar le luach breise a bhronnadh ar Chnuasach Bhéaloideas Éireann, atá ar fáil anois ar mhaithe le taighdeoirí as an iliomad disciplíní acadúla. B'shin é an aidhm a bhí ag Michael J. Murphy féin riamh, agus bhí sé chun tosaigh ar chuid dá lucht comhaimsire nuair a bhain sé leas as teicneolaíocht nua a linne féin, ar nós an clóscríobhán, an ceamara, an raidió, agus an teilifís, mar áiseanna chun suim a chothú sa chultúr traidisiúnta. Déanfar machnamh ar an turas taighde a bhí agam féin go pearsanta agus conas a ndeachaigh an turas i bhfeidhm orm: Míneofar conas a d'oscail an taighde doras dom nach rabhas riamh ag súil leis, agus go bhfuilim ana-bhuíoch as an eispéaras sin a chuir go mór leis an tuiscint atá agam ar an mbéaloideas mar léann, agus orm féin mar shaoránach na tíre seo.

An Mhodheolaíocht

1.1 Seoladh Isteach

Tá cur síos anseo thíos ar an modheolaíocht a bhain mé úsaid as chun tábhacht chín lae Michael J. Murphy a thabhairt chun solais. Chuige sin, bhí taighde leabharlainne, cartlainne agus taighde sa ghort le déanamh. Bhí cuid de na foinsí leabharlainne agus cartlainne in aice láimhe i Leabharlann Boole in Ollscoil Chorcaí, agus cuid eile i gCnuasach Bhéaloideas Éireann in Áras John Henry Newman in Ollscoil Bhaile Átha Cliath. Thug mé cuairt ar an Leabharlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath ar thóir cuid de shaothar cruthaitheach Michael J. agus a chomhfhreagras leis an údar, Benedict Kiely, an duine a bhaist 'The Last Druid' air. Thug mé cuairt ar chartlann BBC Northern Ireland, i mBéal Feirste, áit ina bhfuil cnuasach den mhéid a chraol Michael J. Murphy i dtaisce, agus thug mé cuairt ar PRONI i mBéal Feirste chun go léifinn cuid de chomhfhreagras Michael J. Murphy leis an bfile John Hewitt, a luaigh sé ina chín lae. Chuir mé aithne ar roinnt daoine gairmiúla sna heagraíochtaí thuasluaite a raibh aithne phroifisiúnta acu ar Michael J. Murphy. Rinneadh taighde i gceantar dúchais Murphy in Ard Mhacha Theas agus chuir mé aithne ar a mhac agus a iníon, agus ar chuid de na baill de Chuimhneamh, an eagraíocht oidhreachta atá lonnaithe i dTí Chulainn, Mullach Bán, Co. Ard Mhacha. Thugas cuairt ar roinnt mhaith de bhailte agus sráidbhailte atá luaite aige sa chín lae, ar nós Gleann Choll, an Ómaigh, Crois Mhic Lionnáin, Cathair Ard Mhacha, an t-Iúr, an Pointe, Inis Ceithleann, agus An Blaic i gCo. Chabháin. Rinne Michael J. Murphy a lán dá chuid oibre i dtithe tábhairne, agus bhuaileas isteach chuig roinnt de na tithe tábhairne a luann sé agus labhair mé leis na tábhairneoirí agus daoine áitiúla, i dtreo is gur bhuail mé le roinnt mhaith daoine a raibh aithne phearsanta acu ar Michael J..

Taighde coinbhinsiúnach a bhí i gceist leis an taighde leabharlainne dar ndóigh, agus is dócha go bhféadfainn an tráchtas a scríobh gan aon chuairt a thabhairt ar Thuaisceart Éireann, ach

chuir na turasanna sin go mór leis an tuiscint a fuaireas ar inspreagadh Michael J. Murphy, agus ar a phobal agus ar chúrsaí polaitíochta Thuaisceart Éireann. Le linn mo shaoil ar fad bhí mé ag brath ar na leabhair staire agus ar an earnáil iriseoireachta i gcomhair an eolais a bhí agam maidir le Cúige Uladh, ach is bocht iad na foinsí sin suas leis an tuiscint atá le fáil as tamall a chaitheamh in áit agus aithne a fháil ar mhuintir na háite.

1.2 Taighde Leabharlainne

Dar ndóigh, bhí mórán le léamh ó phinn na laochra a raibh baint acu le dul chun cinn an Léann Dúchais in Éirinn ó thús, ionas go bhfuaireas radharc ar chúlra an léinn, agus cur amach ar fhealsúnacht na ndaoine sin a bhí mar fhostóirí ag Michael J. Murphy. Chomh maith leis sin, bhí corpas fairsing litríochta a bhaineann le béaloideas, agus go háirithe le béaloideas an Tuaiscirt, le cíoradh, ionas go bhféadfainn Michael J. a lonnú i bhfráma an léinn.

Ní féidir saoldearcadh agus inspreagadh Michael J. Murphy a thuiscint gan cúlra polaitiúil Thuaisceart Éireann a chur san áireamh. Dá bhrí sin níor mhór dom mo chuid machnaimh agus léimh a dhéanamh ar an Tuaisceart mar spás polaitiúil faoi leith. Fad is a bhíos ag dul ar aghaidh le léamh na gcíona lae, bhí orm na heachtraí ar dhein Murphy tagairt dóibh a nascadh le míreanna nuachta an lae sin, ní hamháin mar gheall ar aimsir na dTrioblóidí, ach le linn an ama ar fad a bhí Michael J. gníomhach mar bhailitheoir. Sa tslí seo bhíos in ann na heachtraí a luaigh Michael J. a chur i gcomhthéacs, agus go bunúsach, tuiscint níos fearr a fháil ar an méid a bhí á rá aige, cur i gcás mórthéamaí na dTrioblóidí, an Ghluaiseacht Cearta Síbhialta, feachtas an *IRA*, forghabháil Airm na Breataine, agus an Polasaí Scaoileadh Chun Marú. Chuige seo, bhí an suíomh de chuid Ollscoil Uladh ar a nglaotar CAIN (Conflict Archive on the Internet) thar a bheith áisiúil, go háirithe maidir le ré na dTrioblóidí.

1.3 Taighde Cartlainne

Tá Cnuasach Bhéaloideas Éireann caomhnaithe in Ollscoil Bhaile Átha Cliath, mar a bhfuil bunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha a bhaineann le béaloideas agus nósanna na nGael ar fáil. Tá an Cnuasach cláraithe ar Chlár Chuimhne an Domhain UNESCO, mar aitheantas ar an tábhacht domhanda a bhaineann leis. Ar an dea-uair, bhí mé in ann na cíona lae agus ana-chuid de chnuasach Murphy i gCnuasach Bhéaloideas Éireann a léamh ar mhicrifíseanna sna Bailiúcháin Speisialta i Leabharlann Boole, in Ollscoil Chorcaí.

Maidir leis an gcín lae, bhíos ag faire amach le míreanna a thaispeánann cumas Murphy comhthéacs a chur in iúl, a thugann a chur chuige mar bhailitheoir chun solais, agus a léiríonn a shaoldearcadh féin. Bhíos ag faire amach chomh maith le tuairiscí mar gheall ar imeachtaí a bhí ag titim amach sa tsochaí le linn an ama a bhí Murphy gníomhach mar bhailitheoir proifisiúnta.

De réir mar a chuireas aithne ar Michael J., fuaireas tuiscint níos doimhne ar an ábhar sa chín lae. Níor mhór na leathanaigh den chín lae a léamh cúig nó sé bhabhta thar tréimhse ama chun tuiscint cheart a fháil ar an luach sa bhreis a chuireann sé leis an gCnuasach, agus thugas gnéithe úra faoi deara le gach athléamh.

Léigh mé cuid de na cíona lae a sholáthar roinnt bailitheoirí lánaimseartha eile a bhí ag treabhadh an ghoirt in áiteanna éagsúla den tír le linn ré Murphy, chomh maith le cuid den mhéid atá foilsithe ag scolairí eile mar gheall orthu, chun go bhfaighfinn cur amach ar na difríochtaí a bhí le feiscint idir na cíona lae éagsúla, go háirithe i gcomparáid le cín lae Murphy. Tá na cíona lae an-éagsúil óna chéile, agus is amhlaidh go raibh saoirse áirithe ag na bailitheoirí maidir leis an méid a chuir siad san áireamh iontu. Cuireann an éagsúlacht seo le

saibhreas an Chnuasaigh, mar a léirítear i gcín lae Murphy. Ba mhinic é ag déanamh iontais ina chín lae an raibh an méid a bhí á scríobh aige féin oiriúnach do chín lae in aon chor, ach bheartaigh sé leanúint ar aghaigh ar aon chuma. Má bhain an tuairisc le Murphy féin mar bhailitheoir, bhí an tuairisc ábharach don Chnuasach, dar leis. Ritheann sé liom go bhfuil an saibhreas seo ábhairín faoi cheilt dá mbeadh duine ag brath ar an gcatagóiriú a deineadh ar an gCnuasach chun teacht ar ábhar. I mo chás féin, is tré thimpist a tháinig mé ar chín lae Murphy agus ar an saibhreas a bhaineann léi.

1.4 Taighde sa Ghort

Cé gur deineadh formhór den taighde cartlainne i Leabharlann Boole in Ollscoil Chorcaí, ag baint úsáide as na micrifíseanna d'ábhar Chnuasach Bhéaloideas Éireann, mheasas go raibh sé tábhachtach turas a thabhairt ar an gcartlann i mBaile Átha Cliath, chun na bunchóipeanna a fheiscint, agus cur amach a fháil ar an Ionad ina bhuil bunchóipeanna de shaothar Murphy i dtaisce. Theastaigh uaim blaiseadh d'aitmeasféar an Chnuasaigh a fháil, agus chuir an turas crot ar an méid a bhí foghlamtha agam mar fhochéimí mar gheall ar an gcartlann áirithe seo, agus ar an gcartlann béaloidis mar choincheap. Fuaireas cur amach ar na prótacail a leanann taighde i gcartlann. Thugas faoi deara cur chuige na gcartlannaithe, atá ag iarraidh bóthar an taighde a réiteach don taighdeoir, agus atá ag iarraidh ag an am chéanna an t-ábhar a chaomhnú, le meas don ábhar féin agus dóibh siúd a sholáthar an t-ábhar. Tá Cnuasach Bhéaloideas Éireann ábhairín faoi cheilt istigh in Ollscoil Bhaile Átha Cliath. Tá an dealramh air go bhfuil easpa foirne ag cur isteach ar an méid gur mhaith le foireann an Ionaid a chur i gcrích, agus ar an teacht atá ag taighdeoirí ar an ábhar. Is amhlaidh go mbeidh ról lárnach amach anseo ag an digitiú maidir le taighde agus scaipeadh ábhar na cartlainne seo, mar a pléifear níos déanaí i gCaibidil a Trí.

Toisc go bhfuil trácht ina chín lae ar na drámaí a d'eisigh Michael J. Murphy, agus ar an gcomhfhreagras agus ar an gcaidreamh idir é agus scríbhneoirí iomráiteacha ar nós Benedict Kiely agus John Hewitt, bheartaíos dul go Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i mBaile Átha Cliath, áit ina bhfuil cóipéanna de chuid mhaith dá shaothar cruthaitheach, atá as cló anois, ar fáil, chomh maith le cuid dá chomhfhreagras le Benedict Kiely, ón mbliain 1971 go 1984 (Murphy, n.d). Theastaigh uaim cuid den ábhar sin a fheiscint agus a léamh, go háirithe *Men on the Wall* (Murphy, 1956). Is dráma é seo a luann sé go mion minic ina chín lae i gcomhthéacs na dTrioblóidí i dTuaisceart Éireann. Is léir ón gcín lae go raibh Michael J. Murphy cráite mar gheall ar an dráma sin le linn aimsir na dTrioblóidí, toisc go raibh an dráma ag tuar na dTrioblóidí na déaga de bhlianta sular bhris siad amach.

Chuaigh mé go PRONI i mBéal Feirste chomh maith, áit ina bhfuil breis agus trí chéad go leith litir idir Murphy agus an file iomráiteach, John Hewitt, i dtaisce (Murphy, n.d.), ach ní bhfuair mé ach blas den ábhar sin. Is é mo bharúil gur fiú go mór tuilleadh taighde a dhéanamh ar an gcomhfhreagras áirithe seo.

B'fhiú na turasanna thuasluaite toisc gur chuir mé aithne níos doimhe ar Michael J. Murphy féin agus ar na rudaí a bhíodh ag cur tinnis air. Chuir na turasanna seo le mo chuid eolais mar gheall ar an gcartlann i gcoitinne, agus ar Michael J. Murphy mar scríbhneoir cruthaitheach agus mar chomhfhreagraí, dhá rud a bhí ana-lárnach ina shaol.

1.5 Cartlann BBC Uladh

Thugas turas eile ar an Tuaisceart i Mí Lúnasa, 2013, chun cuairt a thabhairt ar Chartlann Fuaime BBC Uladh, atá suite taobh le Daonpháirc Uladh i gCultrá, Béal Feirste. Is léir gur thuig Michael J. Murphy tábhacht na n-áiseanna nua-aimseartha chun an béaloideas a chaomhnú agus a scaipeadh, agus d'aithin sé na deiseanna úra a tháinig ar an bhfód leis an raidió agus an teilifís. Ní coincheap suntasach sin dúinne sa lá atá inniú ann, ach

d'fhéadfaimís a rá gur machnamh ceannródaíoch a bhí ann don ré sin - na 1950í/1960í/1970í nuair a bhí Michael J. ag craoladh go rialta leis an BBC Uladh, le Raidió Éireann, agus eile.

Chaitheas lá i gCartlann BBC Uladh, ag éisteacht leis na cláracha raidió a chraol Michael J., agus ag breathnú ar dhá chlár teilifíse dá chuid. Ba dheas liom a ghuth a chloisint agus é a fheiscint ar an scáileán, toisc go gcuireann sin leis an nasc pearsanta atá agam mar thaighdeoir le Michael J. Murphy mar ábhar taighde. Chuaigh an stíl shoiléir inar éirigh leis tábhacht a cheirde a chur trasna, agus an tuiscint dhomhain a bhí aige ar a cheird, i bhfeidhm orm. Anuas air sin, b'eispéireas faoi leith é an chuairt a thugas ar an gcartlann fuaime, BBC Uladh, agus an léiriú a fuaireas ar na noirm a fheidhmíonn san earnáil chraoltóireachta maidir le taighde agus le smacht a choiméad ar an ábhar cartlainne.

1.6 An Chartlann mar Choincheap

Go dtí le déanaí, deineadh talamh slán de gur ábhar siocaithe neamhchorraithe, le húdarás docheistithe ba ea an t-ábhar atá caomhnaithe i gcartlann, agus ba chuma cad é bunús na heagraise a chuir pé cartlann atá i gceist ar bun. Anois, áfach, is iomaí scoláire atá ag ardú ceisteanna maidir le coincheap na cartlainne i gcoitinne, agus cé go bhfuil difríochtaí bunúsacha idir gnáthchartlann agus cartlann béaloidis, baineann cuid de na ceisteanna agus dúshláin le cartlann béaloidis gach oiread chomh maith le haon chartlann eile.

Bhí sé riachtannach domsa a bheith feasach mar gheall ar roinnt de na ceisteanna agus na dúshláin atá ardaithe ag scoláirí maidir leis an gcartlann béaloidis, agus machnamh agus taighde a dhéanamh ar an gcartlann mar choincheap. Bhí ceisteanna ar nós cad is cartlann ann, cad chuige cartlann, cad é atá curtha san áireamh, cad atá fágtha ar lár agus cén fáth, agus staid/stádas na gcartlann éagsúla. Níor mhór dom mo chuid machnaimh a dhéanamh ar an gcartlann ina bhfuil cnuasach Michael J. Murphy caomhnaithe, i gcomhthéacs roinnt de na ceisteanna seo, agus an tábhacht a bhaineann leis an gcartlann a iniúchadh i gcomhthéacs

roinnt de na heilimintí a imríonn tionchar ar an ábhar cartlainne féin a chur san áireamh. Dá bhrí sin, ba mhór an rud é go raibh na turasanna thuasluaite déanta agam roimh ré, ionas go mbeinn in ann na ceisteanna atá ardaithe mar gheall ar an gcartlann a nascadh leis an eispéireas atá agam fhéin den chartlann mar thaighdeoir.

1.7 Forbairt ar an Obair Pháirce

Mar fhorbairt ar an aithe a bhí á chur agam ar Michael J. Murphy, a d'imigh ar shlí na fírinne sa bhliain 1996, bheartaigh mé ar thuiscint a fháil ar na ceantair agus na daoine a bhí lárnach ina shaol laethúil pearsanta agus proifisiúnta. Theastaigh uaim aithne a chur ar Murphy mar bhailitheoir, mar fhear teaghlaigh, agus mar bhall dá phobal féin.

Is féidir iarracht a dhéanamh aithne a chur ar dhuine tríd an méid atá scríofa aige, agus scríofa mar gheall air, a léamh, ach anuas air sin, b'iontach an rud é blaiseadh a fháil de na háiteanna inar chónaigh sé, inar ól sé, agus inar bhailigh sé. Bhain mé úsáid as an teileafón agus thug mé cuairteanna go Tuaisceart Éireann chun an t-eolas a bhí riachtannach dom a fháil. Chuir mé aithne ar dhaoine a raibh gaol acu le Michael J. Murphy, agus daoine eile a bhí mór leis as aicmí éagsúla, idir a mhuintir, scoláirí, agus a chomharsana. Rinne mé iarracht cur amach a fháil ar an sochaí inar mhair seisean agus a scéalaithe trí roinnt ama a chaitheamh ó thuaidh, agus as a bheith ag caint le daoine. Sa chaoi sin, d'éirigh liom blaiseadh a fháil den oidhreacht a d'fhág sé ina dhiaidh ina cheantar féin chomh maith.

Faoi mar atá luaite cheanna, bhíodh Michael J. ag craoladh go rialta le BBC Uladh. Tá Cartlann Fuaime BBC Uladh suite i gCultrá, Béal Feirste, agus b'é an chéad nasc a bhí agam le héinne i dTuairsceart Éireann ná an glaoch gutháin a chuireas ar an gCartlann, a dheimhnigh dom go bhfuil cnuasach sách mór sa Chartlann a bhaineann le Michael J. Murphy. An lá céanna sin, luaigh an Cartlannaí go raibh ócáid le heagrú i dTí Chulainn, ag deireadh na bliana 2013, chun Michael J. a chomóradh, céad bliain cothrom lena bhreith.

Chuaigh mé i dteagmháil gutháin le Tí Chulainn, agus fuair mé cuireadh cuairt a thabhairt ar an Ionad.

1.8 Oidhreacht Michael J. Murphy ina Cheantar Féin.

Ionad Pobail is ea Tí Chulainn, atá mar áis don phobal áitiúil agus do thurasóirí araon, suite ag bun Shliabh gCuilinn, áit dhúchais Michael J. Murphy. Tá ionad comhdhála, seomraí cruinnithe, agus ceithre sheomra lóistín déag, ann. Tá eagraíocht lonnaithe i dTí Chulainn ar a nglaotar Cuimhneamh, agus aidhm acu cnuasach béaloidis as cuimhní na ndaoine áitiúla a chur le chéile as caipéisí, griangraif, agallaimh agus físeáin. Saol agus obair Michael J. Murphy atá mar inspreagadh acu, agus b'iad siúd a d'eagraigh an chéad chomóradh ar shaol Michael J. Murphy ar 15-17 Samhain 2013, agus a leanann ar aghaidh le Scoil Gheimhridh agus le suíomh idirlíne tiomnaithe dó.

Cuireadh fáilte agus fiche romham i dTí Chulainn. Chaitheas cúpla lá i dteannta Kevin Murphy, cara, ní gaol, le Michael J., agus ball de Chuimhneamh. Thiomáin Kevin Murphy timpeall an cheantair ar fad im' theannta. Tá cur amach cuimsitheach ag Kevin mar gheall ar shaoldearcadh mhuintir Shliabh gCuillinn, ar an tírdhreach in Ard Mhacha Theas, ar chúlra polaitiúil an cheantair, agus ar Michael J. Murphy féin agus a mhuintir. Bhí brat Phoblacht na hÉireann ar chrocadh in áiteanna áirithe ó Thuaidh, agus leachtanna cuimhneacháin na Stailceoirí Ocrais agus na nÓglach Éireann le feiscint go forleathan. Bhí brat na Ríochta Aontaithe ar crocadh i tsráidbhailte eile, fiú in airde ar spuaic an tséipéil i gcuid acu. Ní bhíonn a leithéid sin le feiscint i ndeisceart na tíre agus baineadh geit bheag asam nuair a thrasnaigh mé an teorann, ní mór dom a admháil.

Is ceantar AONB (Area of Outstanding Natural Beauty) de chuid Rialtas na Breataine é Sliabh gCuillinn, agus tráchtann Murphy arís agus arís eile ina chín lae ar an gcaidreamh fisiciúil agus spioradálta a bhraith sé idir é féin agus an sliabh. Rinne mé ana-chuid den

taighde páirce faoi scáth an tsléibhe chéanna, agus níl aon amhras ach gurb é an sliabh croílár fisiciúil an cheantair, lán d'éagsúlacht solais agus dathanna, agus bainteach go lárnach le miotaseolaíocht ársa na hÉireann. Thaispeáin Kevin na háiteanna agus na tithe dom inar chónaigh Michael J.. Chonaic mé na tithe ar Shliabh gCuillinn inar bhailigh sé béaloideas, iad tréigithe anois, agus na tithe tábhairne inar ól sé. Labhair Kevin mar gheall ar an bhfear féin agus cuid den mheonaigne a bhí aige i dtaobh an tsaoil. Thiomáineamar timpeall chuig na suíomhanna sa cheantar atá tábhachtach ó thaobh chúrsaí polaitiúla agus cultúrtha araon. Chuir sé ina luí orm cé chomh neamhchoitianta is a bhí Michael J. Murphy mar fhear: Duine neamhspléach, ríchruthraitheach, nach raibh mórán foighne aige le míchothromaíocht, bréagchrábhadh ná caolaigeantacht.

Chaitheas cúpla lá eile thart ar Dhomainn Tí i m'aonar, ag tiomáint ar ais chuig na háiteanna a thaispeáin Kevin Murphy dom, agus ag caint le daoine gan choinne mar gheall ar Michael J.: Fear ar thaobh an bhóthair ag tabhairt fios na slí dom, mar shampla, a raibh aithne aige ar Michael J., nó an tábhairneoir sa teach tábhairne iomráiteach i nDromainn Tí, an Three Steps, a bhí gaolta leis, agus a thóg isteach i leithreas na bhfear mé chun dhá ghriangraf an-deas de Michael J., a bhí crochta ar an bhfalla, a thaispeáint dom.

Déanann Ray Cashman cur síos ina shaothar dar teideal *Visions of Irish Nationalism* (2008), ar an gcaoi ina bhfuil múrphictiúir chomh feiceálach sna bailte sa Tuaisceart mar thaispeántas polaitiúil. Cé nach bhfuil múrphictiúir le feiscint amuigh fén tuath, bíonn siombailí ceannsmachta agus frithbheartaíochta neadaithe sa ghnáth tírdhreach, atá dofheiceithe don strainséar.

> What appears to the outsider as a picturesque roadside setting is in fact, to local nationalists, the spot where a Protestant paramilitary, in collusion with the security forces, gunned down local Sinn Fein activist Patrick Shanaghan. What appears to the outsider as a welcoming pub in the one-shop village of Killeter is in fact, to local

> nationalists, the spot where a Protestant paramilitary detonated a car bomb that killed a young Catholic woman crossing the street to mail her wedding invitations.
>
> … Nothing on the surface tips us off to the fact that for many rural nationalists the categories of politics, ethnicity, locality, and sacred power are utterly collapsed. (Cashman 2008: 373-376)

Fuaireas tuiscint ar an gcoincheap thuas luaite ón méid eolais a roinn Kevin Murphy liom agus muid ag taisteal timpeall Ard Mhacha Theas. Léirigh sé an bhrí infheistithe i ngach teach, crosbhóthar, bealach, teach tábhairne, agus araile, atá mar chuid de chultúr na háite, nithe nach bhfuil soléir don strainséir. Chuaigh an coincheap seo go mór ina luí orm, agus taobh istigh den chomhthéas seo, chuir an turas seo go mór leis an tuiscint atá agam ar an saol a chaith Michael J. Murphy, agus ar an méid a bhí le rá aige ina chín lae.

Chuir Kevin ina luí orm gur mhór go deo aige féin go mbeadh an chín lae tugtha chun solais, agus thug sé cuireadh dom mo chuid oibre a chur faoi bhráid an phobail ag an gcomóradh deireadh seachtaine i Mí na Samhna, 2013, agus arís i 2015, rud a dheineas. I measc na ndaoine a d'fhreastal ar an scoil bhí daoine áitiúla, muintir Murphy, baill foirne de Chnuasach Bhéaloidis Éireann, daoine ó Ghleann Choill, na Glinnte Aontroma, An Blaic, agus Rachlainn. An chéad bhabtha, dhíríos isteach ar an gcín lae féin, agus giotaí a thaispeáin cén saghas doiciméid atá ann. Go bhfios dom, b'é sin an chéad uair gur pléadh an chín lae go poiblí.

Le linn na Scoile 2013, thug an file, craoltóir, agus iriseoir Gearmánach, Michael Augustin, léacht mar gheall ar an tréimhse a chaith sé i dteannta Michael J. agus é ina mhac léinn ag Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath le linn na 1970í. Rugadh Michael Augustin in Lubeck na Gearmáine sa bhliain 1953. Rinne sé staidéar ar Litríocht Angla-Éireannach agus an Béaloideas in Ollscoil Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Kiel. Is scríbhneoir agus craoltóir é. File, drámadóir, údar, agus aistritheoir is ea é chomh maith. Bronnadh Gradamh Friedrich-Hebbel agus Gradam Kurt-Magnus air. Cuireadh ó thuaidh é chun tréimhse a chaitheamh le

Michael J. Murphy chun go bhfaigheadh sé taithí ar an saghas oibre a bhí á dhéanamh aige. D'éirigh an bheirt ana-mhór lena chéile, agus roinn sé taifead d'agallamh a chuir sé ar Michael J. leis an lucht éisteachta, ina bhfuil cur síos ar an bhfeachtas bailiúcháin, agus léiriú ar an meon aigne a bhí ag Michael J. i dtaobh a chuid oibre.

Bhronn Michael Augustin cóip den agallamh sin orm, agus thug sé cead dom é a chur leis an tráchtas seo mar aguisín, ar mhaithe le scoláirí eile. Bhí an t-agallamh ana-chabhrach domsa mar thaighdeoir toisc gur chuir sé leis an eolas a bhí agam, ní hamháin mar gheall ar chur chuige oibre Michael J. Murphy, ach ar a phearsantacht chomh maith. Is agallamh é seo a bheadh an-áisiúil d'éinne atá ag iarraidh blas a fháil ar imeachtaí na mbailitheoirí le linn na 1970í, nó d'éinne atá ag lorg sampla d'agallamh eitneagrafaíoch mar áis teagaisc ar mhaithe le fochchéimithe.

'A Sense of Place' a bhí mar théama na scoile 2015. Dhíríos isteach i mo chur i láthair féin ar an bhféiniúlacht a léirigh M.J. Murphy ina chín lae agus i gcuid dá cholúin nuachtáin, agus léiríos an tuiscint a bhí agamsa maidir le feidhm chomhaimseartha a chuid smaointe maidir le bánú na tuaithe, rialtas lárnaithe, agus buntáistí an rialtais cheantraigh.

Maidir leis an dá chur i láthair sin, chuir an réamhobair agus an dianmhachnamh a bhí le déanamh agam go mór leis an tuisint a bhí agam ar Michael J. Murphy agus cé chomh tábhachtach is atá a chín lae mar fhoinse eolais maidir le Cnuasach Bhéaloideas Éireann, maidir leis féin, agus maidir leis an bpobal as a dtáinig sé.

1.9 Cnuasach Príobháideach Murphy

Chuir Kevin Murphy mé in aithne do mhac le Michael J., Peter Murphy, a bhfuil cónaí air i mBaile Átha Cliath, agus bhuaileas isteach chuige Lá na Craoibhe Iomána, 2013. Chuir sé an-fháilte romham, agus labhair sé mar gheall ar an saghas athar ba ea Michael J., agus an

saol teaghlaigh a bhí acu fad is a bhí Peter ag fás aníos. Thug sé le fios go mbeadh fáilte romham dul ag breathnú ar chnuasach príobháideach Michael J. a bhí fós i dtaisce i dteach a mhic, Micheal, i mBaile Átha Cliath an uair sin, rud a dheineas an bhliain dar gcionn, i dteannta le Kevin Murphy thuasluaite, ball de Chuimhneamh. Tá beagnach 40,000 leathanach sa chnuasach céanna, é bronnta ar PRONI agus ina seilbh anois.

Is é atá sa mhéid seo thíos ná achoimre Kevin Murphy do PRONI dá bhfuil i gcnuasach príobháideach Michael J. Murphy. Chuir Kevin an liosta chugham ar ríomhphost.

FILE CONTENTS	NUMBER OF ITEMS	NUMBER OF PAGES
Plays	39	5158
Radio and TV Scripts	55	4350
Diary/Journal/Notes	15	3570
Poems	3	172
Social Cultural	394	9129
Newspapers	12	12
Letters	38	2573
Photographs (Rathlin)		28
Short Stories & Prose Poems	8	4042
Folklore Collections	4	1450
Legal Documents	1	40
Miscellaneous	3	1330
Books	31	5695
Local History	2	200
Total Number	644	39147

D'fhéadfaí a rá go bhfuil ana-chuid anseo gurb fhéidir staidéar a dhéanamh air, cé go bhfuil an obair sin taobh amuigh de scóip an tráchtais seo.

1.10 Conclúid

Cé go bhfuil an taighde leabharlainne agus cartlainne mar chuid lárnach den tráchtas seo, ghlan an taighde sa ghort rian na teibíochta den ábhar a bhí faoi chaibidil agam. Thuigeas ón tús go raibh eilimintí bainteach leis an staidéar seo a chuir taobh amuigh dem' chrios compórd mé, go háirithe maidir le cúrsaí polaitíochta, toisc go dtagann Michael J. Murphy as

ceantar a bhí go mór i mbéal an phobail ar bhonn diúltach le linn na dTrioblóidí i dTuaisceart Éireann. Bíonn dhá insint ar gach scéal, agus bhí orm a admháil go rabhas aineolach agus claonta nuair a thosaigh mé amach ar an staidéar seo. Bhraith mé ábhairín náireach ós chomhair na ndaoine ar bhuail mé leo ó thuaidh, toisc go raibh ana-chuid bearnaí i mo chuid eolais mar gheall ar an méid a ghabh siad tríd leis na blianta fada anuas, fad is a bhí saol breá compórdach agamsa ó dheas. Chuimhníos ar an méid a dúirt Michael J. Murphy mar gheall ar mheon aigne cóir an bhailitheora agus é ag dul i measc an phobail: 'He must know how to tread delicately: he is intruding on the souls of a people' (1973:16).

Toisc gur chín lae atá i gceist agam mar phríomhfhoinse don tráchtas seo, ní haon ionadh go bhfuil inbhreathnú láidir le braiscint sna hiontrálaithe. Cothaíonn sin suim, agus tugann sin údarás don cháipéis mar fhoinse taighde. D'áitigh Murphy go tréan go gcaithfear gnáthshaol agus cuntais phearsanta na ndaoine a iniúchadh chun stair shóisialta an phobail sin a thuiscint. Is éard a d'fhág seisean féin ina dhiaidh ina chín lae ná bunfhoinse phearsanta, ghlinn, lánbhrí, maidir le stair shóisialta d'áit áirithe agus i dtréimhse áirithe, is é sin le rá, pobal na Teorann i lár an 20ú haois. Ní féidir an méid a scríobh sé a thuiscint i gceart gan cur amach a bheith ag an taighdeoir ar shaoldhearcadh an scríbhneora agus ar an gceantar a thug an t-inspreagadh dó.

2 Cnuasach Bhéaloideas Éireann (C.B.É.): Cúlra, inspreagadh, agus nodanna faoi cad atá i ndán do chnuasach Michael J. sa ré dhigiteach

2.1 Seoladh Isteach

> Folklore archives document and fill the gaps in the cultural memory of humanity ... Folklore archives are collections of unpublished research materials created during fieldwork (including fieldwork in the digital world), through correspondence or in cooperation with private collectors in order to document cultural expressions; and institutions whose main goal is to collect, preserve and provide public access to such materials. (Chernyavska, 2018: 29)

Tá tuairisc chuimsitheach mar gheall ar chúlra agus ar mhodh oibriúcháin Choimisiún Bhéaloideas Éireann ar fáil i saothar Mícheál Briody, den teideal *The Irish Folklore Commission 1935-1970 History, ideology, methodology* (2007), a chabhraíonn linn cúlra C.B.É. a thuiscint. Sin ráite, ba mhaith an rud é radharc creatlach a thabhairt ar C.B.É. agus na dúshláin agus ceisteanna iar-nua-aimseartha atá ardaithe le tamall anuas maidir le feidhm agus todhchaí na gcartlann béaloidis agus ról an digitiú in earnáil na cartlainne, toisc an diospóireacht seo a bheith ábharach do chnuasach agus do chín lae Murphy. Déanfar trácht freisin ar an obair atá ar siúl ag stiúrthóirí C.B.É. chun an t-ábhar atá ann a chur ar fáil mar áis eolais agus taighde i gcomhthéacs ré na nua-theicneolaíochta, agus cad iad na himpleachtaí a bhaineann leis an obair seo i gcomhthéacs chín lae Murphy. Ní mór na nithe seo a choimeád ós ár gcomhair agus muid ag déanamh measúnú ar obair agus chín lae Murphy.

2.2 C.B.É. - Fréamh Fhealsúnach agus Borradh na hOibre

Bunaíodh an chéad eagraíocht san fheachtas chaomhnú béaloidis, an Cumann le Béaloideas Éireann, sa bhliain 1927 agus b'é an mana a bhí acu ná *Colligite quae superaverunt*

fragmenta, ne pereant. Eoin 6.12. B'é aidhm an Chumainn ná oidhreacht cultúrtha na hÉireann a chaomhnú agus a scaipeadh, agus féiniúlachas na n-Eireannach a chur chun cinn mar phobal ársa, léannta, le cultúr maorga faoi leith dá gcuid féin acu. Bhí práinn áirithe ann ar fud na cruinne ó thaobh bailiú béaloideasa, toisc go raibh an ré nua-aimseartha ag teacht chun cinn, ach bhí práinn sa bhreis in Éirinn toisc go raibh ag teip ar an nGaeilge, agus bhí ana-chuid den scéalaíocht, seanchas agus araile fréamhaithe i measc lucht labhartha na Gaeilge. Tar éis cúpla bliain, d'aithin bunatheoirí an Chumainn go raibh gá le heagraíocht níos foirmeáilte, agus d'éirigh leo maoiniú áirithe a fháil le haghaidh na hoibre ón Rialtas, agus cuireadh tús oifigiuil le heagraíocht nua, Institiúid Bhéaloideas Éireann, i Mí Aibreáin na bliana 1930 (Ó Catháin 2005: 85-100). Bhí obair na hInstitiúide sin srianta, áfach, de cheal dóthain maoiniú agus neamhspleáchais ó thionchar an Rialtais, agus ní go dtí an bhliain 1935, nuair a bunaíodh Coimisiún Béaloideasa Éireann, le foireann buan, agus stádas oifigiúil fé chúram Roinn an Oideachais, go raibh an feachtas bailiúcháin, inar ghlac Michael J. Murphy ról, faoi lán seoil (Briody 2007: 76 & 92-101). Fós féin, bhíodh fadbhanna de shíor le sárú maidir le heaspa maoine, agus easpa foirne a bhí oilte don obair a bhí idir lámha. Saorstát nua a bhí in Éirinn, dírithe ar stát le féiniúlachas cultúrtha agus géilleagar neamhspléach a fhorbairt. Bhíodh lucht an Choimisiúin ag brath ar pé rialtas agus pé aire a bhíodh i gcumhacht ag an am maidir le tacaíocht agus maoiniú, agus cé gur leag lucht an rialtais béim ar chultúr na nGael agus caomhnú teangan, bhí fadbhanna tromchúiseacha polaitiúla agus eacnamaíochta le réiteach acu chomh maith. Dá bhrí sin, bhíodh sé deacair maoiniú agus tacaíocht a fháil le haghaidh na hoibre a bhí ar siúl ag an Stiúrthóir Oinigh, Séamus Ó Duilearga, agus a chomhghleacaithe (Briody, 2007: 107-126, 129-131, 151-174, 177-182).

2.3 Séamus Ó Duilearga (1899-1980) agus Seán Ó Súilleabháin (1903-1996)

Séamus Ó Duilearga a d'aimsigh Michael J. Murphy mar bhailitheoir, agus is léir ón gcomhfhreagras go raibh ana-chuid teagmhála idir é féin, an Cartlannaí, Seán Ó Súilleabháin,

agus Michael J. Murphy i gcaitheamh na mblianta. Is léir go raibh ardmheas acu ar Murphy agus gur bhain sé an-spreagadh as an tacaíocht a thug an bheirt thuasluaite dá chuid oibre.

Scoláire Ceilteach agus duine de bhunaitheoirí an Chumainn le Béaloideas Éireann ba ea Ó Duilearga. Rugadh é i mBun Abhann Dalla, Co Aontroime, agus cuireadh oideachas 3ú leibhéal air i mBaile Átha Cliath. Tháinig sé in inmhe faoi scáth Chogadh na Saoirse agus thosaigh sé a shaol acadúil mar léachtóir cúnta ag Dúbhghas de hÍde in Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Ó Catháin, 2008: 85).

Is mar seo a léirigh Diarmuid Ó Giolláin an ról lárnach a bhí ag Ó Duilearga san fheachtas bailiúcháin agus caomhnaithe ó thosach deiridh, agus an meon aigne a bhí aige i dtaobh na hoibre:

> The influence of Ó Duilearga, the key figure in Irish folklore studies for half a century, is crucial, both from his formal position and from his charismatic personality. With knowledge of many European languages, he was well versed in international folklore and philological scholarship and his contacts with other countries were extensive. A cultural pessimism regarding the future of Gaelic culture informs much of his work, and he was preoccupied with rescuing the remnants of the Gaelic past. (Ó Giolláin, 2017:81)

Seán Ó Súilleabháin (1903-1996) ab ainm don phríomhchartlannaí, a d'oibrigh leis an gCoimisiún ón tús go dtí go ndeachaigh sé ar scor sa bhliain 1974, agus is iomaí litir idir Ó Súilleabháin agus Michael J. Murphy atá caomhnaithe sa chartlann. Ba é Séamus Ó Catháin a lean Ó Súilleabháin mar Chartlannaí sa bhliain 1974, agus is mar seo a labhair seisean mar gheall air:

> He acquired a practically unrivalled overview of every aspect of Irish folk tradition which, allied to his knowledge of the Uppsala system, facilitated the production of *A Handbook of Irish Folklore* (1942), the *vade mecum* of field workers and an indispensable source, not only for students of folklore in Ireland, but for research workers in folklore and kindred studies in many parts of the world. (Ó Catháin, 1997: 106)

Arís agus arís eile, tráchtann Michael J. Murphy cé chomh tábhachtach is a bhí sé go raibh lucht an Choimisiúin buíoch de as a chnuasach, agus cé chomh uaigneach nó aonaránach is a bhí an obair sa ghort, faoi mar a léiríonn an mhír seo a luann litir ó Sheán Ó Súilleabháin, ar an 9 Feabhra, 1954:

> A letter arrives just now from Sean. It is always so good, and necessary to me, to know the material continues to please and impress: I sometimes get the extraordinary impression that I am collecting, inquiring and writing as a solitary soul. In a way that notion could be good, too: it maintains the sense of urgency subconsciously.
> (C.B.É. 1388: 38. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

2.4 Na Bailitheoirí

Luann Briody ionchur na mbailitheoirí mar ghné den fheachtas bailiúcháin gur chóir tuilleadh oibre a dhéanamh air, agus iarracht is ea an tráchtas seo chun cuid den bhearna sin a líonadh, as aird a tharraingt ar chín lae Michael J. Murphy.

Fostaíodh bailitheoirí lán-aimseartha agus páirt-aimseartha chun béaloideas a bhailiú ar son C.B.É. Bhí cearthar is fiche bailitheoirí lán-aimseartha ag an gCoimisiún i gcaitheamh na mblianta, cé nár fhan cearthar déag acu siúd níos faide ná cúig bliana (Briody, 2007: 227-307, 526, 527). B'iad na bailitheoirí lán-aimseartha agus fad-sheirbhíseacha ar nós Seán Ó'hEochaidh (Ó Tiarnaigh, 2015), Tadhg Ó Murchú (Ó hAilín, 1975), Seosamh Ó Dálaigh (Tyers, 1999), Seán Ó Cróinín (Ó Duinnshléibhe, 2012), Michael J. Murphy (Murphy, K, 1998), agus Michael J. Murphy (Ó Tiarnaigh, 2015), a rinne obair na gcapall thar na blianta fada chun go mbeadh, mar a dheimhníonn Ríonach uí Ógáin (2010), cnuasach béaloideasa ar cheann de na cnuasaigh is fairsinge agus is fearr ar dhroim an domhain caomhnaithe in Éirinn.

Bhí sé mar chúram ar na bailitheoirí lán-aimseartha a gcuid oibre a chur i gcrích, agus chomh maith leis sin, cín lae a líonadh. B'é príomhfheidhm na cíne lae an chéad lá riamh ná tuairisc maidir le comhthéacs an ábhair agus dul chun cinn na hoibre ó lá go lá a sholáthar (Briody

2007: 434-443). Anois go bhfuil scoláirí ag déanamh staidéir ar Chnuasach Bhéaloideas Éireann mar chorpas oibre le mórán taobhanna éagsúla, tá tábhacht na gcíona lae mar fhoinse luachmhar agus údarásach ag teacht chun solais, mar a áitíonn Briody: *'*The diaries of the full-time collectors must be considered among the gems in the Commission's crown*'* (Briody 2007: 443).

B'iomaí cor ar an mbóthar a lean Michael J. Murphy agus a chomhbhádóirí san fheachtas bailiúcháin, arbh fhiú tuilleadh taighde a dhéanamh orthu, ach is éard atá mar thoradh ar an obair ar fad thuasluaite ná Cnuasach Bhéaloideas Éireann, atá, maraon leis an Leabhar Cheanannais, cláraithe mar shuíomh aitheanta ag an Eagraíocht Oideachais Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO) Memory of the World Register - clár atá dírithe ar oidhreacht dhoiciméadach an domhain a chaomhnú, agus a chur chun cinn.

2.5 Dúshláin agus Ceisteanna atá Ábharach don C.B.É.

Cabhraíonn Kolovos linn an chartlann béaloidis a lonnú in earnáil na gcartlann, nuair a thráchtann sé ar na hocht gcoincheap atá le cur san áireamh. Léiríonn na coincheapanna sin go bhfuil bunús an-éagsúil ag an gcartlann béaloidis, taobh leis an gcartlann choitianta:

> These concepts include group, art, text, genre, performance, context, tradition and identity. Taken collectively these ideas situate folklore as creative action (art), grounded in a social base (group, context, identity, tradition), and shaped by formal rules (text, genre, performance). Folklore archives act as repositories for folklore by serving as sites for the preservation, organization and continued accessibility of discrete representations of this specific class of human creative behaviour. (Kolovos, 2010: 15)

Cur síos maorga ar an gcartlann béaloidis atá thuas, gan amhras, a nascann le chéile gnéithe éagsúla den Léann Dúchais, agus a fhreagraíonn go maith do C.B.É. mar chur síos. Le roinnt mhaith blianta anuas, tá scoláirí ar fud na cruinne ag athbhreithniú ar an gcartlann béaloidis, agus tá an t-athrú paraidíme a lean an t-athbhreithniú sin ábharach do C.B.É. maraon le gach

aon chartlann béaloidis eile. Bhí dlúthbhaint agus dlúthchaidreamh riamh idir ceannairí an fheachtais bailiúcháin anseo in Éirinn agus scoláirí sna tíortha Lochlannacha. Cuireadh oiliúint ar Ó Duilearga, Ó Súilleabháin, agus a thuilleadh nach iad, sna tíortha sin maidir le cur chuige na hoibre. Bhí tionchar tábhachtach ag modhanna oibre a bhí i bhfeidhm acu siúd thall ar an gcóras bailiúcháin in Éirinn, agus ar an saghas cnuasaigh atá i dtaisce inniu, toisc gur bhrath ceannairí an Choimisiúin go mór ar chomhairle a gcomhghleacaithe thar lear (Briody 2007: 86-95, 116-119, 241-243, 272-274, 318-321, 336-337, 375-403, 430-440). Dá bhrí sin, ní mór dúinn aird a thabhairt ar scéal na Lochlannach agus an méid atá ag titim amach anois ó thaobh na cartlannaíochta ansin nuair atáimid ag machnamh ar scéal C.B.É. agus ag déanamh measúnú ar ionchur Murphy.

Déanann an tIoruach, Heide, cur síos ar an athrú paridíme a thit amach le linn na 1970í nuair a thosaigh scoláirí agus taighdeoirí ag tabhairt cúl láimhe don taighde traidisiúnta ar an ábhar cartlainne béaloidis. Chas scoláirí i dtreo staidéar ar chultúr comhaimseartha agus topaicí nua, mar shampla, modhanna oibre, comhthéacs an bhailithe, ról na scéalaithe, cur chuige na hoibre, agus araile. Bhí roinnt scoláirí míshásta leis an méid a bhí fágtha ar lár, agus leis an iarracht a d'aithin siad chun íomhá ideálach a chruthú don saol a bhí imithe:

> ... folkloristics/ethnology/cultural studies have been less interested in pre-modern folk tradition since the 1970s, particularly in Scandinavia ... The focus up until then had been on collecting the oldest traditions in rural communities, ones that were on the verge of being forgotten ... But the factor that led directly to new orientation in the 1970s was 'the New Perspectives' in American folkloristics in the 1960s and 1970s, which shifted the focus of folkloristics/ethnology in the direction of contemporary culture and modern mass culture. (Heide, 2018: 241)

Bíodh sin mar atá, chonaic Michael J. Murphy feidhm sa bhreis, atá fós le meas, don ábhar a sholáthar seisean, mar a léiríonn sé ina chín lae ar 1 Samhain 1949:

> After all, I have lived by free-lance writing and broadcasting alone since February 1946 when I ceased working for the Commission. I could still do so. Why take up folklore collecting then in Tyrone? Sometimes I cannot rightly say why: Some curiosity maybe to get at their lore, to compare it, to gauge its depths. And because I

> want to collect it. I tell myself now and then that, if for a moment, I thought the collections were for statistical records on a shelf; and not bearing the power to awaken a real sense of national being and awareness when related to modern cultural trends. Then I tell myself that if I thought I was helping merely to fill shelves I would stop – and perhaps help to fill second hand book barrows with my own efforts instead. But in my heart I feel that, when materialism lets us down – as it must – this seed of a peoples' mind will be right for sowing. If I thought that none ever would I wonder would I go on with this work?
> (C.B.É. 1466: 13. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Ag trácht ar staid cúrsaí sa tSualainn, léiríonn Heide nach raibh dul amú ar Murphy:

> Visitors to the archives are largely schoolchildren, local history groups or people with a general interest, and to an increasing extent, academics from disciplines other than folkloristics/ethnology/cultural studies, such as comparative literature, religious history, and particularly general history. (Heide, 2018: 242)

Ag filleadh ar an athrú paraidíme, ní mór a aithint go bhfuil ceisteanna ann maidir le comhthéacs ábhair i gcartlann, agus tráchtann Geiger et al. ar an topaic seo, go háirithe maidir le hábhar taifeadta agus an fheidhm a bhaintear as an ábhar seo mar fhoinse taighde:

> A key concern is that archived data has lost its context, or that even if some contextual information is provided, that this will not quite be enough, that in any case the transcript of an interview, with no matter how much metadata attached, will never have all its context, that a transcript is not an interview, and of course, indeed, it never can be. It is something else, perhaps an artefact of the research process. Elsewhere it has been argued that the data has been recontextualised in a new project. (Geiger et al. 2001: 26)

Luíonn an méid seo thuas le ciall, agus tagann sé le modh smaointe níos forbartha ná mar a bhí an cás ag tús an fheachtais bailiúcháin. Idirghníomhaíocht idir bailitheoir agus faisnéiseoir is ea bunús an ábhair i gcartlann béaloidis. Nuair a bhaintear ath-úsáid as an ábhar céanna mar fhoinse taighde tar éis dó a bheith caomhnaithe sa chartlann, ní mór a bheith feasach mar gheall ar cad é atá i gceist san ábhar sin, agus na láidreachtaí agus na laigí a bhaineann leis, ar a laghad. Is gné é seo den taighde cartlainne atá ana-thráthúil maidir le hobair Michael J. Murphy agus C.B.É.

Mar a áitíonn Chernyavska (2018: 25), ní rud siocaithe atá i gceist le cartlanna béaloidis, agus bíonn ábhar iontu ina chuireann a leithéidí agus antraipeolaithe, eitnicheolaithe, socheolaithe, staraithe, éiceolaithe daonna, lucht staidéar inscne, cine, agus an gnáthphobal suim, maraon le béaloideasóirí. Is sampla iontach cín lae Murphy sa chomhthéacs seo, toisc an cumas atá inti taighdeoirí ó réimse leathan disciplíní a mhealladh, rud a ghineann tuilleadh ábhar taighde.

Molann Chernyavska go gcuirfeadh cartlannaithe atá i bhfeighil na gcartlann tipiciúla agus na gcartlann béaloidis suim in obair a chéile, ionas, ar thaobh amháin, go leigheasfaí cuid de na fadhbanna atá ag an gcartlann béaloidis maidir le cur chuige cartlannaíochta rianúil, agus go gcloisfí a nguth, agus ar an taobh eile, go bhféadfadh le cartlannaithe nach bhfuil baint acu le béaloideas radharc úr a fháil ar luach na cartlainne béaloidis sa chomhthéacs foriomlán:

> ... to test emerging postmodern definitions of archives, and thus move towards inclusivity of forms, genres, media, as well as context of archival records creation. By entering the current discussions in archival theory, the folklore archives could sharpen their self-reflection, and because they are equipped differently, they could provide alternative solutions to some of the present day archival challenges. (Chernyavska, 2018: 24-25)

Maidir leis an digitiú, agus, dar ndóigh, scaipeadh oscailte ar an idirlín, níl aon amhras ach go bhfuil gnéithe agus ceisteanna úrnua tábhachtacha le cur san áireamh mar atá ráite ag Geiger, et al:

> For some, the internet increasingly approximates the Foucauldian notion of the archive as the collection of all potential statements, constantly being transformed and recast (Foucault 1972: 126-131). While often seen as an extremely versatile depository of documents, facts and information, the internet constantly changes and transforms the information posted. While some suggest that the internet will never become 'more than a place to begin and end the research journey' (Sentilles 2005: 155), and that the internet cannot replace the laborious process of research whether in the field collecting information, interviewing subjects or visiting archives or organised depositories of documents and artefacts, for others a thorough appreciation of the impact of the internet, digitisation projects and web 2.0 technologies necessitate a rethinking of the archive, making it a subject of social and historical inquiry. (Geiger et al: 2010:10)

Athróidh áiseanna taighde uilíoch ar nós digitiú agus teicneolaíocht faisnéise, a bhainfidh úsáid as digitiú, clibeáil agus logartaim, an bóthar don chartlann béaloidis amach anseo, agus tá an diospóireacht maidir leis na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis an topaic seo faoi lán tseoil anois.

> Rather than being limited by the classification systems and organisational or collection principles that informed the creation of a collection, a multimodal representation of the data allows for shifting perspectives on the archive. Consequently, the questions we can ask – and answer – are different from those of the past. (Tangherline, 2013b luaite ag Heide, 2018: 244)

Cuireann O'Carroll (2018: 337-359) i gcuimhne orainn, áfach, nach n-oireann scaipeadh ar líne, agus go háirithe scaipeadh oscailte, le gach saghas ábhair cartlainne, agus go bhfuil ana-chuid fadhbanna ag baint leis an gcur chuige seo. Cuireann sí comhairle an-tábhachtach orainn seasamh siar beagáinín ón deifir atá orainn ábhar cartlainne a scaipeadh ar líne, agus an-chuid dianmhachnaimh a dhéanamh maidir le heiticí, príomháideachas, meas, agus muinín, sula thosóimid ar scaipeadh sa tslí seo.

Bhí Michael J. Murphy féin agus a fhaisnéiseoirí ana-fheasach mar gheall ar an gceist ceannan céanna, cé go raibh siad ag deáileáil le tírdhreach teicneolaíochta an-difriúil. Bunús an chaidrimh idir an bailitheoir agus an faisnéiseoir ba ea rúndacht agus discréid. Deir Murphy ina chín lae go mbíodh sé de shíor ag athdheimhniú leis na faisnéiseoirí go gcuirfí an t-eolas a thug siad dó i dtaisce i gcartlann, ar mhaithe le staidéar acadúil amháin, agus nach gcraolfaí ná foilseofaí é choíche. Murach an tuiscint sin, bhí a fhios ag Murphy narbh fhiú a bheith ag labhairt leis na faisnéiseoirí:

> [The collector] must nevertheless have that extraordinary patience and the ability of an actor: he must arrange for people to get to know him rather than he getting to know the people: he must assure them by behaviour as well as by word of an absolute respect for secrecy. (Murphy, 1973: 16)

Tráchtann sé ar an gcoincheap seo go mion minic ina chín lae, mar shampla sa mhír seo thíos nuair a chuireann sé dearcadh na bhfaisnéiseoirí in iúl:

> ... "only the sort of a man you are and the way you have of putting the thing I'd never dream of mentioning some of the things I told you: I'd never admit them to a stranger."
>
> A stranger…! But there it is again: The secret folklife that sustained the people. The 'outsider' who gets what he believes is 'intimate' never even scrapes the surface of the soul of the people...
>
> "Ten minutes talking to you I knew you were right; I wondered at first, but then I seen you knew. Now I know I was right, too. I wouldn't whisper to another."
>
> If my phrasing and context implies a somewhat sardonic spirit behind the impulse of this writing it is not so: I am grateful for the above, the confidence. But then---I know.
> (C.B.É. 1388: 169. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Más idirghníomhaíocht idir an bailitheoir agus an faisnéiseoir atá i gceist, is é ceist na linne seo ná cad é an tionchar a d'imreodh feasacht go mbeadh ábhar curtha ar fáil ar líne ar ionchur na mbailitheoirí agus na bhfaisnéiseoirí?

Maidir le digitiú agus scaipeadh leictreonach, ní mór a chur san áireamh gurb é an duine a dhéanann an cinneadh mar gheall ar na hiarsmaí ba cheart a chur ar fáil go leictreonach atá i gceannas ar an sraith eolais, go háirithe anois nuair atá daoine ag déanamh an oiread sin taighde ar líne in ionad cuairt fhisiciúil a thabhairt ar an gcartlann. Ciallaíonn seo go gcruthaíonn an ré dhigiteach an oiread céanna fadhbanna is a réitíonn sí. Ní bhaineann seo le hábhar cartlainne agus taighdeoirí cartlainne amháin, áfach, mar is ceist uilíoch í.

Tá stiúrthóirí Chnuasach Bhéaloideas Éireann ag iarraidh córas eagrú eolais a fhorbairt a éascaíonn taighde ar an gCnuasach chomh maith (Ryan agus MacCárthaigh (2018: 297-322). Tá C.B.É. páirteach i scéim le tamall anuas faoi choimirce Thaisclann Dhigiteach Éireann 2021, chun córas taighde bunaithe ar teasárais mar uirlis chuardaigh éifeachtach a fhorbairt. Cruthaíodh téasaras píolótach bunaithe ar 350 téarma ó *A Handbook of Irish Folklore* (Ó

Súilleabháin, 1942), ach áitíonn Ryan agus MacCárthaigh go bhfuil gá le hionchur saineolaithe béaloidis, teangeolaithe, agus saineolaithe eagrú eolais, ionas go n-eagrófaí córas chuardú eolais fairsing: '... which take into consideration the characteristics of collections in Ireland and elsewhere, as well as the needs of all the folklore community, both now and in the future*'* (Ryan and Mac Cárthaigh, 2018: 320). Is dócha go bhfuil bóthar mór fada amach rompu san obair seo.

2.6 Conclúid

Ina leabhar *The Archive Project: Archival Research in the Social Sciences* (2017), áitíonn na socheolaithe acadúla, Moore, Salter, Stanley agus Tamboukou, go bhfuil éabhlóid ag titim amach maidir le teoiric, modheolaíocht agus cur chuige na cartlannaíochta maidir leis na hathruithe atá ag tarlúint de réir a chéile mar thoradh ar ré na teicneolaíochta. Tráchtann siad ar díreach an saghas ábhair atá caomhnaithe i gC.B.É. mar ábhar cartlainne atá inghlactha anois mar fhoinse taighde ag disciplíní acadúla éagsúla: '... other sources (including oral recordings, photographs, organisational records, census data, leaflets and ephemera)' (2017: 3). Ag trácht ar an gcartlann béaloidis, d'fhéadfaimis a rá gurb é atá i gceist ná próiséas éabhlóide ón gcóras a bhí, nuair a leagadh béim ar shéanraí, foshéanraí agus araile, ar mhaithe leis an staidéar comparáideach, go córas a aithníonn agus a éascaíonn taighde ar thopaicí réamh-nua-aimseartha agus nua-aimseartha araon.

Maidir le Cnuasach Bhéaloideas Éireann, bhí, agus tá, tionchar ag réimse leathan de chuinsí ar an gcnuasach atá in Áras John Henry Newman inniu, ach i ndeireadh na dála níl aon amhras ach go raibh scil nó easpa scile na mbailitheoirí amuigh sa ghort mar chuid lárnach den fheachtas a líon an chartlann. D'fheidhmnigh Michael J. Murphy i gceantar agus in atmaisféar a bhí éagsúil go leor i gcomparáid leis na bailitheoirí eile a bhí gníomhach lena linn. Lean a thréimhse oibre thar daichead bliain, agus tá cur síos ina chín lae ar na hathruithe

sochaí agus ar na cuinsí sóisialta a bhain le ceantar na Teorann lena linn. Duine ba ea é le cur chuige oibre sofaisticiúil agus dea-fhorbartha, agus dea-scríbhneoir ealaíonta ba ea é, agus dá bhrí sin, sholáthar sé cnuasach agus tuairisc faoi leith, nach bhfuil a leithéid le fáil in aon fhoinse eile, go bhfios dom. Measaim gur éirigh le Murphy an dá thrá a fhreastal: Sholáthar sé cnuasach breá béaloidis, le comhthéacs fairsing, ar mhaithe leo siúd a chuireann suim sa chultúr réamh-nua-aimseartha; ag an am céanna, sholáthar sé cuntas tábhachtach comhaimseartha ina chín lae, ar mhaithe leo siúd a dhíríonn a n-aird ar an gcultúr comhaimseartha agus/nó i bpróiséas na hoibre trí chéile.

Mar fhocal scoir ag an gcaibidil seo, áitím go bhfuil C.B.É. agus na cíonna lae, go háirithe cín lae Murphy, ábhartha don taighde comhaimseartha. Tá fiainise againn gur thuig Michael J. Murphy an ábharthacht sin, mar atá mínithe aige ina ráiteas le linn an chláir BBC Northern Ireland, den teideal Profile of Michael J. Murphy: "You see, what you could say is this: That we are working in the present, on the products of the past, for the purposes of the future" (23.55 Community Archive. BBC Northern Ireland. Profile of Michael J. Murphy). B'fhéidir go dtagann an ráiteas sin leis an méid atá le rá ag Moore et al nuair a deir siad: '... the contents of all archives are always read and understood within the present moment because of the particular concerns that lead researchers to investigate a particular collection or set' (2017: 3).

Is mór an rud é go bhfuil scoláirí na linne seo ag breathnú ar an gcartlann béaloidis agus ar gach a thit amach in earnáil Léann an Dúchais, go háirithe ón uair a tharla an t-athrú paraidíme go dtí an lá atá inniu ann, le himpleachtaí na ré teicneolaíochta curtha san áireamh (Harvilahi et al., 2018). Is mór an rud é chomh maith go bhfuil suim á chur ag scoláirí sna seoda atá sna cíona lae atá i dtaisce i gCnuasach Bhéaloideas Éireann, toisc go líonann na cíonna lae bearnaí áirithe maidir le comhthéacs, cur chuige na hoibre, stair smaointeachais, agus scéal comhaimseartha na mbailitheoirí. Tá cín lae Michael J. Murphy thar a bheith

tábhachtach sa chomhthéacs seo mar is í an t-aon chín lae sa Chnuasach atá scríte as Béarla - agus dá bhrí sin, tá teacht uirthi ag scoláirí nach bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu - agus dar ndóigh, toisc í a bheith chomh cuimsitheach agus nádúrtha agus atá. Maidir le féidearachtaí digiteacha na linne seo, áfach, ní mór cuimhneamh go gcaithfear a bheith discréideach maidir le cín lae Murphy, mar is tuairisc phearsanta atá inti, agus tá rudaí luaite inti nach bhfuil oiriúnach le bheith scaipthe go hoscailte ar líne. Dá mba rud é go raibh a fhios ag Murphy to dtiocfadh an lá go mbeadh an cumas ann chun an méid atá sa chín lae a scaipeadh sa tslí seo, an ndéanfadh sé athmhachnamh maidir leis an méid a chuir sé inti, nó an dtabharfadh sé cead é a scaipeadh? Sin rud ná fíos, agus dá bhrí sin, b'fhearra bheith cáiréiseach, gan feall a imirt air. Dar le O'Carroll, tá mórán le plé fós, agus cé go bhfuil sí ag caint go háirithe mar gheall ar thaifeadtaí digiteacha, tá an méid a deir sí ábharach maidir le cín lae Murphy agus a leithéid gach oiread chomh maith:

> Is truly informed consent attainable in the context of potential online access, particularly in the case of interviews that explore everyday life in a conversational style? It is at this point beyond us to know, let alone communicate, the uses that might be made of interview content, in research, politically, artistically, or commercially, when material is discoverable and easily replicated and manipulated. (O'Carroll, 2018: 341)

3 ‘The Last Druid’ – Próifíl Michael J. Murphy (1913-1996)

3.1 Seoladh Isteach

Sa chaibidil seo, déanfar cur síos ar chúlra pearsanta Murphy, agus ar na cúinsí a mhúnlaigh é agus é ag fás aníos. Míneofar cúiseanna cén fáth nach raibh móran deiseanna aige maidir le hoideachas foirmiúil agus maidir le fostaíocht. Déanfar cur síos air mar scríbhneoir cruthaitheach, agus beidh tagairt do roinnt dá ábhar foilsithe, chomh maith le blaiseadh den chomhfhreagras idir é agus a chomhghleacaithe liteartha agus gairmiúla. Déanfar cur síos freisin ar a mheon aigne agus ar a chur chuige i dtaobh a chuid oibre. Féachfaimid ar an tuiscint a bhí ag Murphy maidir le bailiú ábhair, agus ar a dhearcadh i dtaobh na scéalaithe agus na cíne lae. Léireofar na cleasanna as a bhain sé úsáid agus na bunphrionsaibil a bhí ina aigne agus é i mbun oibre.

3.2 Óige Michael J. Murphy

Rugadh Michael J. Murphy i Learpholl i Mí an Mheithimh, 1913, agus cailleadh é an 18ú lá de Mhí na Bealtaine, 1996, ag Baile Bhailtéir, Baile an Ghearláinigh, Co an Lú. Imircigh de bhunadh Dhromainn Tí, Deisceart Ard Mhacha, ba ea a thuismitheoirí, Susan Campbell agus Michael Murphy, beirt a cuireadh amach in aimsir nuair nach raibh ach deich mbliana d’aois sáraithe acu. Chuaigh scéalta a dtuismitheoirí mar gheall ar an drochshaol a bhí acu mar sclabhaithe feirme go mór i bhfeidhm ar Michael J., agus feictear sa mhír síos anseo as alt a scríobh sé don nuachtán *Hibernia* sa bhliain 1939, mar gheall ar na haonaigh haidhreála, go raibh coinsias sóisialta dea-fhorbartha aige ón uair a bhí sé ina dhuine óg:

> If anyone doubts that the hiring fair is not a fundamental factor in bringing disdain and contempt upon labour in the land, a visit to a hiring ground will provide an enlightening study. The hiring fair is the only channel through which farm labour of both sexes must trudge to seek work in districts outside their own locality: about them, on the hiring grounds, rests the embarrassment of the slave. (Murphy, 1939: 5)

Tá cóip den alt iomlán ceangailte mar Augisín a hAon ag deireadh an thráchtais seo.

Bhog an teaghlach ar ais go Paróiste Dhromainn Tí in Ard Mhacha Theas, nuair a bhí Michael J. in aois a hocht mbliana agus d'fhreastal sé ar an mbunscoil áitiúil. Sular fhill siad ó Learpholl, bhíodh an nós ag a mhuintir thall a bheith ag reacaireacht timpeall na tine istoíche:

> ... I had been born into the cult across the Irish Sea in Liverpool. My parents and relatives, all Irish emigrants, used to gather in for a fireside céillí: I had heard that word. No one deliberately urged that I should listen. But from a seat on our fender around the range of our hearth in Eden Street in Liverpool I heard other idioms and had them explained later by my mother. (Murphy, 1973: 9)

Nuair a d'fhill siad ar Ard Mhacha Theas, d'fhill siad ar phobal ina raibh an airneán mar chuid lárnach den saol, agus thosaigh Michael J. ag foghlaim na nósanna agus deasghnátha a bhí riachtannach chun feidhmiú sa phobal sin. Scéalaithe den chéad scoth a bhí ina thuismitheoirí araon (Murphy, 1988:77), agus is mar seo a thiomnaíon sé a leabhar *Now You're Talking* dóibh: 'To the Memory of My Mother and Father. My First Storytellers' (1975: 3).

Mairnéalach ba ea a athair, a raibh an domhan siúlta aige, agus ba chara é le Séamas Ó Conghaile agus Jim Larkin. Lean Michael J. é ar bhóthar an Dhaonlathais Shóisialta. Reibiliúnaigh a bhí iontu aroan, mar atá léirithe sa chín lae ar an 2/11/1949:

> My father is always nervous of initial meetings with officials – he has a great respect for all sorts of authority – I have none. My school-master, Patrick Hearty, who said before all the classes one day, that if he had anything to do with me he would "stand me on Newry Hiring Ground" also added that "I was a born rebel from the feet up". Then he mimicked my gammy, limping walk "before the people when serving Mass". So I prepared to fire an ink-well at him. At which he reminded me that my father once might have killed Barney Larkin, the master, when he fired a slate at him! Good on my father! He was a rebel, too ... But what has this to do with Folklore collecting in Tyrone? Well, not much, unless it indirectly shows up something of the man who is going there.
> (C.B.É. 1446: 7-8. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Scríobhaí agus file Gaelach ba ea sin-sheanathair Michael J. Murphy. WilliaM.J.ordan ab ainm dó, ó Tiffcrum, Foirceal, Co Ard Mhacha. Bhí cistin anraithe aige le linn an Ghorta Mhóir, chun chur i gcoinne na cistine a bhí ag an Reactaire Protastúnach áitiúil (Murphy 1998: 77), comhartha eile gur de shliocht shaor smaointeoirí ba ea Murphy.

Thosnaigh Michael J. ag obair mar sclábhaí feirme nuair nach raibh sé ach trí bliana déag d'aois, sa bhliain 1926, agus ní dócha go raibh mórán rogha aige. Ní róshaibhir a bhí a theaghlach, agus ní rófhlúirseach na deiseanna a bhí ag Caitliceach óg gan oideachas foirmeálta sa Tuaisceart agus Michael J. ina fhear óg. D'fhéadfaí a rá go raibh tionscalaíocht an Tuaiscirt lonnaithe ar an móramh sna ceantair san oirthear, agus, mar atá áitithe ag scoláirí éagsúla, claonta i gcoinne na náisiúnaithe; claonadh a ndeachaigh go fada siar, agus a dheimhnigh go bhfanfadh cumhacht pholaitiúil na nAontachtaithe i réim (Hoare, 1981: 152-175). Anuas air sin, nascann Hoare na polasaithe eacnamaíochta agus polaitíochta seo le bunús na dTrioblóidí sa Tuaisceart: 'it contributed to Catholic feelings of economic discrimination ... and thus the civil ferment that ultimately overwhelmed Stormont and the monolithic Unionist party' (Ibid., 1981: 173). Léireofar an tionchar tábhachtach a d'imir na Trioblóidí ar shaol Murphy níos déanaí i gCaibidil a Sé.

3.3 Michael J. Murphy in Inmhe Fir

Bailitheoir béaloideasa, gearrscéalaí, úrscéalaí, drámadóir, iriseoir, colúnaí, griangrafadóir, agus craoltóir ba ea Murphy. Bailitheoir neamhchoitianta ba ea é toisc gur fhoilsigh sé ana-chuid dá shaothar scríbhneoireachta féin le linn an ama a bhí sé ag feidhmiú mar bhailitheoir gairmiúil. Go bhfios do Briody, ba é Murphy an t-aon duine amháin a choimeád cóipeanna dá chín lae, agus an t-aon bhailitheoir amháin a d'fhoilsigh leabhar bunaithe ar a chín lae, saothar den teideal *Tyrone Folk Quest* (Murphy, 1973), (Briody, 2007: 423). Is amhlaidh go mbaineadh sé úsáid as clóscríobhán agus páipéar carbóin, agus murach go raibh na cóipeanna

sin aige, ní dócha go n-éireodh leis an leabhar sin a fhoilsiú, nó ar a laghad bheadh sé i bhfad níos deacra, toisc nach mbíodh mórán teagmháil ag na bailitheoirí lena gcuid lámhscríbhínní ón uair a chuirtí ar aghaidh chuig an gCeannáras iad, de ghnáth. Luann Murphy ina chín lae nach raibh cead ag na bailitheoirí an t-ábhar a bhailíodar a fhoilsiú ná a úsáid ina gcuid scríbhneoireachta féin, agus leagann sé béim ar an muinín agus ar an iontaobhas a bhí riachtannach idir an bailitheoir agus an scéalaí nó an seanchaí ionas go mbeidís compórdach agus oscailte leis an mbailitheoir.

Bhí caidreamh agus comhfhreagras ag Michael J. Murphy le lucht litríochta ar fud na tíre, daoine ar nós John Hewitt, Paddy Kavanagh, Benedict Kiely agus Roy McFadden, gan trácht ar Maud Gonne McBride agus L.A.G. Strong, a mhol a chuid scríbhneoireachta agus é ina fhear fíor-óg (Murphy K, 1998: 80). Scríobh Maude Gonne chuig Michael J. Murphy ag deireadh na 1940í, á spreagadh mar scríbhneoir, rud a ndeachaigh i bhfeidhm go mór air:

> The strange mood of Slieve Gullion and the land it influenced began to intrigue me. I tried to interpret this amid work in the bog and mountain fields in terms of tradition heard or in evocative prose-poems, especially at harvent which particularly moved and excited me. I was thrilled when one such piece brought me a letter from Maud Gonne MacBride who wrote: '... I have read your article "The Eve of Harvest" and I think we share many thoughts, though you are young and I am so old and tired. I understand so well how some little thing like your head of shot grain can evoke a dream more vivid than what we sometimes call reality, and take one into the World where Time is not, and you have the rare power of describing it ...' (Murphy, 1973: 9)

Bliain chinniúnach ba ea 1941 do Michael J. Murphy, toisc gur foilsíodh a chéad leabhar *At Slieve Gullions Foot* (Murphy, 1941), sa bhliain sin, agus fostaíodh é mar bhailitheoir páirtaimseartha le Coimisiún Béaloideasa Éireann:

> I was working late at a threshing mill in Padgey O'Hare's in Dromintee in 1941 when news was brought that I was urgently wanted at home. Of course, I feared the worst: my mother knew one was expected to stay at a threshing until the job was finished, even if it went on past midnight.

> At home I got the surprise of my life to learn why my mother had been unable to restrain sharing her sheer delight as she held up a copy of *At Slieve Gullions Foot*, her voice silent, her eyes brimming ...
>
> Next morning's post brought a letter from a Dr. Séamus Delargy, Hon. Director of the Irish Folklore Commission at University College in Dublin, inviting me to join the collecting staff of the Folklore Commission. (Murphy, 1983: 2)

Chuir Harry Tempest, Dungalgan Press, profa den leabhar *At Slieve Gullion's Foot* (Murphy, 1941), chuig Séamus Ó Duilearga, agus faightear éachtaint éigin ar an meas a bhí ag Ó Duilearga ar chumas Michael J. i litir dár dáta 1/10/1941, a sheol sé ar ais chuig Tempest leis an bprofa. Tá an litir seo caomhnaithe i gcartlann i dTí Chulainn:

> I congratulate both yourself and the author on this most interesting and valuable book. Indeed the work is unique in the country. Can you think of any Irish book, or rather a book of such a kind in English dealing with the folk-culture of a district such as Slieve Gullion: The nearest is, of course, The Islandman – I had forgotten that! It is a book which you will find will be referred to as a Source. (Cnuasach Michael J. Murphy i gcartlann Thí Chulainn).

Thosaigh Murphy mar bhailitheoir lánaimseartha leis an gCoimisiún sa bhliain 1949, agus níor stad sé go dtí go ndeachaigh sé ar scor sa bhliain 1983. D'aithin Ó Duilearga féith na scríbhneoireachta i Michael J. Murphy, a lig dá léitheoirí dul ar thuras ina theannta. Maidir leis an gcín lae, nochtann Michael J. a anam inti. Tuigimid as a bheith á léamh cén saghas duine é, feicimid inár n-aigne aghaidheanna a chlainne agus a mhná chéile. Feicimid an tírdhreach trína shúile, agus cuirimid aithne ar na scéalaithe, a gcrot agus saoldhearcadh. Mothaimíd chomh maith an fhuacht, an taise, an fhearg, an frustrachas, an t-imní, an strus, an t-iontas agus an greann. Mothaimíd an phian fhisiciúil a bhíodh aige féin; (d'fhulaing sé i gcaitheamh a shaoil le cos tinn agus crampaí ina mhéaranna, mar shampla, gan trácht ar an tréimhse nuair a bhíodh sé ag úsáid gluaisrothair gan éadaí cearta chun é a chosaint ón aimsir agus ón ngaoth, rud a chuireadh tinneas millteach air.)

Bhuail an t-údar iomráiteach, Benefict Kiely le Michael J. Murphy den chéad uair thart ar an mbliain 1949, agus d'éirigh comhfhreagras eatarthu a lean ar feadh suas le daichead bliain. Is amhlaidh gur aithin Kiely é mar thobar na gaoise, mar is léir ón bpíosa seo thíos ó pheann Kiely:

> He treated us to a long talk on the history and the ground of Ireland, the ways of her people, the folk tradition and, in the end he came to the destiny of our young people in the world we live in today.
>
> He was informative and most moving, and suddenly I thought: This man here beside me is a druid, as much a part of this ancient land as the stone he sits on. He could have been here on this hillside under this oak before Patrick came. For such close wisdom could only come from centuries of meditation ... A druid from the land around Fionn MacCumhaill's mountain in south Armagh. (Murphy 1989: 8)

Cuireann friotal na míre seo thíos, ó chín lae Murphy, leis an íomhá seo de mar dhraoi:

> 17/9/1950. Just remember I haven't written one line about Harvest; and writing on it spiritually, interpretively and reminiscently each year has become with me ritualistic almost, my homage in print to the old gods of Harvest as it were.
> (C.B.É. 1724: 78 An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Is mar seo thíos a léiríonn Michael J. cad é an caighdeán a bhí á lorg aige féin in iriseoir nó scríbhneoir gairmiúil, agus is dócha go raibh seisean ar thóir an chaighdeáin chéanna sin nuair a chuir sé peann le pár:

> Diary June, 1968. A dilapidated news-cutting gives a fine opinion on the creed of a journalist (and indeed on any and all kind of writer) and is worth repeating: "To seek and to chronicle all that is good of humanity; to seek and to expose all that which is not; and to do this, not necessarily without fear, but without regard to person, pocket or prestige".
> (C.B.É. 1748: 128. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Bhí Michael J. pósta ina luathfhicidí ar bhean de bhunadh Fhoirceal, Co an Lú, darbh ainm Alice Daly, agus saolaíodh triúr mac agus iníon amháin dóibh. Deimhníonn Briody gur oibrigh Michael J. agus Alice as lámha a chéile go mion minic chun eolas, go háirithe mar gheall ar saol príobháideach na mban, a mhealladh ó na banscéalaithe (2007: 255-256). Bhí

Alice Murphy sásta na seolta a ardú agus dul chun cónaithe in áiteanna éagsúla ar fud an Tuaiscirt ar mhaithe leis an obair a bhí idir lámha ag a fear céile, agus is mór an chreidiúint atá tuillte aicisean dá bharr sin, dar ndóigh. Thosaigh siad a saol pósta i nDroimeann Tí, agus chaith siad seal i nGleann Choll, Co Thír Eoghain; na Glinnte Aontroime; ag an bPointe, Contae an Dúin; agus ar ais go Droimeann Tí, Co Ard Mhacha. Bhailigh Murphy cnuasach fairsing ar Reachlainn, agus i gCo. An Chabháin, agus Co. Shligigh chomh maith. Bhíodh sé as baile go mion minic chomh maith ag fanacht i lóistín agus é ag bailiú sna ceantair éagsúla.

Ní bhfuaireas aon tuairisc sa chín lae ná in aon áit eile ach go raibh ardmheas go deo ag ceannairí an Choimisiúin agus ag Roinn an Bhéaloidis, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, ar Michael J. Murphy, agus gur aithin siad ardchaighdeán agus tábhacht a ionchur. Is mar seo thíos a scríobh an tOllamh le Béaloideas, Bo Almqvist, i gcuimhne iarbháis mar gheall ar Michael J:

> The fruit of this collecting work – some 250 large bound manuscript volumes, amounting to in excess of 30,000 typed pages ... constitutes an invaluable body of data, covering all aspects of spiritual and material folk culture ...
>
> His manuscripts contain hundreds of lists of Ulster expressions and idioms which have already been widely used by dialectologists and will form an invaluable source for future scholars in that field ...
>
> The outspokenness and directness which were characteristic of Michael J.'s charachter are also reflected in his collections in that he did not shun from taking down and publishing expressions and stories of a kind that may have been avoided by other more puritanical collectors ... Another 'sensitive' subject that Michael J. did much to illuminate was traditions about pregnancy and childbirth as well as other aspects of women's lore ...
>
> The journals he faithfully kept throughout his career are also particularly valuable ... These detailed journals from the sixties and seventies will prove rich sources for future social historians and other scholars when it comes to drawing a true picture of the difficult conditions under which his work on folk culture had to be undertaken in those tempestuous and troubled times ...
>
> He was a totally devoted, loyal and unselfish man, with enormous courage and a hearty laugh ... (Almqvist, 1997: 362-365)

Ba bheag an tsuaimhneas a bhí ag Michael J. agus Alice le linn na dTrioblóidí i dTuaisceart Éireann, agus ba mhinic a thug Arm na Breataine ruathar fén dtigh acu. Dá dheasca sin, d'aistrigh siad go Baile Bhailtéar, Co an Lú, thart ar an mbliain 1984, mar a dheimhníonn sé ina litir chuig Benedict Kiely atá le feiscint i gcnuasach príobháideach Kiely i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann: 'Dear Ben, herewith above is now our permanent address ... Enough was more than enough for us in the Slieve Gullion abode; I'll talk about it sometime when I'm fit ... and the quietude and peace is unbelieveable ... ' (Murphy, n.d.).

3.4 Fealsúnacht Murphy i dTaobh a Chuid Oibre.

Ón uair a thosaigh sé mar sclábhaí feirme agus é ina dhéagóir, bhí nós ag Michael J. Murphy a bheith ag breacadh síos míreanna a chuala sé ó na daoine ar chas sé orthu go laethúil, cé nach raibh faic cloiste aige ag an am sin mar gheall ar an bhfocal '*folklore*' ná ar aon fheachtas bailiúcháin.

> Yet no one ever mentioned the word 'folklore'. I don't even remember having heard it in school. When I left school and went to work for local farmers there was the attraction of new lore to be heard from men and women who were my work companions. I began to note it all down, still unaware of the term 'folklore'. (Murphy, 1973: 9)

Míníonn Murphy conas a ndeachaigh sé ar an eolas maidir leis an mbéaloideas mar léann nuair a thosaigh sé ag bailiú ar bhonn proifisiúnta, agus is amhlaidh go ndeachaigh an tuiscint nua seo go mór i bhfeidhm air:

> It was only then that I began to believe I understood a profound truth. More by instinct than analysis I was convinced that the thing folk enshrined the seminal strains fundamental to the essential philosophy of the people; that it retained and motivated a mental blue-print of much contemporary impulse and idea. (Murphy, 1973: 11)

Is mar seo a léiríonn sé an tuiscint a bhí aige ar a chomharsana fhéin mar fhaisnéiseoirí ag tosach a leabhair *At Sliabh Gullion's Foot*:

> The quaint, frank and even graphic phrasing of their idiomatic speech, the simple but deep faith which marks their activities and contacts, and the old sayings and traditions remain … Their sincerity is genuine and infectious and does one good. Although they are not Gaelic speakers here, the influence of the native tongue and tradition is yet strong enough to give their speech an air and a feeling of old worth and dignity. It is at once charming and pleasant, devoid of self-consciousness; and it breathes such a freedom that one cannot but instinctively contrast it with the barren inhibitions which cripple conventional conversation. Together with this they are a very human people, ready to express and admit their feelings. Whatever conventions they respect are dictated by the heart. These people, and their contemporaries, are the real and vital keepers of tradition. When they tell one "some o'thim oul tales" they are not aware that they are doing a service to the nation and an honour to the listener. One veritably hears a breath from down the centuries, and an important breath. One hears something that has been handed down from family to family, and is yet sweetly alive for all its age. (Murphy, 1941: 9-10)

Bhí ardmheas aige ar na scéalaithe agus na seanchaithe, agus ar an saoldearcadh agus na nósanna a mhínigh conas a d'oibrigh pobal áirithe i gcuinsí áirithe. Sa mhír thíos, taispeánann Michael J. Murphy an tuiscint a bhí aige maidir le tábhacht saoldearcadh na ndaoine a nochtadh, maraon leis na mionshonraí a bhaineann lena saolta laethúla:

> He wants not only the tales people can remember and narrate but just as important the details of their lives and living as well, their very thoughts and attitudes to all kinds of human, social and religious concepts – and the same of their peoples' people as far back as the human memory can reach. (Murphy, 1973: 16)

Léiríonn sé feasacht, chomh maith, mar gheall ar an éabhlóid aigne agus nósanna a bhíonn de shíor ar siúl ag an gcine daonna:

> He must know how to tread delicately: He is intruding on the souls of a people. A Christian people have to be induced to confess to a knowledge and unspoken respect for essentially pagan beliefs and practices, even concepts sometimes in conflict with established religious authority: in conflict indeed with contemporary social norms and practices: often in confused conflict with evolving attitudes of their own. Sex beliefs and practices, for instance, aphrodisiacs, contraceptive and abortion information known and practised covertly comprise only one sub-section of the Hidden Mind of the real Hidden Ireland: the so-called Preserve of the Simple-Minded Peasant. (Murphy, 1973: 16)

Léiríonn Murphy go beacht cad é a bhí ag teastáil chun cnuasach rathúil a bhailiú. Cé gur thuig sé an drogall a bhíodh ar dhaoine a mbéaloideas a roinnt toisc go raibh drochíomhá ag

baint leis an ábhar i measc an phobail mar rud diúltach, seanfhaiseanta, gan baint le saol na tuisceana, bhraith sé féin áilleacht agus uaisleacht san ábhar. Thuig sé cé chomh tábhachtach is a bhí sé teacht, ní amháin ar na scéalaithe agus a gcuid scéalta, ach ar na nithe a bhí mar bhunchloc dá saoldearcadh.

Áitíonn Dundes (1971: 95-96), go bhfuil bunús an tsaoldearcaidh le fáil sa bhéaloideas, agus b'fhéidir gur mheas Michael J. Murphy go raibh saoldearcadh a phobail féin le tógaint faoi deara ina gcaint agus ina saol laethúil, agus bhí claonadh inmheánach i Michael J. an méid sin a thaifead.

Thuig Murphy nar mhór don bhailitheoir a bheith feasach narbh aon mhaith a bheith ag iarraidh go hoscailte ar dhaoine muinín a bheith acu as, ach a ligint don mhuinín sin teacht chucu le himeacht aimsire, agus a chur san áireamh go mbaineann náire agus rúndacht le roinnt mhaith den eolas a bhí á nochtadh acu:

> He has to win the confidence of people adroitly, and patiently be able to ask them to confess to a knowledge which, if breathed abroad, can bring down the wrath of friend and neighbour, of priest or parson – even policeman. (Murphy, 1973: 16)

Léirítear meon aigne Murphy agus an tuiscint a bhí aige ar a fhaisnéiseoirí, chomh maith lena chumas mar scríbhneoir ealaíonta san alt thíos:

> 'like a wild bees' nest: the probings as delicate as a surgeon's fingers; the initial stings of rebuttal and denial of information; the indignant or ridiculed disavowal of knowledge of such information; the buzzing sallies one endures or evades – until the first layer of inhibiting wax is reached … the folklore collector knows he has to spend months, even years with one mind. So melt the wax around the wild honey with sympathy and patience and with questions framed in confidential conversational form based on a knowledge of the working of the mind – and the honey begins to flow. Stay with the flow lest it seal again … people do not really know what they know until the recesses of their memories had been worked on. (Murphy, 1973: 18)

Arís agus arís eile i gcaitheamh a shaoil bhí ar Murphy a chuid oibre a chosaint i gcoinne an dearcadh nach raibh aon mhaith sa bhéaloideas, agus nach raibh ann ach baothchreideamh

agus seanaimsearacht. Ba cheist í seo a chuir ag machnamh é go mion minic, mar a fheicimid anseo tar éis eachtra dá leithéid i dteach tabhairne in Iúr Chín Trá:

> 2/11/49 ... I think of the men in the pub: of how the young people leer and deride at tales and the rest of it. Who is the wiser? I know the tradition is dying, but I doubt if such a tradition, with such an ageless heritage, can really die. A sound tradition is like a seed: It goes underground in apparent death, but bursts forth a thousand fold – in green, in stalk – and back to its original. Somewhere there is a pattern shaping which will earth the seeds of the traditions I and others are collecting. A sower will arise – many sowers perhaps. One will be the inspired hand; and the old seed will produce anew. If I thought that none ever would I wonder would I go on with this work? (C.B.É. 1466: 13. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Níos déanaí sa mhír chéanna, tá sé ag scríobh mar gheall ar thuras a bhí aige ar an mbus, agus feicimid níos mó den dearcadh a bhí ag Murphy i dtaobh an aineolais a d'aimsigh sé i ndaoine áirithe. Tabhair faoi deara an claonadh a bhíonn aige a chumas mar scríbhneoir ealaíonta a thaispeáint, rud a chuireann go mór le suimiúlacht na míre:

> 2/11/1949 ... Meanwhile, the rich hillocks of country go by. I get a view of distant plains to the North, and mountains so faint that they seem to appear and disappear like cigarette smoke in lamplight.
>
> I had been thinking of the inarticulate derision a folklorist must endure to-day; as if one was a sort of half-wit. I understand it, of course, and am amused: It flows off ignorance; that pathetic ignorance tutored by glossy magazines and films. (C.B.É. 1466: 14. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Ba mhinic i gcaitheamh a shaoil a bhíodh Murphy ag plé ina aigne féin cad é an t-inspreagadh a choimeád ag imeacht é. Feicimid sa mhír seo thíos, as alt a bhí aige sa nuachtán *Scéala Éireann* ar an 16ú Meitheamh1942, go bhfaca sé an gá a bhí ann daoine a chur ag machnamh mar gheall ar a gcuinsí féin, agus bhí sé dóchasach go bhfaigheadh muintir na hÉireann inspioráid agus misneach ón gcultúr ársa chun smacht a fháil ar a gciniúint féin:

> Method in their Myths.

> Tradition can be either a dead weight on a nation or an incentive to constructive thinking, and should be part of our education, if only to make the spirit fight it. A convulsion of Time has shuffled our values; and our future depends on whether we do the sifting and allocation ourselves or permit others to do it for us, as before. (Murphy in *Irish Press* newspaper, 15 June1942: 2)

Feicimid arís agus arís eile an cumas a bhí ag Murphy radharc cineamatagrafach ar a chuid oibre a sholáthar dúinn. Anseo thíos soláthraítear dhá mhír óna chín lae a bhaineann le scéalaí de bhunadh Ard Mhacha Theas, fear darbh ainm Mickey Gormley. Tabhair faoi deara an cur síos a thugtar ar an gcultúr ábhartha agus úsáid spáis agus uirlisí. Chun chur leis sin, muna bhuil ceacht ann ar chonas comhthéacs a chur in iúl, ní lá fós é:

> I remember I've forgotten another fruitful visit to Mickey Gormley the blacksmith. I watched him take his meal. He had a whole loaf – 2 lbs – sliced, and took a pot of jam. He took a bit of board, pared it at one end, and used it as a knife, while he sat in his hearth, the jam beside him in the ashes, the pile of bread on his knee, the tea in a fire stained, six-pint can which he put on the fire between mouthfuls. (C.B.É. 1466: 17-18. An Bailitheoir, M.J. Murphy)
>
> I went to Mickey Gormley's forge one night. He was alone. I watched him wash and shave in the forge. He had a vessel, which looked to me as if it were originally the cap or cover of a great wheel; an aluminium article as big as a six-pint tin. He filled it with rain water outside; then from his hearth he took half of a rusted can with handle still attached and pulled it up over the other; it did not slip through. He set it on the fire and worked the bellows. Off came apron and coat and vest. Out of a crevice he took a hook-razor of the familiar, straight type. Then he got a block of white washing soap and patiently searched for a tri-angular section of a reaper-blade. With this he cut the soap. He tested the water, found it satisfactory and took it off. He strapped the razor on a strap alongside the hearth. And next he dipped soap into water in his great fist. Sat on the edge of the hearth, and began to rub it like a lather on his face.
>
> All the time he talked, illustrating his stories with similes drawn from something immediate. "Its like me and that plough. You think its hard work. When you're reared to it it doesn't come odd or awkward. So he ..."
>
> I hardly listened. I was very intent watching this feat; so-intrigued by the way he brought towel and all out of another can. Then he began to shave, without a glass, still sitting, still talking – now with puffed cheeks, now as he took another swipe. (C.B.É. 1466: 116-117. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Níos déanaí san iontrál céanna, luann Murphy an deacracht a bhíodh aige le tinneas ina mhéaranna agus ina chosa. Bhí saghas polaimiailíteas ag Murphy ón uair a bhí sé ina bhuachaill óg, ach ní dhearna tátal air riamh. Is amhlaidh gur luaigh dochtúir éigin an galar uair éigin, ag déanamh talamh slán de go raibh a fhios ag Murphy go raibh an galar air. Ach b'shin an uair a thuig Murphy gurbh é riain an pholaimialítis a bhí air. Ba mhinic a chuireadh an tinneas seo isteach ar an obair agus ar a mhisneach:

> 2/12/49 I haven't written here since the finger cramp attacked me. A peculiar sensation which I have known before. It makes me extraordinarily irritable. I cannot sit, as the tautening sensation revives in my forearm and fingers. I have to walk. Even if I think of holding a pen it seems to return: evidently, a nervous natured thing. Seems rather petty in description but never the less intensely uncomfortable. It seems to twitch again now that I am writing of it.
> (C.B.É. 1466: 105-106. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Bhí fadbh eile ag Michael J. Murphy a bhí neamhchoitianta i measc na mbailitheoirí: Bhí mí-iontaobh áirithe ag daoine as, toisc go raibh a ainm in airde mar scríbhneoir agus chraoltóir. Léiríonn sé sa sliocht seo a leanas conas a láimhseáil sé an fhadhb sin fad is a bhí sé ag eachtra mar gheall ar chuairt a thug sé ar scéalaí áirithe:

> We were welcomed, and I could see they were a bit self-conscious of me. Later I learned the reason. From Sean Gallagher, Anti-Partition Organiser whom I know well, and who covers this area. They had heard of me. Grogan said later on, rather as if expecting me to contradict the rumour: "You write books and plays?" That may sound like stinking vanity on my part; but it merely illustrates a peculiar difficulty of mine: People are afraid of print naturally – afraid of their own words appearing. I could, in a new area like this, never hint that I broadcast, etc. But when they heard of it later, as inevitably they must by the usual sifting, inquiring gossip of the countryside [originating perhaps in the post office], I should be more suspect than ever: I might publish or broadcast all they had said! So I help them all to understand this position thoroughly, and assure them I will not betray their trust.
>
> That's by the way. Grogan was a quiet man, gentle voiced; hair thinning, and a Gaelic speaker.
> (C.B.É. 1466: 111-112. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Cuireadh drámaí Murphy ar stáitse i mBaile Átha Cliath, Béal Feirste agus Londain, agus duine ba ea é nach raibh drogall ar bith air teachtaireacht láidir a chur trasna ina chuid scríbhneoireachta, cé gur íoc sé as an misneach sin ó am go chéile. Is amhlaidh go mbíodh an dá thaobh b'ansaí leis dá shaol, an bailiúchán agus an scríbhneoireacht chruthaitheach, ag teacht salach ar a chéile. Thiteadh smál an amhrais timpeall air in aigne na scéalaithe toisc iad a bheith scanraithe go gcraolfadh sé rud éigin nár theastaigh uathu go gcraolfaí. Faoi mar atá luaite agam cheanna, duine ba ea é Michael J. a bhain leas as a chuid scríbhneoireachta chun teachtaireacht shóisialta láidir a chur faoi bhráid an phobail, agus is amhlaidh go raibh air díol as an gcleachtadh seo ó thaobh an bhailithe de chomh maith. Léirítear seo ina dhialann le linn a thréimhse i mBun Abhann Dalla:

> 26 September, 1953: I came home from London after the production of my play *Dust Under Our Feet* and felt completely out of sorts, in a world that wouldn't adjust, flummoxed. The same thing happened me at Slieve Gullion when I first went to do a broadcast …
>
> I felt, too, a subtle change in the attitude of the people among whom I work. This I anticipated and understood. Even at Slieve I detected the same kind of withdrawal, as it were, after an intimate folky article had been published. Here, I know, the Play has shocked people, some of them anyway. So did a radio play. I know the reaction generally before I hear it---if one ever does hear a truthful reaction.
>
> This has a relation to the work. But I overcome it. I know I can make people talk in spite of any determination not to.
> (C.B.É. 1388: 3. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Tagann Michael J. ar ais chuig an téama seo mí níos déanaí agus is léir nach raibh aon bhiseach ar chúrsaí i gcaitheamh an gheimhridh sin:

> 27th November, 1953. Since the children took whooping-cough six weeks ago we have had no visitor except Frank McAuley. As all local children have it there is no fear that, say, Mrs McKay was afraid of spreading infection. I think it is, as I may have said, of the plays, something I've said, something Alice has said. The sense of humour here is poor, and the outlook much overcast by Presbyterian shadow. I remarked, indeed, that in my play I make Anne say (when locals suspect she is the mother of the murdered child) that neighbours refuse to give her milk: I had a purpose in that but wondered if it were too strong, though I knew it were or could be true.

> Alice reminded me that we had been severely left alone lately, and I said yes, and wondered, sadly.
> (C.B.É. 1388: 17. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Arís eile tráchtann sé ar an bhfadhb seo leis an scríbhneoireacht chruthaitheach ag teacht salach ar an mbailiúchán, agus an claonadh a bhí aige míchothromaíocht agus bréagchrábhadh a léiriú ina chuid scríbhneoireachta.

> 27th November, 1953. Since the play was produced in London; indeed since the radio play "*Culprit of the Shadows*" (dealing with the possessiveness of the Irish mother frustrating her son in marriage) I think I detect a change in the attitude of many people: a withdrawing from confidence: a gentle suspicion; a thrusting off more by sense, instinct, than by any overt gesture or intonation of voice. I understand this. But I am somewhat upset by it. Up at Slieve Gullion when I began to get material printed I saw and felt the same secretive ostracising of myself: as if you had betrayed some ritual and inner secrets of some cult.
> (C.B.É. 1388: 16. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Agus arís ar an 27 Samhain, deir sé:

> One day our landlord Pat McCambidge got 'nettled' and blurted at me: "That radio play---Half Cushendall didn't like it." I laughed. He had previously said otherwise: he simply didn't like how it presented the scene himself.
>
> When the mob hate you you're significant in a culture pattern like ours, and I say that sympathetically: They are not to blame. Father forgive them.
> (C.B.É. 1388: 18. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Thagair sé dá dhráma *Men on the Wall* (Murphy, 1956) go mion minic sa chín lae toisc an oiread de a bhí fáidhiúil maidir le gach a thit amach thart ar an Teorainn sna 1960í agus 1970í. Dráma atá ann mar gheall ar theaghlach atá deighilte toisc mac amháin a bheith ag tuilleadh airgid as an smuigléireacht ar an teorainn, agus mac eile a bhí ina rebiliúnaí agus fuath aige don saint. I measc na ndrámaí eile de chuid Michael J. Murphy, tá: *The Hard Man* (1950), *Culprit of the Shadows* (1955), agus *'Dust Under our Feet'* (1953).

D'fhoilsigh Michael J. Murphy thart ar leathchéad gearrscéalta, cuid acu le léamh ina leabhar *The Rising of Yella Ned and Other Short Stories* (1992). I measc na leabhar eile a d'fhoilsigh

sé, tá: *At Slieve Gullion's Foot* (1940), *Mountain Year* (1965), *Tyrone Folk Quest* (1973), *Mountainy Crack* (1976), *Ulster Folk of Field and Fireside* (1983), agus *Now You're Talking* (1975). Foilsíodh altanna de chuid Michael J. Murphy in irisí agus nuachtáin le linn a shaoil, go háirithe in *Hibernia*, *The Bell*, agus *Scéala Éireann*. Bhíodh sé ag craoladh leis an BBC agus Raidió Éireann, agus le linn na '40í, '50í agus '60í, ba ghuth aitheanta é ar fud na hÉireann.

Bhíodh an-chuid cúraimí ar an mbailitheoir béaloideasa agus níorbh aon mhaith fear a fhostú murach é a bheith ina ghnáthbhall den phobal ar an dromchla, agus go bhféadfadh daoine ionannú leis. Bhíodh air faisnéiseoirí a aimsiú, an t-eolas a mhealladh astu, agus a chinntiú gur fíorbhéaloideas a bhí ann. Bhíodh air an t-ábhar a thaifead ar phár nó leis an Edifón nó ar téip agus é a thrascríobh níos déanaí. Anuas air sin ar fad, bhíodh cín lae le líonadh.

Bhíodh ar an mbailitheoir a bheith as baile go mion minic, uaireanta ar feadh tréimhsí fada, ag fanacht i dtigh lóistín b'fhéidir. Ba dheacair teach a fháil ar cíos an uair sin, agus i gcás Michael J., ba mhinic a thrácht sé ar na seantithe tréigithe a bhí air a chur in oiriúint dá theaghlach. Bhíodh ar an mbailitheoir a bheith tíriúil leis, é amuigh sna tithe nó sna tábhairní istoíche, agus b'fhéidir é ag ól dí agus tobac, agus préachta leis an bhfuacht uaireanta. Ní róshláintiúil an tslí beatha a bhí ann ar chor ar bith. Ní nach ionadh mar sin nár fhan roinnt mhaith de na bailitheoirí leis an gCoimisiún go fadtéarmach (Briody, 2007: 229-233, 526).

3.5 An Chín Lae Mar Chuid Lárnach d'Obair Murphy

'The diaries of the full-time collectors must be considered among the gems in the Commission's crown' (Briody 2007: 443).

Bhí Michael J., maraon leis na bailitheoirí lán-aimseartha eile, i dtaithí ar chín lae a choimeád mar chuid dá dhualgas oibre. Is foinse eitneagrafaíoch iontu féin iad dar ndóigh, agus is anois

atá scoláirí ag cur suim cheart iontu (O'Tiarnaigh 2015; Ó hÉalaí, 2010; Ó'Dúinnshléitbhe, 2012; uí Ógáin, 2010; Nic Craith, 1991), agus cuireann Briody léirmheas cuimsitheach ar choincheap na gcíona lae faoinár mbráid (2007: 434-443). Áitíonn sé nach raibh aon chuimhneamh ag an Duileargach go mbeadh na bailitheoirí árdaidhmeannach dóibh féin mar bhéaloideasóirí: 'Hewers of wood and drawers of water' (Briody, 2007: 428), a bhí iontu, agus leagadh an bhéim ar na bailiúcháin, ní ar an mbailitheoir ná ar an gcín lae. Slí a bhí sa chín lae, chomh maith, chun eolas a sholáthar mar gheall ar an méid oibre a bhí á déanamh ag na bailitheoirí, agus deimhniú go raibh a gcur chuige oibre mar a bhí ag teastáil ó na ceannairí. Níl aon leid i gcatalóg na Cartlainne mar gheall ar aon toipic áirithe a bheith pléite in aon chín lae. Is é 'Dialann' an t-aon lipéad amháin atá ar an gcuid seo de chnuasaigh na mbailitheoirí, ach dá mba rud é go raibh mion-chlárú déanta orthu, b'fhéidir go bhféadfadh le duine teacht ar fhoinsí suimiúla éagsúla a bhaineann le go leor ábhar éagsúil.

Bhí sé mar chúram ar na bailitheoirí na mionsonraí a bhain lena saolta bailiúcháin a bhreacadh isteach sna leabhair nótaí faoi leith a tugadh dóibh, mar shampla an dáta, an ceantar, an aimsir, an méid taistil a dheineadar, uaireanta a'chloig caite ag bailiú, cé a bhí ag reacaireacht, conas mar a bhí ag na scéalaithe/seanchaithe agus ag na bailitheoirí féin, cur síos ar na tithe, agus aon rud eile a rith leo ag an am. Anuas air sin, ní cín lae phearsanta a bhí i gceist, agus ar an mbonn sin, bíonn blas fuarchúiseach go leor ar roinnt acu, cé go bhfuil ana-chuid eolais iontu, agus iad breac le blúiríní seanchais, le hainmneacha agus le háiteanna; cad a bhíodh ar siúl acu ó lá go lá, agus de shíor, conas mar a bhí an aimsir, mar bhí tionchar ag an aimsir ar an obair chomh maith, dar ndóigh.

Thuig Michael J. Murphy go beacht an tábhacht a bhain le húdarásacht an ábhair a bhailigh sé mar fhíorbhéaloideas, agus is amhlaidh go raibh an dearcadh céanna aige i dtaobh na cíne lae, rud atá le tuiscint ón mír thíos as litir dár dáta 22 Aibreán 22 1955, chuig Seán Ó Shúilleabháin, Cartlannaí an Choimisiúin:

> I shall not say much about the Diary, but want to stress that I have not attempted to correct it. As I wrote I sometimes glanced over a sheet. Perhaps I may correct it up there sometime; because I believe it is very frank, uninhibited, and I've tried to be very honest, however successfully.
> (C.B.É. 1388: 2. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Nochtann sé a dhearcadh ar stiúrthóir nua an Choimisiúin, Bo Almqvist, i dtuairis eile, agus ar an slí gur mhór aige aitheantas ceart a thabhairt do na bailitheoirí agus an obair chasta a bhí ar siúl acu. Tá nod sa mhír seo, chomh maith, gur mhór aige an stádas a ghabh leis an teideal *journal* in ionad *diary*:

> 21st March, 1972. First time I have used the new title: 'Journal'--- which as well as being more accurate nowadays has something of a psychological sense of satisfaction as well: never suggested it before.
>
> Everyone I think very satisfied with the pleasant first meeting under Professor Almqvist; and not least because it is the first time that all the collectors (although Sean Haughey was absent) have been together for such a discussion: often mooted but somehow never achieved.
>
> (Or is it that in the end the folklore collector must still be, as I've said, like a poteen-maker working in the dark, beyond the notice of publicity, to distil the pure spirit. By the way: Roy McFadden in his new book of poems includes the one he has dedicated to me (in Antrim) *FOLKMINDER* ('The Garryowen.').
>
> I recall that when Professor Delargy gave me permission to type the Diaries---and which then had more deserved the title 'Journal'---he also agreed that I would not correct the sheets: I wrote so fast and often so intimately that I am sure I would have discarded many pages. So I will continue to do so---not even reading back: any mistakes corrected have been noted as I type. Presumptuous?
> (C.B.É. 801: 3 An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Tá an dán, *Folkminder*, le Roy McFadden, ceangailte mar Augisín a Trí ag deireadh an thráchtais seo.

3.6 Conclúid

Deimhníonn Briody (2007: 290-293), gur thóg sé tamall ar Ó Duilearga agus a chomhghleacaithe cinneadh a dhéanamh tabhairt fén mbailiú ó thuaidh, agus is trí thimpist a tharla sé gur aimsigh sé Michael J. Murphy. Mar a scríobh Benedict Kiely ina sheoladh isteach chuig *My Man Jack. Bawdy Tales from Irish Folklore:* '... Michael J. Murphy, as his

first book revealed and as Delargy immediately saw, had a natural gift for intently observing and noting down the way of life of people on the land' (Murphy, 1989: 9-10). Chuir Murphy saoldearcadh a scéalaithe faoinár mbráid trí na seánraí béaloidis ar fad, nó mar a deir sé féin 'the entire conspectus of the folk norm' (Profile: Michael J. Murphy talks to Sam Hanna Bell, Courtesy of BBCNI Community Archive). Duine ba ea é a tharraing an clóscríobh, an grianghrafadóireacht, agus an craoladh sna meáin chuige fhéin; i bhfocal eile, gach áis nuatheicneolaíoch a linne, agus d'aithin sé na buntáistí a bhain leo ó thaobh a chuid oibre féin. Ag an am céanna, thuig sé an dualgas a bhí air meas a thaispeáint dá fhaisnéiseoirí agus don iontaoibh a bhí acu as, agus a bheith discréideach i dtaobh an ábhair a roinn siad leis. Thuig sé chomh maith go raibh fadbh le sárú aige maidir le hiontaoibh, toisc é a bheith ina chraoltóir aitheanta, agus ina scríbhneoir cruthaitheach. Tugann an saghas duine a bhí ann, agus a chúlra, agus na buanna scríbhneoireachta a bhí aige údarás dá chnuasach agus dá chín lae. Bíonn an cumas ag an scríbhneoir proifisiúnta scríobh gan urchoillte, agus tá an rian sin le braiscint i gcín lae Murphy. Bhí sé ina bheirt phearsan i ndáiríre: Gnáthbhall den phobal agus breathnóir/fear taifid proifisiúnta, agus ní féidir an fear féin ná a shaothar a scoilt óna chéile, agus dá bhrí sin, ní mór don taighdeoir a bheith ar an eolas mar gheall ar an saghas duine é agus cad iad na rudaí a thug inspreagadh dó. Sholáthar Michael J. foinse eolais thar a bheith luachmhar ina chín lae, agus áitím gurb é cúis leis sin ná go raibh tuiscint inmheánach aige ar an ábhar, ar a phobal féin, agus ar na dualgaisí a bhí air maidir le cur i gcrích na hoibre. Ní féidir nádúr agus meoin aigne an fhir féin, ná a chúlra, a scoilt ó thoradh na hoibre a dhein Michael J. Murphy thar daichead bliain. An fear ceart san áit ceart a bhí ann.

4 Cín Lae 1949-1951. An tréimhse i nGleann Choll, Co. Tír Eoghain

4.1 Seoladh Isteach

Cé gur leagadh béim ar na ceantair Gaeltachta maidir le bailiú béaloidis, níor dhein Séamus Ó Duilearga dearmad ar na ceantair taobh thuaidh den Teorainn. Faoi mar atá luaite cheanna, thóg sé roinnt ama air tacú agus maoiniú a fháil chun an obair ó thuaidh a thosnú, ach i ndeireadh thiar d'éirigh leis, agus ba mhór an chéim ar aghaidh é nuair a fostaíodh Michael J. Murphy go lánaimseartha sa bhliain 1949 (Briody, 2007: 290-293). Maidir le saol oibre Michael J. Murphy, is fiú díriú go háirithe ar an gcín lae a bhain leis na blianta 1949-1951 toisc gurb iad siúd na blianta inar tosaíodh i gceart ar an gcuid de C.B.É. a bhaineann le Tuaisceart, agus is iad siúd na blianta inar chuir Michael J. Murphy snas ar a scileanna bailiúcháin. De réir na cíne lae, bhí dua agus diongbháilteacht ag teastáil, agus tháinig sé in inmhe mar bhailitheoir le linn an ama a chaith sé mar bhailitheoir i nGleann Choll. Díreofar ar chín lae na tréimhse sin chun radharc cuimsitheach a fháil ar an saghas saoil a chaith sé i nGleann Choll, agus conas a d'éirigh leis an cnuasach sin a chur le chéile, ar a raibh ardmheas ag ceannairí na hardoifige. Beidh cur síos ar na constaicí éagsúla a bhí ina choinne mar bhailitheoir agus a mheon aigne ina dtaobh sa chaibidil seo. Léireofar a chumas comhthéacs a chuid oibre a chur in iúl, agus léarmheas a thabhairt air féin mar bhailitheoir agus ar na daoine a bhuail sé leo fad is a bhí sé lonnaithe i nGleann Choll. Tosóimid le cur síos Murphy ar an gceantar:

> Glenhull was really an irregular basin divided by the meandering Owenkillew and bounded by low, peat-crested heights. To the west and north Coneyglen opened in shrubbery. Further on, severe and steep, Glenlark, one of the wildest glens I've ever seen, ending in mountain heath. A curtain of rain the colour of slow-blown ash usually blotted it out … Glenhull was the heart of an almost forgotten Folk Kingdom. It was an area of ancient territorial lineage. (Murphy, 1973: 18)

Ghlac Murphy le toil an Choimisiúin go mbogfadh sé féin agus a theaghlach go Gleann Choll i Mí Eanáir, 1950, ‘as a cultural intelligence officer, as Seamus Delargy had put it’(Murphy, 1973: 7). Theastaigh ón gCoimisiún seift nua a thriail, is é sin le rá, bailitheoir proifisiúnta a lonnú go fadtéarmach i gceantar áirithe, ionas go bhféadfadh sé agus muintir na háite aithne cheart a chur ar a chéile, sa chaoi is go bhféadfadh leis an mbailitheoir cnuasach níos luachmhaire a bhailiú.

4.2 Ag réiteach an bhóthair chun imeacht go Gleann Choll

D’éirigh le Murphy a chuid oibre a chur i gcrích i nGleann Choll, in ainneoin na bhfadbhanna ina choinne, agus de réir agus a ndeachaigh sé i dtaithí ar a phost mar bhailitheoir lánaimseartha, tháinig forbairt ar a mheon aigne agus a chur chuige i dtaobh a chuid oibre. Bhí fadhbanna bainteach leis an bpost nua seo. Bheadh air Sliabh gCuillinn a fhágaint, imeacht chuig áit nach raibh aithne aige ar éinne agus nach raibh aithne ag éinne air. Bheadh ar mhuintir na háite aithne a chur air mar fhear strainséara le teideal poist gan dealramh, é a thógaint dáiríre, agus an cinne a dhéanamh an t-eolas a bhí acu a roinnt leis. Chuirtí iontas an domhain ar dhaoine go bhfostófar duine chun traidisiúin na ngnáthdhaoine a thaifead. Bhí creideamh sna síoga, orthaí, piseoga, leigheasanna, agus mar sin de damnaithe agus samhailte le haineolas, iargúltacht, agus neamhréasúnacht, go háirithe ag an Eaglais, ag an gCóras Oideachais, agus ag an nGairm Leighis. Pé scéal é, lean Murphy ar aghaidh, agus is mar seo thíos a thosaíonn sé ar an gcín lae mar gheall ar an tréimhse seo dá shaol:

> 1/11/49. Today I begin my new appointment in Tyrone: But I write this in Dromintee. I got a bad chest cold, got a bottle from the doctor, who said I should delay my journey for a day or so, unless I knew where I was going. But I never know, in events like this, where I am going.
>
> So I stay at home and think. It annoys me for a while to remember that I am in bed in Dromintee when instead I should be footing around Omagh and getting acclimatized, to to speak. This is not a new reaction with me: I was aware of it even when working for wages - or when I wasn’t. If I stayed at home a day to write I had a troubled

> conscience because Oweny ‘Heer or Tom Dunne were expecting me.
> (C.B.É. 1466: 4-5. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Rith sé le Michael J. gur chóir dó roinnt réamhoibre a dhéanamh roimh imeacht dó chuig Co Thír Eoghain, agus sa mhír thíos agus é ag déanamh cur síos ar an réamhobair seo a dhein sé, léiríonn sé cuid de na bunphrionsaibil a bhaineann le bailiú béaloidis:

> Later the same day. I’ve been thinking. Charity begins at home: So does this work. Is there anyone in this area who knows Tyrone, or more particularly Omagh? The Pahvees, or packmen, obviously. But they wouldn’t know it in any useful sense – Meeting a person, selling them a suit length, passing on... Then - the priests. Many of our priests are Tyrone men. Who should, or could, know people so well as a priest; and yet I’m wary of their introductions; same with schoolmasters: Neither can ever know the intimate side of people. They are on a different social level. People act, speak, and manoeuvre self-consciously, usually ingratiatingly, when conversing with priests and schoolmasters.
>
> Still, thinking of schoolmasters reminded me that Owen Jordan of Faughil, though a retired teacher, had taught in Tyrone. I must see him.
> (C.B.É. 1466:4-5. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Méadaíonn Murphy ar a thuiscint agus a chur chuige féin, maidir leis an ábhar agus a chaidreamh leis na scéalaithe ar bhuail sé leo i gcaitheamh a shaoil oibre. Is amhlaidh gur thuig sé cumhacht na meán mar uirlis chun meon aigne na ndaoine a mhúnlú:

> I’m tempted again to dilate on the point of the attitude of country people to ‘educated’ persons. In this I draw rather smugly on my experience as a collector in the Mournes. (The Mourne country of Hilltown was my first attempt to gather folklore among people who were strangers to me). Whenever I talked to a person I never attempted to record their tradition until I had, rather bluffly, persuaded them to stop calling me “Mister” or “Sir”.
>
> Real folklore is a sort of personal confession of a peculiar kind; and until one establishes oneself on a real intimate footing of sympathy and understanding and neighbourliness with a narrator, one is not going to get the tradition freely.
> (C.B.É. 1466: 5-6. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Ní mór cuimhneamh go raibh Michael J. Murphy fós ina fhear óg ag an am sin, ach taispeánann sé críonnacht a bhréagnaíonn a aois. Sa chéad mhír eile ón gcín lae, címid a thuiscint ar dhaoine, a shuim i gcúrsaí polaitíochta, agus an t-achmhainn grinn a bhí aige,

nuair a eachtraíonn sé mar gheall ar an gcaoi a d'éirigh leis cabhair a fháil, nuair a bhuail sé leis an iar-mhúinteoir atá luaite thuas mar dhuine gurbh fhéidir leis cabhrú leis an obair i nGleann Choll:

> The gods are with me. Oweny Jordan got on our bus at Meigh. I meet him in Newry at the bus stop. When I accost him, he is very cautious, and I smile; because he is a Rural Councillor, and I've been keeping our Council in a hell of a silence with letters in our paper attacking their dead-end tactics. Jordan maybe thought I was starting something else.
>
> I told him what I wanted. No, he knew very little. He taught for 33 years in Ballygawley, Holy God, he must know something – someone, I thought. I let him thaw. He did, slowly.
>
> And then he told me of two people in Newry from Tyrone.
> (C.B.É. 1466: 18. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Lean Murphy ar aghaidh ar feadh cúpla lá ag iarraidh nascanna a chothú le scéalaithe i nGleann Choll ionas go mbeadh sé ag tuirlint ar an gceantar le cúpla ainm aige chun tosnú leis an obair.

An córas taistil poiblí a bhí mar chóras iompair ag Murphy de ghnáth, agus is minic sa chín lae a dhéanann sé cur síos ar a shruth smaointe agus é ar an mbóthar. Cur i gcás, bhí air taisteal go Cathair Ard Mhacha chun bualadh le daoine a mhol Séamus Ó Duilearga dó mar chabhair roimh imeacht dó chuig Gleann Choll, agus sa mhír thíos címid é ar an mbus agus é ag machnamh ar luach na hoibre atá idir láimhe aige, agus na constaicí ina choinne:

> I go to Armagh. A splendid day and Autumn's flume is pitched on the trees and woods out the Armagh Road. I like this mood of pageant and colourful farewell of season. I think of the men in the pub; of how the younger people leer and deride at tales and the rest of it. Who is the wiser...? I know the tradition is dying, but I doubt if such a tradition, with such an ageless heritage, can really die. A sound tradition is like a seed: It goes underground in apparent death, but bursts forth a thousand fold – in green, in stalk – and back to its original.
>
> Somewhere there is a pattern shaping which will earth the seeds of the traditions I and others are collecting. A sower will arise – Many sowers perhaps. One will be the inspired hand, and the old seed will produce anew.

> If I thought that none ever would, I wonder would I go on with this work?
>
> Meanwhile, the rich hillocks of country go by. I get a view of distant plains to the North, and mountains so faint that they seem to appear and disappear like cigarette smoke in lamplight.
>
> I had been thinking of the inarticulate derision a folklorist must endure to-day; as if one was a sort of half-wit. I understand it, of course, and am amused: It flows off ignorance; that pathetic ignorance tutored by glossy magazines and films.
> (C.B.É. 1466: 14. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Siar sa bhliain 1949, thuig Murphy cumhacht na meán mar uirlis chun meon na ndaoine a mhúnlú. Ní mór cuimhneamh gurb iad na bailitheoirí a bhuail leis an meon diúltach a bhí coitianta i dtaobh na hoibre, agus go raibh foireann na hardoifige cosanta ó na maslaithe agus an meon diúltach a bhí le fulaingt acu siúd a bhí ag treabhadh leo amuigh sa ghort, díreach toisc go raibh na bailitheoirí ina gcuid de na gnáthdhaoine iad féin, agus bhí daoine níos dána leo.

4.3 '**Flitting'**[1]**agus ag Socrú Isteach i nGleann Choll**

Bhí Murphy idir dhá chomhairle go dtí an noiméad deireannach an mbogfadh sé a líon tí go Gleann Choll nó nach mbogfadh, ach mhol a bhean chéile, Alice, go mbogfaidís, agus d'imíodar maidin ghránna gheimhriúil ag tús Mhí na Nollag, 1949:

> This writing gone awry. Find I have neglected, indeed forgotten it, very badly. For I write this in New Year 1950. I write in Glenhull, to where we moved - myself, Alice, Patrick, Michael and Peter aged 3 months just now, about 3 weeks ago. A filthy morning when we left. I was up at 6.0. o'clock, in and out of the rain, half-praying it would'nt fui(sic). Why - god alone knows. Maybe because I felt the house of Dan McCrea's in Glenhull, County Tyrone, should be in better shape - Been empty and closed, without fires for 2 years; plaster perished and trickling at the touch like meal from a hole in a bag. But Alice, my wife, said 'Go'. [Our house in Dromintee wasn't much good anyway; rain came in. However...] Connolly arrived at about 7.30a.m. His headlights fired the mist and rain as my father came up the loanan. It was now spilling. Connolly said he mightn't be going down towards Cookstown until Spring again. I had written the Transport for a quotation, but they hadn't replied; and

[1] Ciallaíonn 'Flitting' Aistriú Tí

> Alice wanted to get down before Christmas and the expected snows. Hurried conferences: I run up and down from the lorry to the house. I was irritable. I didn't want to go on a day like this ... The lorry tries to get up the muddy loanan. I run to loose down beds, clothes, take down furniture. Children already up and bewildered.
>
> We ploughed through banks of snow on the road here and there: It lay white behind the ditches too. "Look! – Look – Snow!" The Connollys cried. I almost felt responsible for it.
>
> On to Glenhull. Still some rain. We rushed in the bed-clothes; and the sight of the flaked gables inside much dismayed me. I cleaned the debris of jackdaws' nests from the kitchen when the Connollys had gone. Got a fire going. Found the room chimney stuffed - Smoke came out through window sashes and slates. I swore.
> (C.B.É. 1466: 117-124. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Tarlaíonn eipeafáine gan choinne uaireanta, agus mar sin a bhí, go luath tar éis dóibh socrú i nGleann Choll, nuair a tháinig scéalaí darbh ainm Pádraig Phelimy Ladger McCullagh chomh fada le teach Murphy i gcomhair céilí. Bhí Pádraig, chomh maith leis na scéalaithe Michael Morris agus Francis McBride, ina gcainteoirí dúchasacha, agus lean an scéalaíocht ar feadh sé huaire an chloig an chéad oíche sin, agus Michael J. ag breacadh síos an oiread arbh fhéidir leis. Chuir na luathchuairteoirí seo misneach ar Murphy agus cuireadh é faoi gheasa, faoi mar a léiríonn sé féin sa chín lae:

> 10/1/1950. All day I have been writing hard; writing material taken down last night from Patrick McCullagh and Michael Morris and Francis McBride. It was a great ceilidh. McBride came first, shortly after six; and as I was getting some points of the Handbook fixed in my head I got some further items from him and took them down... The back door opens; a man's foot sounds. I hear Alice talk quietly to someone; and a man about 68 comes in, glances at me, and looks terribly shy and self-conscious. McBride greets him: 'How are you Thomas Patrick'... I get a chair and get him seated, not thinking at all it is McCullagh; for Morris was to accompany him. He wears a loose rain coat buttoned up, and I ask him to take it off. He won't. Suddenly I remember I haven't welcomed him, haven't even shaken his hand. I see him fling quick glances at me, for I hold pen and notebook... I am terribly annoyed. I see the man is awed. As usual he expected me to be, well, not an ordinary fellow who spoke as he did himself- in English that is. For in a moment Morris and McCullagh were chatting in Irish. McCullagh still gave me glances. They laughed – McBride threw in a word or two, also in Irish. Then McCullagh turned to me, still laughing quietly and talking in Irish, and very evidently carried part of their talk to me. Pitifully

> embarrassed [it was now my turn!] I said I hadn't Irish. That was how I remember meeting Patrick McCullagh, 'Patrick Ladger' as McBride referred to him...
>
> I felt it at the moment, and realize it now, that for me it was a momentous incident and occasion. He was the first native speaker of Irish I had heard in actual conversation...
>
> Morris got him talking, and he was eager to talk. He spoke quietly, sometimes quickly and hurried naturally over his Gaelic names and places, and I couldn't catch them. Nor did he seem now to be affrighted by my notebook. He gave a long piece in Irish fluently, and then, with some difficulty, gave me the gist in English, which I took down. That was about 6.30. Apart from a break for some tea [and I had to write even then' I wrote for 6 hours – until 12.30. Checking some items and phrases after they had gone, I got to bed at 2.0 a.m., very happy and gratified.... It was a memorable night, and the feelings it left in me of the grandeur of the speech and people kept me awake and pondering till four o'clock I'm sure.
>
> So ended one grand, profitable and enjoyable night, which stirred me peculiarly; much as a man might feel when greeting after years relations he never hoped to see again. Just because of McCullagh's fluent, natural Irish.
> (C.B.É. 1466: 138-142. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Is amhlaidh gur oibrigh Murphy go crua le linn a thréimhse i nGleann Choll, agus deimhníonn sé sa mhír thíos nach rud neamhchoitianta é go mbeadh teagmháil aige le cúigear nó seisear scéalaithe in aon lá amháin:

> 30/7/50. Raining still this morning. Spent the evening with Patrick Felimy Laadger (McCullagh) of Altacamcossy. Main purpose: For data on survey on Marriage. Very successful, and of course he reeled off general material as well. Saw McBride & Morris, Anne McCrea & Francis and Mrs McAleer.
> (C.B.É. 1726: 60-61. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Chomh maith leis sin, bhí an t-ábhar le trascríobh:

> 2/8/50. Writing – From 10.0.am as usual with one break until 5.30p.m., and data not exhausted. But I am. I stop. I usually write on until dark.
>
> 4/8/50. Yesterday and today until 6.0pm from 10.0a.m writing. Finished it.
> (C.B.É. 1724: 62. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Ar aon chuma, agus de réir a chéile, d'éirigh le Michael J. Murphy agus a bhean chéile, Alice, snaidhm na muiníne a chothú idir iad féin agus a gcomharsana i nGleann Choll, agus

faoi mar a luann sé arís agus arís eile sa chín lae, ligint do na daoine aithne a chur air, sa chaoi is gur éirigh leis cnuasach béaloidis an-éagsúil a chur le chéile.

4.4 Michael J. Murphy ag feidhmiú mar threoraí le Heinrich Wagner

Le linn na tréimhse a chaith sé i nGleann Choll, thit sé mar chúram ar Murphy na cainteoirí dúchasacha sa cheantar a aimsiú ionas gur féidir leis an scoláire iomráiteach, Heinrich Wagner (1823-1988), a chuid oibre i dtaobh an *Linguistic Atlas and Survey of Irish* (Wagner and O'Boyle, 1958), a chur chun cinn. Saothar is ea seo atá molta go hard na spéire ag Seosamh Watson: 'Is í an tsuirbhéireacht seo an chéad radharc iomlán a gheibhimid ar chanúintí na Gaeilge uile go léir agus tá scoláirí teanga agus canúintí faoi chomaoin mhór aige féin agus ag a fhoireann dhúthrachtach' (Watson, 1972). Bhí béaloideas bailithe ag Murphy ó chuid de na cainteoirí cheanna féin, McCullagh thuas luaite san áireamh, agus dá bhrí sin bhí a fhios aige roimh ré conas mar a bheadh an scéal ag na cainteoirí éagsúla, agus d'fheimhnigh sé mar éascathóir ins an obair seo le Wagner. Ní mór cuimhneamh nach raibh aon stádas ag an nGaelainn i dTuaisceart Éireann, agus nach raibh aon pholasaí ag Rialtas na Breataine maidir lena caomhnú. Ba bheag an idirghníomhaíocht idir na cainteoirí dúchasacha seo agus údarás an Rialtais, dar ndóigh, agus is dócha gur baineadh geit uafásach astu nuair a thug Murphy agus Wagner cuairt orthu gan choinne. Bhí cuid de na cainteoirí faiteach maidir le hobair Wagner, agus bhí ar Murphy a scileanna féin a chur in úsáid chun iad a mhealladh uaireanta. Saothar teicniúil is ea saothar Wagner, dírithe ar chaint na ndaoine, agus ní chuireann an saothar aghaidh ná guth ar na daoine a sholáthar ábhar dó, mar ní chuige sin an saothar, ach éiríonn le Murphy aghaidh, guth, agus meon aigne na gcainteoirí a chur in iúl ina chín lae:

> 1/10/50 ... Annie McCrea I expected to be shy - and she was. But she had some interesting words. She also told some prayers in Irish, and I imagined her holy embarrassment if she ever hears the "Gail" was a Protestant.

> We tried to get in touch with Patrick McCullagh of Currinalta, but he was absent. We saw his sister – inside a wire netting barrier above the halfdoor, and which keeps the fowl out of the kitchen [a familiar construction here] and she was as black as the Ace of Spades. She answered monosyllabically - simple mindedly.
>
> On to Bradleys, which I warned would be as bad. Luckily, Bradley was crossing to his house with a few stone of potatoes in a bag as we arrived. He tried to hurry, but so did we. I knew that if he got inside we might not see him for 20 minutes - if at all. But he was trapped. Wagner spoke to him in Irish. Peter replied, then seemed to get shy or self-conscious again, threw his wet bag on the ditch beside wet sods of turf inside the gateway [there is no gate] and leaned with his belly against the ditch. They spoke in Irish. Peter was continually pulling at a rod, a sod, at his fingers. Occasionally he 'warmed' up and smiled, but always became self-conscious again. He was his usual nondescript self, the old bag round his shoulders over the kaiki jacked. I persuaded him in the usual way to go inside and we followed. Or did I lead the way? The house was as usual, and still no fire. Peter attempted to light one. They talked Irish, and Wagner wrote at a chair by the window. Peter said "Write on the table." It was littered and dirty. We had a few bottles of stout. It was damn cold – even Peter stamped his feet. But Peter wouldn't believe Wagner was Swiss: said he was bred born and reared in Ireland somewhere. And that he must be a Catholic! It was dark when we left, on two bikes.At the foot of the Glen we got a lift in a tractor-trailer to Glenhull. But as we left Wagner asked Peter his name and address in Irish. "Ah, that means you're not coming back". I remember saying to Wagner that in Peter and his house and surroundings we had tragedy that symbolised the state and health of Irish and Irish culture.
> (C.B.É. 1726: 88-90. An Bailitheoir, M.J.Murphy)

Bhí cultúr saibhir ársa ag na cainteoirí a bhuail Murphy agus Wagner leo, ach bhí ualach coscrach na staire á n-iompar acu chomh maith, ina raibh a gcultúr agus an teanga samhailte le bochtannas, iargúltacht, agus coimhlint. Éiríonn le Murphy tuairisc bheoga den teannas seo a léiriú, agus conas mar a bhí air féin a dhánacht agus a scileanna a chur in úsáid chun an obair a chur i gcrích:

> Near the first thatched house a little man in black, stinking of turf smoke, came towards us carrying a can of water... I hurried to catch up before he got into the house on us. He kept moving, answering obliquely... Wagner spoke in Irish, and he replied: "that he had as much Irish as would do him"...
>
> I went to look, and through the thatch of the roof, level with the road, heard a shrill reference to us inside. A row seemed to have started. I came back, and went into the street, followed by Wagner. I swear I heard a conversation inside the house, from

> which smoke and slush seemed to ooze through the door, which appeared itself to be placed lengthways, projecting over the threshold, as a sort of windshield. An old woman on the dunghill answered me:
>
> "There's no Irish here then."
>
> The row appeared to be warming up inside.
>
> "Away you go!" cried the woman on the dunghill.
>
> Out through the doorway trundled another little woman, still wraithed in smoke and stinking of turf. She swept by, but by blarney [God! How I act with people in this job...!] I swung her around as on a tether: Small, her two eyes swollen and scalded, a crown of an old felt hat on her head, tattered garments.
>
> "Here," I said, "dammitskin, you're bound to know Irish"
>
> "Oh, only a little"...
>
> ... "Come on out to the barn", she said. "That Americee woman doesn't like the Irish". [Her sister who had been to America]. She led us to the loft over the barn.
> (C.B.É. 1724: 98-99. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Léiríonn an tuairisc thuas meon aigne iad siúd a chaith tréimhse thar lear mar eisimircigh. Míbhuntáiste ba ea an Ghaelainn mar theanga i Sasana agus Meiriceá, agus bac ar dhul chun cinn na n-Éireannach thar lear, agus bhí an gráin ag roinnt daoine ar an teanga dá bhrí sin. D'éirigh le Murphy léiriú a thabairt dúinn thuas, ní amháin ar obair Wagner, ach ar a chur chuige féin chomh maith. Níorbh aon mhaith dó glacadh le diúltiú ná séanadh ó na daoine a chas sé orthu, mar ní bheadh sé in ann a chuid oibre a chur i gcrích sa chaoi sin, Bhí gá le buanseasmhacht, bladar, agus dánacht uaireanta, agus cé gur áitigh Michael J. gur duine cúthalach ba ea é i ndáiríre, d'éirigh leis na cainteoirí a mhealladh, de ghnáth. Tugann an caimeo thuas blaiseadh de na cuinsí inar mhair na cainteoirí deireannacha seo, agus na coimhlintí a bhain le bás an chultúir ársa agus teacht chun cinn an tsaoil nua-aimseartha.

4.5 'The Delicate Thread of Sex' (Murphy, 1974: 38).

I gcaitheamh na mblianta ina raibh Murphy ag obair mar bhailitheoir, d'éirigh leis corpas eolais ana-thábhachtach mar gheall ar nósanna torthúlachta agus collaíochta na nGael a chur

leis an gCnuasach Bhéaloideas Éireann, agus thosaigh sé ar an gcnuasach sin agus é lonnaithe i nGleann Cholll. Thug Alice Murphy, a bhean chéile, lámh cúnta dó san obair sin, mar a dheimhníonn sé féin (Murphy, 1974: 38-39).

Faoi mar a tharla sé, bhí corpas eolais ana-fhairsing ag cuid dá chomharsana i nGleann Cholll a bhain le saol príobháideach teaghlaigh agus le seanchas gáirsiúil. De réir is a d'éirigh siad muiníneach as Michael J., d'éirigh siad sásta an t-eolas sin a roinnt leis. Tá an t-ádh linn gur aithin Murphy luach an ábhair sin, agus nár sheachain sé é, mar a lua Bó Almquist:

> The outspokenness and directness which were characteristic of Michael J.'s character are also reflected in his collections in that he did not shun from taking down and publishing expressions and stories of a kind that may have been avoided by other more puritanical collectors ... Another 'sensitive' subject that Michael J. did much to illuminate was traditions about pregnancy and child birth as well as other aspects of women's lore. (Almqvist, 1997: 362-365)

Chuir Michael J. litir chuig ceannáras an Choimisiúin ina ndúirt sé 'My own pet vanity about it is that, although at first knowledge was denied or dismissed, their manner of doing so led me to surmise that it did exist: and I have got some interesting data I think' (C.B.É. 1220: 2, An Bailitheoir, M.J. Murphy).

Ag scríobh seoladh isteach don topaic seo le linn Mhí Iúil na bliana 1951, deir sé:

> There is little to be said in this, except to add a note which may explain the somewhat disjointed nature and form and even the repetition in this survey. The reason is due to the innate risqué nature of the subject. When I began this particular inquiry I had little success: replies - except in isolated instances - were all negative and dismissive. But from the inflection of the expressions I felt that (as I expected indeed) the people would be especially reluctant to talk on these topics.
> (C.B.É. 1220: 3. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

> The ‘Human Life’ material revolves so much around the intimate sexual angle that I (like my good narrator who took some months of cultivation before I could induce him to reveal the data) felt at times I was propagating pornography! Verifying some of the points was difficult, as the inquiry had to be indirect of course.
> (C.B.É. 1389: 2. An Bhailitheoir, M.J. Murphy)

Tá cabidil ina leabhar *Tyrone Folk Quest*, atá as chló anois, leis an teideal *The Delicate Thread of Sex,* ina dhéanann Murphy cur síos ar an gcaoi a d’éirigh leis cnuasach d’ábhair a chur le chéile a bhain le gnéas, torthúlacht agus cleachtaí collaíochta an cheantair, ar bhonn eolaíochta, siceolaíochta, agus dar ndóigh, ról an ghrinn timpeall ar na topaicí príobáideacha seo, is é sin le rá, an cuid Rabelaisian den saol. Sheachain bailitheoirí an seanchas seo uaireanta, mar bhí mórán topaicí eile le clúdach, agus toisc go mbíodh náire nó cúthail ar na bailitheoirí féin agus ar na faisnéiseoirí, go háirithe na banfhaisnéiseoirí, an stuif príobháideach seo a roinnt. Cé nach bhfuil an cuma ar an scéal go raibh Michael J. ana-churtha as maidir le náire, thuig sé an scéal, agus bhrath sé ar a bhean chéile, Alice, mar chomhghuaillithe, nuair a bhí sé ar thóir an tseanchais seo.

> The folklore collector, like the journalist, makes use of the topical tag. A wedding or wake or a christening, any event or calamity could provide the opening for long and deep inquiry on all such events in the past, the beliefs, practices, customs associated with each and so on. Some such event in the locality while I was collecting general tradition from Annie McCrae revealed the possibility of a body of tradition in Human Life on sex beliefs of all kinds. I knew I was still very much a stranger - intruder in this sense; all the tradition would centre around some Glenhull person dead or still living...Here was a chore for Alice to give a hand. We had often discussed the possibility of co-operation on such delicate topics and had formulated the plan of approach. It required shrewdness, perfect timing, and a kind of astuteness actually close to the cynical. Glenhull I now saw as a green urn laden with the secrets, the mysteries and characters of the past; but an urn suspended over an abyss by tapes of old roads held in delicate, frail hands. Anything could cause them to snap; the urn would tip; unknown wealth would sink out of sight forever. (Murphy, 1973: 38)

Is spéisiúil an rud é mar sin díriú isteach ar thuairisc Michael J. maidir leis an ngné sin dá chuid oibre le linn an ama a chaith sé sa Gleann Choll, toisc gurb é ansan a chuir sé tús ceart lena chnuasach a bhaineann leis an ábhar seo. Is spéisiúil chomh maith an cur síos a

dhéanann sé ar na faisnéiseoirí a thug an t-ábhar dó, agus na snáitheanna a nasc an pobal áirithe seo le chéile, mar a léireofar thíos:

Annie McCrae an t-ainm a bhí ar chomharsa béaldorais Michael J., agus d'éirigh siad an-mhór lena chéile, *"*a native Gaelic speaker, a woman loaded with tradition in all shades of strength and delicacy in terms of social and human life material" (Murphy, 1973: 20). agus bean ba ea í "who could act at a birth*"* (C.B.É. 1220: 28. An Bailitheoir, M.J. Murphy). Beanghlúine thraidisiúnta, i bhfocal eile, agus duine a bhí tréith na mbanghlúine go smior inti; faisnéiseoir neamhbhalbh gan náire, a bhí discréideach ag an am chéanna. Sin ráite, bhí ar Murphy seift a cheapadh chun an t-eolas a mhealladh: 'Annie is a woman who doesn't "take well" to direct questioning: few do: I have evolved a technique of incorporating the Handbook questions into a conversation piece' (C.B.É. 1724: 107. An Bailitheoir, M.J. Murphy). Sholáthar Annie ana-chuid béaloidis agus bhíodh a fhios ag Murphy nuair a chloisfeadh sé an ráiteas seo a leanas go mbeadh seod de shaghas éigin le nochtach ag Annie McCrae agus go raibh muinín aici as*:* 'I "was not to tell where or from who I heard this from - or I might leave the country"' (Murphy, 1973: 38).

Bhí comharsa eile acu, an scéalaí, Francis Daniel McAleer, agus beanghlúine ba ea a mháthair, agus fear cleamhnais ba ea a athair. Fear cleamhnais pósta le beanghlúine - gairmeacha comhghuaillithe - ba bheag an t-eolas príobháideach nach mbeadh acu siúd maidir le cleachtaí collaíocta agus torthúlachta na ndaoine áitiúla, dar ndóigh. Ní haon ionadh mar sin go raibh an oiread sin seanchais ag Francis Daniel, leis an gcúlra a bhí aige, agus é, mar a deir Murphy: 'one of the ablest folk storytellers I have ever met in twenty-five years work of collecting (Murphy, 1973: 26).

Bhí fear áitiúil eile, darbh ainm dó James Netchy McRory, uncail le hAnnie McCrea, agus a ainm in airde mar sheilbhideoir sheanchais an-saibhir agus an-fhairsing bunaithe ar chúrsaí

gnéise, i measc eile, agus é go maith in ann é a insint. Bhí an fear sin imithe ar shlí na fírinne faoin tráth go raibh Michael J. i nGleann Choll, ach bhí an-chuid dá sheanchais ag Francis Daniel McAleer. Deimhníonn Francis Daniel go raibh cumas ag Netchy feimhniú mar bhean ghlúine é féin, agus fios a cheirde go maith aige:"The old man that told me all the story, Netchy, or James McCrory to give him his right name, he acted as a midwife to his own wife" (C.B.É. 1220:30. An Faisnéiseoir, F.D. McAleer. An Bailitheoir M.J. Murphy). Dár le Francis bhí an oiread sin scéalta ag Netchy "as would fill a fodder bag" (C.B.É. 1215:291 An Faisnéiseoir, F.D. McAleer. An Bailitheoir, M.J. Murphy). Léiríonn caint Francis Daniel thíos go raibh an cumas ag Michael J. an seanchas risqué a mhealladh ón bhfaisnéiseoir agus go raibh cumas aige duine a chur ar a shuaimhneas, rud a bhí riachtannach chun béaloideas le blas Rabelasian a nochtú; "Netchy had them rough and smooth, but it mightn't do to tell the rough (coarse or bawdy incident etc) ones. But sure as you say, what odds: it's only ourselves is in it" (C.B.É. 1219: 324. An Faisnéiseoir, F.D. McAleer. An Bailitheoir, M.J. Murphy).

B'fhiú tuilleadh taighde a dhéanamh ar an ngné thuasluaite de chnuasach Murphy. Toisc é a bheith scríte i mBéarla, is foinse taighde é atá ar fáil do thaighdeoirí nach bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu, agus do thaighdeoirí as disciplíní éagsúla ar nós na staire, na siceolaíochta, an leighis, an staidéar sóisialta, agus araile. Anois leis an bhforbairt ar digitiú ábhar cartlainne, tá féidireachtaí taighde i bhfad níos leithne ag taighdeoirí, agus is mór an rud é nár ghéill Murphy don chúthalacht a bhí coitianta maidir leis na topaicí áirithe seo.

4.6 An 'Cultural Intelligence Officer' ag Fágaint Slán

De réir an mhéid atá sa chín lae, bhí geimhreadh ana-chrua ag Michael J. agus a theaghlach i nGleann Choll i gcaitheamh na tréimhse 1950/1951, de dheasca na drochaimsire agus an cuma dearóil a bhí ar an teach, gan trácht cé chomh dian is a bhí an obair: '14/1/51. At least four inches of snow the morning. Fuel low. Depressing. We swear: "no more winters here for

us" (C.B.É. 1724: 145. An Bailitheoir, M.J. Murphy). Fós féin, agus faoi mar a tharla sé, rinne sé obair na gcapall toisc go raibh caidreamh ana-mhaith cothaithe aige le muintir na háite. Sa chéad mhír eile óna chín lae, taispeántar cé chomh sáite is a bhí sé i saol na ndaoine as a bhailigh sé ábhar, agus cé chomh cheanúil is a d'éirigh sé orthu, ar nós gur bhall dá mhuintir féin ba ea iad. Baineann an mhír le breoiteacht agus bás scéalaí dá chuid, Francis McBride, agus éiríonn le Murphy ana-chuid gnéithe de shaol, de shaoldearcadh, agus d'idirghníomhaíocht na ndaoine a sháith isteach ina thuairisc thíos, chomh maith leis an gcaoi a ndeachaigh a fhaisnéiseoirí i bhfeidhm air:

> 3/3/51. Francis McBride cuts my hair. He is very failed in condition. We heard the doctor has been with him, but that Francis didn't want the incidence known - a common, revealing attitude of mind here. He came to cut my hair. We noticed very much his poor condition; worse still, his loss of his usual jovial spirit. And he whispered to me as he clipped: "This might be the last time I might cut your hair... I may have to go into the hospital again for a while." We were very sorry indeed to hear that news about our friend, Francis McBride.
>
> 4/3/51. Doctor with McBride. Had to lance abdomen. We hear "he's lying and only middling." And it is a grey, misty Sunday, been so for past few days...
>
> On my way to Pat McCullagh's at Greencastle, a car passed me near the Nine Pipe.It was McBride on his way to hospital. He waved his hand quietly, his face taut, his eyes full of tears. I remembered now that he had first taken me to Pat McCullagh. I murmured a prayer for poor Francis, and didn't quite feel in humour for work. The car went along above me, along Muninameale. Teebane was spread below. I knew he was looking at his home - and the spring work not yet begun.
> (C.B.É. 1724: 157-158 An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Fuair an fear bocht bás go luath ina dhiaidh sin, agus tháinig a mhac chun an droch scéal a chur in iúl dá chomharsa. D'éirigh le Murphy radharc gléineach den fhear trombhuartha a thabhairt dúinn, a thaispeánann an fhearúlacht agus an ghoilliúnacht a bhí oiriúnach sa chuinse sin, sa chultúr sin.

> 25/3/51. Easter Sunday. I rise at 8.45. A knock. Francis Henry McBride comes in at 9.0. He won't sit. He has nicked himself several times shaving. Again he refused to sit. Outside rain pours. He says, his back to the fire: "I won't sit. I have to go to Francis Morris' shop." I am making a mouthful of tea. "I have bad news", he says.

> I connect the name Morris with the bad news. He says: “My father is dead, Mick.”
>
> Francis McBride is dead. I had been up a few times inquiring, and heard he was recovering, but slowly. He died last night at 9.0 o’clock. Francis Henry won’t take tea. “I’m drinking tea all night. I must go.” Poor lad, I see how shocked he is. I am stunned. Francis dead.
>
> “And the grand letter you wrote to him in the hospital.” Francis Henry says. “It done him a world of good. An’ he sent it home for us to see, an’ to keep. He thought a lot of it, and of you, Mick, and Mrs Murphy. ”There are tears behind his eyes; tears plucking at the chords of his voice. He goes. I tell Alice. I cannot eat. Neither can Alice. God rest your gay soul Francis: This glen will never be the same without you. I feel now as I did on that wet day when, on my way to see my sister’s first baby, I had to go to Newry Hospital instead, in a downpour, and watch her die, and three days later, watch my mother die of grief. God rest them. Poor Francis.
> (C.B.É. 1724: 169-171. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Cúpla lá ina dhiaidh sin, tarraingíonn Murphy radharc eile dúinn a bhaineann le tóramh a chara, Francis McBride, a ligeann dúinn aistear ársa a thaisteal inár gcuid samhlaíochta:

> 25/3/51. Evening. A cold, gloomy day; a north wind in draperies of grey cloud; a great sadness on this glen and everyone I’m sure; a real spirit has been extinguished...
>
> Figures in the rain cross the glen, cross the river below Bradleys at his own land - where he crossed often on his stilts - their coats flapping in the rainy wind, going to his wake. In pairs, black-shawled women come up the road from Glenhull; they give sweets to Patrick and Michael. Alice has gone to the wake; I went this morning as soon as I’d heard - swallowed some tea; called into Annie McCrea’s; she was on her knees with her beads. I will not write for days. But I will write an obituary of my incoherent thoughts as my farewell tribute to my friend, Francis McBride.
> (C.B.É. 1724: 171-172. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Pé scéal é, agus cé go raibh caidreamh láidir cothaithe ag Murphy le muintir Ghleann Cholll, bheartaigh sé bogadh chuig na Gleannta Aontroma, ar thóir goirt úir, nuair a bhí dhá bhliain caite aige i nGleann Cholll. Bhí dhá gheimhreadh ana-chrua curtha díobh ann leis an aimsir ghránna i dteach a bhí thar a bheith dearóil. Bhí thart ar mhilliún focal bailithe acu, agus is amhlaidh go raibh athrú nó sos éigin ag teastáil uaigh féin agus a bhean chéile araon:

> 23/7/51. Either we are depressed by the return to the remote; the effects of ‘the fairy” turn; the overflow of the religious; the revival of miracle belief; or, as Dr. McCann says, I’ve written too much and am browned off. Anyway, it seems a helluva spot

> right now; and we've just decided that while we might be queer Catholics - not fanatical and not sentimental - we wouldn't stay another winter here.
>
> 25/7/51. I am absolutely 'browned off'. I don't want to write - don't feel I'll ever do so again (but have felt like that before) talk, walk, or sleep.
>
> 21/10/51. To-day snow on the heights and hills. Same routine as last year - open door to let out chimney smoke and prevent remainder coming back. Famished. We swear and fulminate that we were asses to stay on. Alice says she spits black; my throat is raw, and I get irritable with everyone.
> (C.B.É.1724: 200-201, 210 An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Bhí athrú á theacht ar chuinsí cuid de na scéalaithe chomh maith, rud a chur isteach go mór ar Murphy, mar shampla faoi mar atá le feiscint san iontrál thíos:

> We hear (and confirm by a glance at local paper) that my best storyteller, Francis McAleer of Muninameal, is selling out his farm and going to England. Sad to see the roots of a family being pulled; the mother, recently dead, was the withering stem holding the leaves together. Imagine all that stuff withering and being whittled by the ogre of a great industrial city in England. Its tragic. Just heard Professor Delargy introduce a Clare storyteller, Paddy Sherlock; heard his story. He is not a good storyteller; not a patch on the artistry of McAleer, who retained some of the Gaelic flourishes and made his tales glow with living human interest. What a tragedy; his emigration is a sort of fantastic death: The soul gone from a dying but not extinct cultural body: A trance from one of his stories...? Maybe. I feel that the man will come back - soul reunite and expire naturally. Or is it to be Ireland's tragedy that now her spiritual life is to undergo a prolonged fantasy of agony and expiration! Maybe I'm just depressed - What the hell.
> (C.B.É. 1724: 181-182 & 202. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Nílimid fágtha in aon amhras ach go bhfaca Murphy an t-athrú i tsochaí na hÉireann, agus go raibh an seanchultúr ag sceitheadh na gcos i ndáiríre. Ghoill sin go mór air, agus chuir an léamh a bhí aige ar staid cúrsaí leis an bpráinn a bhraith sé san obair a bhí idir láimhe aige. Cé go raibh sé sásta Gleann Choll a fhágaint, bhí sé feasach chomh maith go mbeadh sé deacair ar chuid de mhuintir na háite slán a fhágaint leis. Bhíodar tar éis éirí ceannúil air, dar ndóigh, agus bhí teachtaireacht ann dóibh ina fhágaint chomh maith. Bhí deireadh lena chuid oibre leo, agus leid eile ba ea sin go raibh deireadh leis an saol a chleacht siad, agus nach

raibh iontu ach iontaisí agus ábhar staidéir acadúil. Ghoill sé go mór ar a chomharsa agus scéalaí, Annie McCrea, nuair a fuair sí an scéal go rabhadar chun imeacht:

> 21/3/52. I sadly neglect this diary writing. But what to record? I've been touring 'my people' for information; they have all heard I am probably leaving, and they lament instead of giving lore. Mrs McCrea is very upset. She said she would pray we wouldn't get a house, and if we did - that we would get a good one and have luck. She can narrate nothing; only laments and is ill she says. She laments for the children as if we had already gone. She told me today; when I said I had got a house: "I'll go into the Home in Derry. I won't live long now anyway".
> (C.B.É. 1724: 226. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Thuig Murphy go raibh tréimhse oibre ana-neamhchoitianta caite aige i nGleann Cholm mar oifigeach faisnéise cultúrtha, ach go raibh an t-am tagtha dó imeacht. Bhraith sé athrú áirithe i ndearcadh na ndaoine ina thaobh toisc go raibh sé chun imeacht; b'fhéidir gur bhraith siad go raibh feall imeartha orthu i tslí amháin, agus bhí ag teip ar iontaobh a bhí acu as, agus, ag an am céanna, bhíodar suaite ina dhiaidh:

> Maybe it is truly time I pushed on elsewhere. People who had been cautious with me at first (as they might towards gypsies) eventually called me "Mister Murphy"; then I managed in my own indirect way to have them call me "Mick" or "Michael", even "Mike" - Well, they have again begun to call me "Mr Murphy". So...!
>
> We left Glenhull 1st May 1952. NTA Furniture van took everything except the alarm-clock; and this we carried in our hand. From the hill of Crock Bridge we stopped and looked back at Glenhull under a level sunlight. And all the events of my collections seemed to charge through my mind at once - that last parting with Patrick McCullagh the day before when he seemed either indifferent or over-stressed - the latter I'll swear. Old Annie McCrea at her door, watching us go, waving only once. People brought us gifts. I wondered about many things - would I ever be back? Would I be remembered? And it seemed I had been a lifetime in Glenhull (as, in a sense via the lore I had of course). In some ways, considering all the events, folk and otherwise, my two years and a half had been an odyssey.
> (C.B.É. 1724: 242-243, 248-249, An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Thug Murphy cuairt ar ais ar Ghleann Cholm deich mbliana ina dhiaidh sin, agus thart ar an am céanna, léigh sé an chóip den chín lae a bhain lena thréimhse sa cheantar agus chuir sé píosa sa bhreis leis. Míníonn sé stádas an bhailitheora i measc na ndaoine; duine sáite sa

phobal agus ag an am céanna duine ar an imeall; fíorbhall den phobal agus ag an am céanna duine a chleacht bréagacht de shórt:

> End Piece (penultimate!)
>
> For the first time I have read back a Diary ... Reading this Diary gives me the oddest yet strongest feeling of the transmigrated impression: A life not only in and among a new community of people, but above and below it. I still cannot wholly believe that I was really there and did what I have done.
>
> End Piece Final (I hope)
>
> Reading parts of this Diary again, particularly the end, evokes to the sound and scents of the day on that 1st of May 1952 when we left Glenhull: I can even feel in a remote way the surge of the enthusiasm I had then, and the sweet-sour sense of achievement commingled with departure. Odyssey it surely was. And I sometimes feel like an actor who has taken a leading character part in a long running play.
> (C.B.É.1724: 260-261. An Bailitheoir, M.J. Murphy)

Cuireann Murphy in iúl cé chomh oscailte is a bhí sé féin agus a bhean chéile, agus dá bhrí sin bhain siad éacht amach ó thaobh bailiúcháin, mar a áitíonn sé féin thíos: Thaisteal sé féin agus a bhean chéile bóthar an-neamhchoitianta díreach toisc nár lig siad dóibh féin a bheith srianta ag aon phlean amháin:

> When I went to Tyrone I remember writing something like this: That if I felt I was going merely to transcribe inscriptions, as it were, from articulate stones in a cultural graveyard, I would quit. No comment now on that. One last remark. We planned nothing, Alice and I. Our going from Dromintee in the dark of that pouring December morning - the pan still warm from breakfast, nor the walk up the road from Glenhull with - I see - the alarm-clock in our hands. All had just happened to occur like that. I'm now convinced that these accounts are good, if not unique: Who has done what we have done...?
>
> ... I really doubt if any other collector has put down data so personal as this: There was a reason for that too: Our going to Tyrone as we did was highly unusual; and I believe now, soberly, that in Tyrone and Antrim at any rate I have put into the work and the results, such as they are, at least three times the period in time occupied on the quest.
>
> A final postscript: Reading the book over, and reading of the conditions under which I compelled my wife and family to live in Glenhull, I feel very embarrassed, very ashamed and very guilty; very puzzled as to why: For I do not remember Alice once

> remonstrating with me on the conditions into which I had brought her to do this quest as I believed it should - and could onlybe - done in areas where I am a stranger. (C.B.É.1724: 273, 274, An Bailitheoir, M.J. Murphy)

4.7 Conclúid

D'fhéadfaí a rá gur tháinig Michael J. in inmhe mar bhailitheoir proifisiúnta i gcaitheamh an ama a chaith sé i nGleann Choll. D'éirigh leis an teoiric a bhí á dtriail ag an gCoimisiún a chruthú, is é sin le rá gur fearr an cnuasach nuair a bhíonn aithne ag an mbailitheoir ar na scéalaithe agus go mbíonn na scéalaithe in ann ionnanú leis an mbailitheoir. Le linn an ama a chaith sé i nGleann Choll, chuir sé tús lena chnuasach a bhain le cúrsaí gnéise agus torthúlachta na nGael; gné dá mhórchnuasach atá aitheanta ag scoláirí ar nós Almqvist, mar atá luaite thuas. Taobh amuigh den ábhar béaloidis a chnuasaigh Murphy le linn a ama i nGleann Choll, soláthraíonn sé foinse taighde sa bhreis maidir le hobair Wagner agus tugann sé aghaidheanna daonna do chainteoirí Gaelainne deireanacha an cheantair sin, rud nach bhfuil ar fáil in aon áit eile, dá bhfios domsa.

De réir an mhéid atá ina chín lae, ní raibh tosú ná críoch ar a lá oibre, agus bhí constaicí le sárú aige nárbh fhéidir linn ach a shamhlú. Tugann a chín lae blaiseadh den mheon aigne a bhí ag Michael J. Murphy i dtaobh a chuid oibre, agus an cumas a bhí aige cur síos ealaíonta a dhéanamh ar a imeachtaí laethúil agus ar a scéalaithe. Soláthraíonn sé cur síos ar an teicníocht agus ar an modh oibre as a bhain Murphy úsáid chun muinín na ndaoine as a bhailigh sé an t-ábhar a chothú, agus cé chomh míchompordach is a bhíodh an obair sin in amanta, go fisiciúil agus go síceolaíoch. Mairimidne i ré na nua-theicneolaíochta, ina bhfuil teacht ar gach eolas, áis, agus áit, taobh istigh de thréimhse fhíorghairid. Ré go hiomlán éagsúl ó ré Michael J. Murphy, agus is fiú féachaint ar a chuinsí maireachtála, agus cad a bhí i gceist chun a chuid oibre a chur i gcrích, chun luach a chuid oibre a mheas. D'fhan sé dílis dá chín lae i gcaitheamh na mblianta agus níl aon áireamh ar an méid atá le hiniúchadh inti.

Bogfaimíd ar adhaidh, áfach, go dtí an chuid dá chín lae a bhain leis na blianta 1960-1977, an tréimhse a bhain le hAimsir na dTrioblóidí i dTuaisceart Éireann.

5 Cín Lae Aimsir na dTrioblóidí i dTuaisceart Éireann

5.1 Seoladh Isteach

Duine ba ea Michael J. Murphy a chuir an-suim i gcúrsaí polaitíochta, agus dá bhrí sin, tá an chín lae ar fad breacaithe le tagairtí do chúrsaí polaitíochta agus don chaoi a chuireadar isteach ar Michael J. Murphy féin agus ar an obair bailiúcháin. Le linn Aimsir na dTrioblóidí, mar a thugtar ar an gcoimhlint a bhí ar siúl i dTuaisceart Éireann i gcaitheamh na mblianta 1968-1996, áfach, d'éirigh na tagairtí a bhain le cúrsaí polaitíochta níos comónta agus níos duairce. Cín lae ón taobh istigh atá i gceist anseo, gan aon eagarthóireacht, agus dá bhrí sin, is tuairisc agus foinse eolais an-luachmhar atá inti maidir leis an tréimhse seo.

Bhí ceantar Michael J. Murphy in Ard Mhacha Theas go hiomlán corraithe le linn na dTrioblóidí, mar a dheimhníonn Clonan:

> At the height of the Troubles, there were almost 3,000 British troops based between Bessbrook, Crossmaglen, and Newtownhamilton. With a population of just 23,000 this made South Armagh one of the most heavily militarised zones in the world with an astonishing ratio of over one armed soldier per eight civilians. (Clonan, 2006)

D'aithin a fhostóirí na cuinsí deacra sa bhreis a bhí le sárú ag Murphy. Scríobh Séamus Ó Duilearga chuig Michael J. ar an 19/11/1972, uair a bhí an Duileargach ag imeacht ar scor, agus is mar seo thíos a aithníonn sé go raibh deacrachtaí sa bhreis le sárú ag Michael J. Murphy, agus in ainneoin sin, gur fhan a chuid oibre ar ardchaighdeán:

> …but it is but right and proper – *vere dignum et justum est* – that I should thank you from my heart for the unselfish and dedicated work – often under most difficult circumstances - to which you gave of your best over so many years. I think that in years to come the outstanding merit of your work will be appreciated as it so richly deserves. But the time has not yet come. (Ó Duilearga, 1972. Cnuasach Tí Chulainn)

Aithníonn Bo Almqvist (1931-2013), an Stiúrthóir a lean Ó Duilearga, luach na cíne lae chomh maith, san alt ómóis a scríobh seisean an uair a fuair Michael J. bás, luaite cheana i gCaibidil a 3, ach luaite in athuair anseo:

> These detailed journals from the sixties and seventies will prove rich sources for future social historians and other scholars when it comes to drawing a true picture of the difficult conditions under which his work on folk culture had to be undertaken in those tempestuous and troubled times. (Almqvist, 1996: 364-365)

Ardmholadh, gan aon amhras, agus ní mór cuimhneamh gurb é Murphy an t-aon bhailitheoir amháin a bhí ag feidhmiú i gcrios míleata ar feadh na mblianta fada, agus ní amháin go raibh cuinsí deacra le sárú aige, ach dainséarach chomh maith. Ach Lean Michael J. ag bailiú béaloidis le linn na dTrioblóidí, thart ar a pharóiste féin in Ard Mhacha Theas, agus sa Bhlaic, Co an Chabháin, agus Sumhaí, Co Sligeach.

Tá mórán le clúdach sa Chaibidil seo, agus dá bhrí sin, níl aon dul as ach go mbeadh sé i bhfad níos faide ná na caibidlí eile ionas go bhféadfaimis an chín lae a phlé ar bhonn croineolaíoch ar an móramh. Féachfaimid go gasta ar dtús ar Ard Mhacha Theas i gcomhthéacs chúlra na coimhlinte, agus ar theacht chun cinn Ghluaiseacht na gCearta Síbhialta Thuaisceart Éireann. Léireoidh na hiontrálacha ón gcín lae an tionchar a bhí ag na Trioblóidí ar Michael J. Murphy féin agus ar a chuid oibre. Bhí cónaí air i gcroílár chrios míleata agus chuir na Trioblóidí brú pearsanta agus proifisiúnta air. Bhí deacrachtaí maidir le taisteal, luí isteach ar an obair, agus aird na scéalaithe a tharraingt ar na ceisteanna a bhí á bplé acu.

Léireofar go ndearna Michael J. Murphy cur síos ar na straitéisí coimhlinte a d'úsáid Rialtas na Breataine chun na daoine áitiúla a chur faoi bhrú, agus conas a bhain siad úsáid as na báid spéire chun na daoine a chiapadh. Léireofar cuid de na cúiseanna cén fáth gur tharla sé go raibh an oiread sin daoine óga ón gceantar ina mbaill d'Óglaigh Éireann. Bhí deachrachtaí sa bhreis le sárú ag Michael J. toisc go raibh taisteal ó áit go háit i bhfad níos contúirtí le linn na dTrioblóidí, agus ina chín lae éiríonn leis muid a thógaint ar an mbóthar ina éinneacht, ionas go dtuigimid cad a bhí i gceist. Maidir leis féin go pearsanta agus a theaghlach, bhí mórán le fulaingt acu toisc go raibh daoine dá ghaolta sáite sa choimhlint, agus bhí na fórsaí slándála

in amhras mar gheall ar Michael J. féin, mar bhí post neamhchoitianta aige leis an Saorstát, agus bhí sé aitheanta mar dhuine nach raibh drogall air labhairt amach i gcoinne na héagóra.

Aithnítear go bhfuil leas teiripeach le baint as an scríbhneoireacht mar fhaoiseamh, agus mar chaoi a ligeann don léitheoir blaiseadh a fháil de bhuairt an scríbhneora (Cooper, 2014: 619-622) agus (Yoko, 2017). Seasann an scríbhneoireacht mar fhianaise, agus nochtar scéal agus guth iad siúd nach bhfuil a scéal ná a nguth cloiste cheanna. Feidhmíonn an chín lae sa chaoi seo i tslí thábhachtach sa chaibidil seo.

5.2 Ard Mhacha Theas i gComhthéacs Chúlra na Coimhlinte

Faoi mar atá luaite cheanna, fear de bhunadh Ard Mhacha Theas ba ea Michael J. Murphy, áit a d'fhan taobh thuaidh den teorainn idir an Saorstát agus Tuaisceart Éireann mar thoradh ar an gConradh Angla-Éireannach (Documents on Irish Foreign Policy – Volume 1, 1921). Áitíonn Paul Murray (2011: 97-110), agus Rankin (2001: 950), gur shíl Mícheál Ó Coileáin agus Art Ó Gríobhtha nach bhfágfaí an teorainn mar a bhí, ach go ndéanfadh Coimisiún na Teorann, molta faoi Airteagal XII den Chonradh, athruithe a gcuirfeadh Tír Eoghain, Fear Manach, cuideanna de Dhoire, den Dúin, agus Árd Mhacha Theas leis an Saorstát, is é sin le rá, na ceantair ina raibh tromlach suntasach Caitliceach/Náisiúnaithe.

Cuireadh próiseas comhairliúcháin ar bun mar chuid d'obair Choimisiún na Teorann, agus léiríonn Rankin cuid de na haragóintí a chuir ionadaithe Ard Mhacha Theas chun tosaigh i bhfábhar cuimsiú sa Deisceart, mar shampla:

> South Armagh has not been uncontested by a Unionist since 1909 and the current state of affairs amounted to the coercion of nationalists. Transfer would relieve the North of the expense of administering and policing an area whose inhabitants withheld their allegiance. With savings outweighing transfer costs, the net effect would also negate the need for an 'armed force to coerce people against their wills, to obey laws which they do not desire and in the making of which they have taken no part.' (Rankin, 2001: 970)

Bhí triúr ar an gCoimisiún, Eoin Mac Néill ceapaithe ar cheann an tSaorstáit, Joseph Fisher ceapaithe ar cheann Rialtais an Tuaiscirt, agus Richard Feetham, ceapaithe mar chathaoirleach ag Rialtas na Breataine, agus is mar seo thíos a scríobh Fisher chuig Príomhaire an Tuiscirt, James Craig, ag deireadh 1922 mar gheall ar na hathruithe a bhí in aigne acu:

> Northern Monaghan in Ulster and South Armagh out, we should have a solid ethnographic and strategic frontier to the South … A Southern frontier from the end of Lough Erne to Bessbrook or thereabouts would be ideal: it would take in a fair share of the people we want and leave out those we don't want. (Rankin 2001: 952)

Faoi mar a thit cúrsaí amach agus ar chúiseanna nach bhfuil le plé anseo, theip ar an gCoimisiún na hathruithe a bhí molta sa tuairisc *Report of the Irish Boundary Commission* (03 December 1925 Boundary Commission its final recommendations/Irish News Archives, 1925), a chur i gcrích, agus i ndeireadh thiar deineadh beart gan aon athrú a dhéanamh ar an teorainn; go gcuirfí an tuairisc faoi cheilt; agus go nglanfaí na dliteanais airgeadais a gearadh ar Rialtas an tSaorstáit faoi Artigeal V den Chonradh Angla-Éireannach (Cain: The Anglo-Irish Treaty, December 1921). Mar thoradh ar na socraithe a deineadh, fágadh muintir Michael J. Murphy agus lear mór náisiúnaithe ag maireachtaint i gceantar a bhí corraithe ar bhonn polaitiúla, agus i gcroílár chrios míleataithe ón mbliain 1969 ar aghaidh de dheasca na dTrioblóidí (Cain: Chronology of the Conflict, 2021).

5.3 Gluaiseacht na gCearta Síbhialta Thuaisceart Éireann

Cé go raibh feachtas ar bun dírithe ar aontú na hÉireann ó cuireadh an Teorainn i bhfeidhm sa bhliain 1921, tháinig athrú ar an scéal le bunú Ghluaiseacht na gCearta Síbhialta Thuaisceart Éireann sa bhliain 1968. Bochtannas, cothrom na féine, easpa fostaíochta, agus easpa tithíochta ba ea iad na fadbhanna sóisialta ba mhó a bhí mar bhunús den Ghluaiseacht. Chuaigh na baill i muinín agóid shíochánta, ach de réir a chéile, thosaigh coimhlint sheicteach fhoréigneach a bhain le haontú na tíre. Maraíodh 3466 agus níl aon áireamh ar iad

a bhí gortaithe agus goillte, ná ar an scrios a deineadh ar an bpobal agus ar an eacnamaíocht ó thuaidh, fén uair gur síneadh Comhaontú an Chéasta ar an 10 Aibreán, 1998. Bhí Michael J. Murphy imithe ar shlí na fírinne le dhá bhliain fén tráth sin.

Faoi mar atá luaite thuas, agóid shíochánta a bhí san fheachtas cearta síbhialta sa Tuaisceart, agus d'éirigh leis an bhfeachtas aird an domhain a tharraingt ar an míchothromaíocht a bhí le fulaingt ag pobail áirithe i dTuaisceart Éireann. Ní coincheap as an nua é an agóid shíochánta in Éirinn, agus modh agóide ba ea é a mhol Michael J., mar a dheimhníonn sé ina chín lae sa bhliain 1966, nuair a rinne sé cur síos ar an modh agóide as a bhain feirmeoirí na hÉiréann úsáid i mBaile Átha Cliath ag deireadh na bliana sin:

> Diary 6th November, 1966. Saw the farmers in the gutter at the Department of Agriculture. A cold night, and they sat in a row like paupers on the furom along the wall of a poorhouse. I felt like congratulating each of the sitters on his endurance and meek acceptance of his role.Well, I wrote about ten years ago that the rural peoples should do exactly what those men are doing: Rise like a flock of crows and descend on the cities and squat on Town and City Hall and Government building steps. (C.B.É. 1746, 4-6 An Bhailitheoir, M.J. Murphy)

Tá an t-ádh linn gur bheartaigh Michael J. an oiread sin eolais a chur san áireamh ina chín lae, agus is ábhar machnaimh é cad é an chúis gur bheartaigh sé é seo a dhéanamh. Is léir go raibh claonadh inbheirthe aige an saol timpeall air a thaifead go beacht agus go rialta. Seans go bhfuair sé faoiseamh as tuairisc mar gheall ar an anord a chur síos ar phár. Fear fíor-chumasach, ealaíonta agus polaitiúil a bhí ann, agus bhí bunfheidhm eispriseach ag a chuid scríbhneoireachta na nithe a ndeachaigh i bhfeidhm air a roinnt leis an saol. Is dócha go mbeidh scoláirí éagsúla, idir Gael agus Gall, ag obair ar ghnéithe den choimhlint i

dTuaisceart Éireann go fada an lá, agus toisc go bhfuil an chín lae seo scríte as Béarla, is doiciméad so-aimsithe é. Níl aon áireamh ar an méid atá scríofa, agus éagsúlacht na n-ábhar agus na dtuairimí, mar gheall ar an tréimhse chorraithe sin i stair na hÉireann, mar shampla in Ó'Dochartaigh (1997), Byrne (2014), Parkinson (2010), Hennessy (2005), Flynn, (2009), Patterson (2007), Patterson (2010), Lee (1989), agus níl ansan ach blaiseadh fíorbheag den chorpas litríochta agus anailíse a bhaineann leis an ábhar seo. Mar a dúirt Murphy go mion minic maidir leis an mbéaloideas, ní sna leabhair staire a bhíonn fíorstair na ndaoine ar fáil, ach i gcaint na ngnáthdhaoine, agus is éard atá againn i gcín lae Michael J. Murphy ná tuairisc phearsanta mar gheall ar an tréimhse sin, le blas féineitneagrafaíochta air, agus is foinse luachmhar agus neamhchoitianta é sin gur fiú tuilleadh taighde a dhéanamh air.

6 Conclúid

Faoi mar atá luaite ag Briody, seodra is ea cíonna lae na mbailitheoirí agus b'fhiú go mór tuilleadh taighde a dhéanamh orthu (2007: 443). Is sampla ríthábhachtach í cín lae Murphy sa chomhthéacs seo. Is léir ón méid a scríobh sé ina chín lae go raibh sé go hiomlán tiomanta don obair, in ainneoin na ndeacrachtaí a bhí le sárú aige. Bhí sé an-fheiliúnach don phost de bharr a chúlra mar dhuine áitiúil, agus an meas a bhí aige ar na faisnéiseoirí agus ar an ábhar, gan trácht ar an gcumas a bhí aige an t-ábhar a mhealladh uathu. Bhí sé ag obair faoi stiúr Cheannárais ach ag an am céanna d'fhág sé rian pearsanta ar a chnuasach agus ina chín lae. Mar a dúirt sé féin ag deireadh an agallaimh leis an bhfile, Michael Augustin, atá ceangailte leis an tráchtas seo mar Augisín a Dó, 'a vast and intricate social survey*'* a bhí ann. Ar an mbonn sin, ba chóir staidéar a dhéanamh ar a mhodhanna oibre agus a dhearcadh i dtaobh na hoibre, agus is bunfhoinse thábhachtach í a chín lae. Anuas ar an méid atá le feiscint ina chín lae agus a chnuasach i gC.B.É., ba léir ó na turais a thug mé ó thuaidh go bhfuil clú agus cáil air mar bhailitheoir ríthábhachtach agus mar mhórlaoch na hoidhreachta. Bhí Murphy ar comhchéim le lucht litríochta a linne, mar atá le feiscint sa chomhfhreagras atá i dtaisce i gcartlanna ar fud na tíre ar fad, agus tá cnuasach príobháideach Murphy, atá i dtaisce i *bPRONI* anois, fós le meas sa chomhthéacs seo.

I ndáiríre, bhí Michael J. Murphy ar an mbóthar fén mbailiú proifisiúnta ón lá a rugadh é. Ba bheag de mhaoin an tsaoil a bhí ag a thuismitheoirí, ach bhí eispéireas saoil éagsúil acu, sa mhéid is go raibh an domhain siúlta ag a athair, bhí taithí acu ar an eisimirce agus ar an mbochtannas, agus bhíodar sáite i ndeasghnátha, scéalaíocht, seanchas agus cultúr traidisiúnta na nGael. Saorsmaointeoirí ba ea a thuismitheoirí agus a shinsear, agus saorsmaointeoirí ba ea Murphy féin agus a bhean chéile, Alice. Bhí tuiscint inmheánach ag Murphy, agus ag Alice, ar an obair a bhí idir láimhe aige, agus chomh maith leis sin, bhí an-mheas aige ar na gnáthdhaoine agus ar mhaorgacht an mhéid a roinn siad leis. Ag an am

céanna, áfach, ní raibh sé dall ar an taobh diúltach dá shochaí, mar a léiríonn sé arís agus arís eile ina scríbhneoireacht chruthaitheach agus ina chín lae. Bhí an córas bailiúcháin in Éirinn bunaithe ar chóras agus ar chomhairle scoláirí Lochlannacha, agus fréamhaithe sa náisiúnachas cultúrtha a bhí i mbarr a réime in Éirinn ag tús an 20ú haois. I gcás Murphy, níor aithin sé an Teorainn, maraon le hana-chuid dá fhaisnéiseoirí, agus is dócha gur goinbhlasta an obair a bhí ar siúl aige dá bhrí sin, toisc é féin agus alán dá fhaisnéiseoirí a bheith ina saoránaigh den Ríocht Aontaithe.

Ba mhór an rud é na ceisteanna agus na dúschláin atá ardaithe ag scoláire na linne seo a choimeád ós ár gcomhair maidir leis an gcartlann béaloidis agus muid ag déanamh staidéir ar obair Murphy, féachaint conas a bhaineann na ceisteanna agus na dúschláin seo le C.B.É., agus cá sheasann M.J. Murphy sa mhórphictiúr. A bhuíoch dá mheon aigne scaoilte agus d'fhairsingeacht a chnuasaigh agus a chín lae araon, d'fhág Murphy corpas oibre linn atá ábharach don ré taighde nua-aimseartha seo a thrasnaíonn disciplíní, is cuma an gcuireann an taighdeoir suim sa chultúr réamh-nua-aimseartha nó sa chultúr comhaimseartha, nó i modheolaíochtaí na mbailitheoirí agus na gcartlann. Maidir leis an gcartlann béaloidis féin mar choincheap, duine ba ea é a bhíodh i dteagmháil le scoláirí Eorpacha agus Meiriceánacha, agus a chuir dúil i ngach aon saghas léitheoireachta. Cé nach ndeir sé go díreach in aon áit go raibh sé feasach mar gheall ar an gcorraíocht agus ceistiú a bhí sa tsiúil san earnáil bhéaloidis agus chartlainne ar fud na cruinne, as a d'eascar an t-athrú pairidíme atá luaite i gCaibidil a 3 den tráchtas seo, léirigh sé tuiscint inmheánach ar an ábhar agus ar a ról féin mar bhailitheoir a sheas teist an ama. Is léir chomh maith dar ndóigh gur thuig sé tábhacht na n-áiseanna nua-aimseartha chun an béaloideas a chaomhnú agus a scaipeadh, agus d'aimsigh sé an raidió agus an teilifíseán mar deiseanna nuálacha a linne. Ní coincheap suntasach sin dúinne sa lá atá inniú ann, ach d'fhéadfaimís a rá gur machnamh ceannródach a bhí ann don ré sin sna 1950/1960/1970idí nuair a bhí Michael J. ag craoladh go rialta leis an

BBCUladh agus eile. Sin ráite, léirigh sé ina chín lae go raibh caighdeáin proifisiúnta an-ard i bhfeidhm aige maidir le rúndacht agus meas, agus cé chomh cáiréiseach is a bhí sé maidir le scaipeadh ábhair go poiblí, gan a fhaisnéiseoirí a náiriú. Anois go bhfuil scaipeadh oscailte ar líne indéanta, tá ceisteanna eitice go mór chun tosaigh maidir le hábhar cartlainne, agus, ní mó ná ré Murphy, bíonn machnamh ana-chúramach ag teastáil, gan feall a dhéanamh ar fhaisnéiseoirí, agus ag an am céanna, deiseanna taighde cuí a éascú.

Chaith Michael J. go flaithiúil leis an Léann Dúchais nuair a bheartaigh sé a chín lae a ligint isteach gan eagarthóireacht. Is amhlaidh gur thuig sé an tábhacht a bhain leis an méid a scríobh sé, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh an t-athrú ginerálta a bhí ag dul ar aghaidh sa tsochaí le linn an ama a bhí sé ag bailiú, gan trácht ar aimsir na dTrioblóidí sa Tuaisceart. Thuig sé go gcuirfeadh eagarthóireacht an chín lae ar neamhní, agus a bhuí leis, tá an tuairisc seo ar fáil ag scoláirí mar gheall ar an saol fíor éagsúil a bhí aige féin agus ag muintir na Teorann le linn na tréimhse a d'oibrigh sé sa ghort.

I nGleann Choll, Co Tír Eoghain, a chaith Murphy a chéad tréimhse oibre ina raibh sé dírithe go hiomlán ar an mbailiú béaloideasa. Bhí sé ag triail teoiric nua: An bailitheoir a bheith lonnaithe i gceantar áirithe ar feadh tréimhse fhada ionas go rachadh an bailitheoir agus muintir na háite in aithne cheart ar a chéile, ionas go bhféadfaí cnuasach níos fearr agus níos doimhne a chur le chéile. Choiméad Murphy cín lae fhairsing maidir lena thréimhse i nGleann Choll, ar a bhunaigh sé leabhar níos déanaí, atá as cló anois, faraoir (Murphy,1973). D'éirigh sé ana-mhór le muintir na háite, agus bhí rath ar an obair agus cruthúnas inti go raibh maitheas agus fiúntas ins an teoiric. Tháining sé in inmhe mar bhailitheoir le linn an ama sin, agus chuir sé tús lena chnuasach a bhain le cúrsaí collaíochta agus le taobh Rabelesian na ndaoine. Maidir lena chín lae le linn na tréimhse sin, níl aon áireamh ar a tábhacht ó thaobh radharc iontach a sholáthar ar an gceantar, a bhí á bhánú ag an am, agus ar na faisnéiseoirí mór-le-rá ar nós Annie McCrea, Pádraig Félime Láidir, Francis Daniel

McAleer, agus araile. D'fheidhmigh Murphy mar threoraí don teangeolaí iomráiteach, Heinrich Wagner, agus b'é Murphy a thug aghaidh daonna do na cainteoirí dúchasacha deireannacha seo, rud nach bhfuil ar fáil in aon áit eile, dá bhfios dom.

Bhí cumas iontach aige comhthéacs a sholáthar don ábhar a chnuasaigh sé, rud a bhí lárnach don obair, dar ndóigh, agus tá neart samplái den chumas sin le feiscint sa chéad chín lae seo. Is truamhéileach an tuairisc a chuireann Murphy faoinár mbráid mar gheall ar an ísle bhrí a bhí air féin agus ar a fhaisnéiseoirí nuair a chin sé bogadh ar aghaidh tar éis cúpla bliain chun dul ag bailiú sna Glinnte Aontroime. Cuireadh na comharsana bun ós chionn nuair a thuirling sé ar an gceantar mar strainséir, díreach mar a tharla nuair a chin sé ar an áit a fhágaint cúpla bliain níos déanaí. Léiriú a bhí ina fhágaint ar cé chomh bréagach is a bhí an caidreamh a bhí cothaithe eatarthu, agus ag an am céanna, ba léir go raibh meas agus gean dílis cothaithe eatarthu. Chomh maith leis an suim a gcuirfeadh scoláirí as réimhse disciplíní ina chín lae den tréimse sin, níl aon amhras ach go bhfuil mórán le feiscint inti ag muintir Ghleann Cholll agus sliocht a sleachta chomh maith.

Admhaím go bhfuil an chaibidil a bhaineann le cín lae na mblianta 1969-1977 thar a bheith fada, suas leis na caibidlí eile den tráchtas seo. Ní raibh an dara rogha agam toisc an oiread a bhí le cur san áireamh, agus fós bhí orm roinnt mhaith a fhágaint ar leathaobh. Le linn na mblianta sin, bhí an tír ar fad faoi néal dorcha, agus ba bheag an méid cláir nuachta in Éirinn nach raibh tagairt éigin iontu mar gheall ar an gcoimhlint sa Tuaisceart. Bhí áit dúchais Murphy ar cheann de na háiteanna ba mheasa ó thaobh trioblóide de. Bhí, agus tá fós, gach éinne taobh amuigh den áit sin ag brath ar thuairiscí triú duine chun go mbeadh a fhios acu cad a bhí ar siúl. Tá athrú ar an scéal sin anois, áfach, le teacht chun solais chín lae Michael J. Murphy a bhaineann leis an tréimhse sin, agus dá bhrí sin, is dociméad thar a bheith tábhachtach atá inti.

Ón uair a tháinig Gluaiseacht na gCearta Síbhialta ar an bhfód, go ceann deich mbliana, tá fianaise Murphy againn mar ghuth údarásach, ón taobh istigh, gan eagrú. Noiméad amháin bíonn sé ar nós iriseoir proifisiúnta ag scríobh tuairisce, agus an chéad noiméad eile, cuireann sé aghaidh daonna agus freagairt phearsanta ar an méid atá á léiriú aige.

Déanann Michael J. cur síos cuimsitheach ar roinnt sochraidí polaitiúla ina cheantar féin le linn na dTrioblóidí, agus ar an gcaoi ar bhain an dá thaobh úsáid as na sochraidí chun a gcúis féin a chur chin cinn. Éiríonn leis tábhacht na n-ocáidí seo i gcultúr na nGael a chur ina luí orainn, agus i gcodarsnacht leis sin, léiríonn sé an chaoi a chuir an Rialtas agus Arm na Breataine isteach ar na sochraidí mar straitéis catha. Cuireann Murphy in iúl chomh maith an tionchar a bhí ag na hócáidí seo ar na gnáthdhaoine, agus an t-aos óg go háirithe, agus conas a d'fheidhmnigh na sochraidí mar ocáidí earcaíochta.

Bhí fadbhanna praiticiúla le sárú ag Murphy le linn na dTrioblóidí maidir le taisteal, agus éiríonn leis muid a thabhairt ar an mbóthar leis agus é ag taisteal timpeall an Tuaiscirt i mbun oibre. Arís, is tuairisc shainiúil atá i gceist. Ní raibh mótor aige riamh, agus ag brath ar an gcóras poiblí agus síobanna a bhíodh sé. Bhí teannas millteach i gceist, de bharr é a bheith de bhunadh Ard Mhacha Theas, é a bheith fostaithe le hOllscoil Bhaile Átha Cliath, agus é a bheith dírithe ar chultúr na ndaoine a chaomhnú - cultúr nach raibh aon mheas ag na húdaráis air ag an am sin. Maidir le taisteal, ní amháin na fórsaí slándála a bhí mar bhagairt, ach bhí lucht an chlaonpháirteachais agus eite phara-mhíleata na nAontacthaithe mar bhuairt sa bhreis aige.

Le himeacht aimsire, is amhlaidh go raibh gaolta Murphy gníomhach sa choimhlint agus dá bhrí sin méadaíodh ar an mbuairt agus ar an méid a bhí le fulaingt aige féin agus a theaghlach. Tosaíodh ar ruathar airme féna thig go rialta, agus tá a thuairiscí mar gheall ar an gciapadh sin taifeadta ina chín lae. Deineadh scrios ar a pháipéirí príobháideacha agus cuid

dá chnuasach pearsanta le linn ceann amháin de na ruathair sin, agus chuir sé an dlí ar Rialtas na Breataine dá bharr, cás arbh fhiú tuilleadh taighde a dhéanamh air. I ndeireadh na dála, bhí air aistriú go dtí an taobh ó dheas den Teorann chun go bhfaighfeadh sé suaimhneas éigin.

Le linn an ama sin ar fad, lean Michael J. Murphy ag bailiú. D'aimsigh sé faisnéiseoirí in aice láimhe nuair nach raibh sé in ann taisteal, agus is iontach an cur síos atá ina chín lae maidir le faisnéiseoir amháin, i measc alán eile, arbh ainm Frank 'Wings' Campbell, duine a roinn ana-chuid béaloidis le Michael J. Ní amháin go solathraíonn Murphy comhthéacs d'ábhar Campbell, ach léiríonn sé meas ar an bhfear uamhal seo, a raibh cuma an bhochtannais air, ach bhí Murphy in ann an tsaibhreas cultúrtha a bhí ann a fheiscint, agus a ainm agus a chnuasach seanchais agus scéalta a chaomhnú. Chomh maith leis sin, éiríonn le Murphy tionchar na dTrioblóidí ar a leithéid agus Frank 'Wings' Campbell, agus muintir Fhoircill, Ard Mhacha Theas, a chur in iúl, chomh maith le cur síos a dhéanamh ar an díchairdeas idir na daoine áitiúla agus Arm na Breataine.

Maidir le hAimsir na dTrioblóidí, is tuairisc phearsanta, fhairsing agus chumasach mar gheall ar thréimhse stairiúil ina chuireann a lán daoine suim atá ina chín lae, nach bhfuil a leithéid feicithe agamsa in aon áit eile. Frithnimh atá inti don íomhá anordúil, foréigneach, a bhí ar marthain le linn na dTrioblóidí, nach ligeann dúinn dul i bhfolach taobh thiar de na míreanna nuachta, an reitric pholaitiúil agus an bladhmann a bhaineann le haon pobal neamhshocair.

Éiríonn le Michael J. a dhualgas oibre maidir leis an gcín lae a chur i gcrích. Is é sin le rá, a imeachtaí oibre féin a thaifead, comhthéacs cuimsitheach a chur leis an gcnuasach, agus chomh maith leis sin, tuairisc ríthábhachtach phearsanta ar a shaol, mar chuid den chomhthéacs sin, a sholáthar – mar a dúirt sé féin, agus mar atá luaite cheanna ar leathannach 134: *'Some Journal for a folklorist. Still, I was the fellow involved and it all affected my work'* (C.B.É. 1851: 56. An Bailitheoir, M.J. Murphy).

D’áitigh Murphy go mbeadh an t-ábhar a bhailigh seisean mar fhoinse thábhachach dóibh súid atá ar thóir freagraí mar gheall ar an saol roimh an ré nua-aimseartha, nó atá ag lorg inspreagadh chun deacrachtaí an tsaoil sa lá atá inniu ann a shárú. Cuireann a chín lae, mar dhoiciméad fairsing cuimsitheach comhaimseartha, go mór leis an bhfoinse sin. Bhí Murphy ar oilithreacht de shórt ar feadh a shaoil, agus bhí ana-chuid dúschláin le sárú agus spriocanna le baint amach aige chun saoldearcadh a phobail féin a thaifead, agus an saghas saoil a chaith sé féin a chur in iúl. I gcaitheamh an chéid go leith sular thosaigh sé ag bailiú, chaill a mhuintir agus a phobal a mbailte agus a dtailte, a gcóras oideachais, agus a dteanga, gan trácht ar na miliúin a cailleadh de dheasca an ghorta agus na heisimirce. D’fhanadar bocht dearóil, scriosta ag deachúna agus cíosanna, agus comhghríosiú in aghaidh an éigeartais. Cuireadh an Caitliceachas, lán le deasgnátha pagánacha agus baothchreideamh, faoi chos mar chreideamh barbartha agus neamhreasúnach. Bhí an mhuinín a bhí ag na daoine as a gcultúr agus an saol ársa caillte acu ar an móramh, agus an seansaol samhailte le náire agus teip. Fós féin, bhí sé de chrógacht ag Murphy tabhairt fén obair agus bhí a chroí istigh inti. D’aistrigh sé ó áit go háit, le peann, clóscríobhán, ceamara agus gléas taifeada, ag cothú cairdis, agus ag cur béaloideas ársa ar thaifead, a bheadh caillte go deo, murach é a thabhairt fé. D’íobair sé mórán, agus ba bheag de mhaoin an tsaoil a thuill sé as. Tugadh cúl láimhe dó go mion minic agus é ag déanamh tarrthála ar stair shóisialta na n-Ultach. Bhain Murphy úsáid as an bpeann chun croí na ngnáthdaoine, mar a thuig sé féin iad, agus a scéal pearsanta féin, a nochtadh, agus bhí sé toilteannach glacadh leis an gciapadh sóisialta a lean a chuid oibre agus a chuid scríbhneoireachta ó am go chéile.

Is iomaí iad na huaireanta síos tríd an tráchtas seo ina bhfuil sé ráite agam gur chóir tuilleadh taighde a dhéanamh ar réimhse topaicí atá ardaithe, agus níl aon amhras ach go bhfuil an oiread sin fágtha ar lár agamsa gur chóir filleadh ar ais agus iad a thabhairt chun solais. Táim ag cuimhneamh ar ghnéithe dá shaol i nGleann Choll, agus ar an gcín lae a d’fhág sé mar

gheall ar a sheal sna Glinnte, ina bhfuil tuairimí suimiúla nochtaithe aige maidir leis na daoine iad féin, agus maidir leis an gcaidreamh idir na ceannairí ó thuaidh a bhí ag dul i mbun caomhnú béaloideasa agus na ceannairí ó dheas a bhí ar an mbóthar céanna. Dar ndóigh, d'fhéadfaí aon chuid dá chín lae a roghnú, agus neart staidéir a dhéanamh uirthi.

Is tuairisc phríobháideach, mhaorga ón taobh istigh atá sa chín lae seo, agus is gann go leor an méid ábhair atá ar fáil mar gheall ar cheantar na Teorann, gan inchur, frithluaileach nó neamh-fhrithluaileach, ó iriseoirí ná scríbhneoirí proifisiúnta. Cuireann saothar Michael J. an Teorainn ar ceal, agus cuireann sé i gcuimhne orainn, ó dheas agus ó thuaidh, gur an dream céanna sinn, le modh cainte agus scéalaíochta comónta againn, agus le hoidhreacht chomónta, rud a bhí an-éasca a dhearmad ó cuireadh an Chríochdheighilt i bhfeidhm.

De réir mar a thuigim é, bhí Michael J. sáite ina fheachtas féin chun oidhreacht agus croí a phobail féin a nochtadh. Léiríonn a chín lae gur duine ba ea Murphy a bhí suaimhneach ina oidhreacht féin, agus a thuig cé chomh tábhachtach is a bhí sé go gcuirfí oidhreacht na sinsear ar taifead. Ní hé sin le rá go raibh radharc rómánsiúil aige ar a phobal féin. Ní raibh sé dall ar neamhchothromaíocht an tsochaí i dTuaisceart Éireann, ná ar dhúschláin an tsaoil le linn a ré féin. Colúnaí nuachta ba ea Murphy, a dhírigh isteach ar cheisteanna tromchúiseacha go rialta, agus údar agus drámadóir ba ea é a bhain úsáid as a scríbhneoireacht chun dúschláin a thabhairt don sochaí cúngaigeanta agus corraithe a chonaic sé timpeall air, agus tá an tréith seo le braiscint go soléir sa mhéid a scríobh sé sa chín lae. Faoi mar atá léirithe sa tráchtas seo, duine ildánach ba ea Michael J. Murphy nár thaitin leis an t-hollábharachas agus uirbiú mar thionchar ar shaol na ndaoine. Ardaíonn sé ceisteanna ina chín lae agus tugann sé an dúschláin don léitheoir a cuid machnaimh féin a dhéanamh ar na topaicí éagsúla a chuir tinneas ar Michael J. Is amhlaidh nach raibh sé ar a chumas tuairisc bhalbh mheicniúil a scríobh, agus ba luachmhaire a chín lae dá bhrí sin. Tá fiainise sa chín lae go mbíodh sé ina shuí i gcaitheamh na hoíche ag obair ar an gcnuasach agus ar an gcín lae. Samhlaítear domsa

gur mhodh ba ea an chín lae chun an dúil a bhí aige sa scríbhneoireacht a ligean saor, agus is fearr go mór í dá bhrí sin. Roinneann sé a fhealsúnacht, a dhígnit, a mheas ar dhaoine agus a lochtanna follasacha ina chín lae, rud a chuireann go hollmhór le fiúntacht agus taitneamhacht an ábhair mar fhoinse taighde. Taobh amuigh ar fad den eolas atá ar fáil sa chín lae, is féidir a rá gur obair ealaíona is ea an chín lae de bharr go n-éiríonn leis radharc cinemagraifíoch a thabhairt dúinn ar mhórán gnéithe dá shaol.

Caithfear obair Murphy a mheas i gcomhthéacs na nduschláin a bhí le sárú aige mar bhailitheoir proifisiúnta, agus ní féidir nádúr, meoin aigne, agus taithí saoil Michael J., ná a chúlra, ná a áit dhúchais, a scoilt ó thoradh na hoibre a dhein sé thar daichead bliain, agus seasann a chín lae mar chrann taca dá chuid oibre ar fad, i mo thuairimse. Ardaíonn cur chuige agus fealsúnacht Murphy ceisteanna dúinne ó thaobh an eolais a shlogaimid, i gcomhthéacs na linne seo ina bhfuil béim ollmhór leagtha ar thuairiscí iriseoireachta agus ar thráchtaireachtaí nuachta agus polaitíochta mar fhoinsí fíor, neamhspleách, docheistithe. Cruthúnas is ea cín lae Murphy go mbíonn dhá insint ar gach scéal, agus díreach mar a deir sé maidir leis an ábhar a bhailigh sé i gcaitheamh na mblianta fada, is fearr an tuairisc a fhaighimid ó bhall den phobal féin.

Chun clahbsúr a chur leis an tráchtas seo, fágfaidh mé an focal scor ag Michael J. Murphy féin le ráiteas atá le feiscint ag tús a leabhair *Ulster Folk of Field and Fireside* (1983). Ní féidir leis a bheith níos féinmhuiníní ná soléire maidir leis an éacht a bhain sé amach. Tá sé ró-umhal, áfach, nuair a chuireann sé a chín lae ábhairín ar leathaobh, toisc nach bhfuil aon amhras ach gur eipic inti féin atá sa chín lae, a sheasann gualainn ar ghualainn lena chnuasach mar fhianaise de luach Michael J. Murphy mar mhórlaoch an Léann Dúchais:

> Indebted, too, must be the social historians and students of folklife studies for the hundreds of volumes I have contributed to the archives of the Department of Irish Folklore in UCD. Because I know I have written one of the greatest, if not *the*

greatest, stories to have come out of Ulster. I can make that claim unblushingly. Apart from my journals they represent the story of the people told by the people themselves for the first and, no doubt, for the last time. (Murphy, 1983: 11)

Leabharliosta

Abrahams, R., 1992. 'The Past in the Presence: An Overview of Folkloristics in the Late 20th Century.' In: R. Kvideland, ed., *Folklore processed: in honour of Lauri Honko on his 60th birthday*, 1st ed. Helsinki: NIF Publications, pp.32-51.

Almqvist, B., 1996. 'Seán Ó Súilleabháin (1903-1996)*' on JSTOR*. [online] Jstor.org. Available at: <http://www.jstor.org/stable/20522475> [Accessed 18 April 2018].

Almqvist, B., 1997. 'Michael J. Murphy (1913-1996).' *Béaloideas*, [online] 64/65(1996/1997), pp.362-365. Available at: <http://www.jstor.org/stable/20522474 .>.

Almvist, B., 1993. 'Seosamh ÓDálaigh, 1909-1992.' *Béaloideas*, [online] 60/61(1992/1993), pp.295-300. Available at: <http://www.jstor.org/stable/20522413>.

Anderson, L., 2006. Analytic Autoethnography. *The Journal of Contemporary Ethnography*, [online] Volume 35(4), pp.373-395. Available at: <http://jce.sagepub.com hosted at http://online.sagepub.com> [Accessed 3 February 2016].

Antrimhistory.net. 1981. *James Hamilton Delargy*. [online] Available at: <http://www.antrimhistory.net/content.php?cid=133>.

Anttonen, P., 2005. *Tradition through modernity*. Helsinki: Finnish Literature Society.

Anttonen, P., 2013. 'Lost in Intersemiotic Translation? The Problem of Context in Folk Narratives in the Archive.' In: A. Bugge Amundsen, ed., *Nordic Yearbook of Folklore, Volume 69*, 1st ed. [online] Uppsala: THE ROYAL GUSTAVUS ADOLPHUS ACADEMY UPPSALA, SWEDEN, pp.153-170. Available at: <http://www.kgaa.nu/upload/tidskrifter/6_2013.pdf> [Accessed 3 October 2017].

BBC News. 2011. *Obituary: Bill Craig*. [online] Available at: <http://www.bbc.co.uk/news/uk-northern-ireland-13191551> [Accessed 20 November 2014].

Béaloideas, 1941. "Front Matter." Béaloideas . [online] 11(1/2), p.1. Available at: <http://JSTOR, www.jstor.org/stable/20642546.> [Accessed 22 June 2021].

Becker, K., 1992. 'Picturing Our Past: An Archive Constructs a National Culture.' In: *The Journal of American Folklore*, [online] 105(415), p.3. Available at: <http://www.jstor.org/stable/541996 Accessed: 09-05-2018 07:56 UTC>.

Bew, P. and Gillespie, G., 1996. *The Northern Ireland peace process, 1993-1996*. London: Serif.

Bew, P. and Gillespie, G., 1999. *Northern Ireland: A Chronology of the Troubles 1968-1999*. Dublin: Gill & McMillan, p.37.

Briody, M., 2007. *The Irish Folklore Commission 1935-1970*. Helsinki: Finnish Literature Society.

Byrne, M., 2014. Politics beyond identity: reconsidering the civil rights movement in Northern Ireland.' In: *Identities*, 22(4), pp.468-485.

Cadwallader, A., 2013. *Lethal allies*. [S.l.]: The Mercier Press Ltd.

Cain.ulst.ac.uk. 2013. *CAIN: Chronology of the Conflict 1968*. [online] Available at: <http://cain.ulst.ac.uk/othelem/chron/ch68.htm>.

Cain.ulst.ac.uk. 2013. *CAIN: Chronology of the Conflict 1969*. [online] Available at: <http://cain.ulst.ac.uk/othelem/chron/ch69.htm>.

Cain.ulst.ac.uk. 2013. *CAIN: Chronology of the Conflict 1970*. [online] Available at: <http://cain.ulst.ac.uk/othelem/chron/ch70.htm>.

Cain.ulst.ac.uk. 2013. *CAIN: Chronology of the Conflict 1971*. [online] Available at: <http://cain.ulst.ac.uk/othelem/chron/ch71.htm>.

Cain.ulst.ac.uk. 2013. *CAIN: Chronology of the Conflict 1972*. [online] Available at: <http://cain.ulst.ac.uk/othelem/chron/ch72.htm>.

Cain.ulst.ac.uk. 2013. *CAIN: Northern Ireland Conflict, Politics, and Society. Information on 'the troubles'*. [online] Available at: <http://cain.ulst.ac.uk/index.html>.

Cain.ulster.ac.uk. 1921. *CAIN: The Anglo-Irish Treaty, December 1921*. [online] Available at: <https://cain.ulster.ac.uk/issues/politics/docs/ait1921.htm> [Accessed 13 July 2021].

Cain.ulster.ac.uk. 2021. *CAIN: Chronology of the Conflict*. [online] Available at: <https://cain.ulster.ac.uk/othelem/chron.htm> [Accessed 13 July 2021].

Carruthers, M., 2013. *Alternative Ulsters*. Dublin: Liberties.

Cashman, R., 2000. 'Mumming with the Neighbors in West Tyrone.' *Journal of Folklore Research*, pp.73--84.

Cashman, R., 2006. Critical nostalgia and material culture in Northern Ireland.' In: *Journal of American Folklore*, 119(472), pp.137--160.

Cashman, R., 2008. *Storytelling on the northern Irish border*. Bloomington: Indiana University Press.

Cashman, R., 2008. 'Visions of Irish Nationalism.' In: *Journal of Folklore Research*, 45(3), pp.361--381.

Cashman, R., 2017. *Packy Jim.* [Place of publication not identified]: UNIV OF WISCONSIN Press.

Coogan, T., 1995. *The Troubles. Ireland's Ordeal 1966-1996 and the search for peace*. London: Hutchinson, p.126.

Coogan, T., 2002. *The IRA*. New York: Palgrave for St. Martin's Press.

Cooper, P., 2014. 'Using Writing as Therapy: Finding Identity' In: *British Journal of Occupational Therapy*, 77(12), pp.619-622.

Cowley, M., 1992. 'Inter-church booklet on 'political funerals' targets misunderstandings.' *The Irish Times*,.

Derrida, J. and Prenowitz, E., 1996. *Archive fever*. Chicago: University of Chicago Press.

'Documents on Irish Foreign Policy. 2021.' In: *Documents on Irish Foreign Policy - Volume 1*. [online] Available at: <https://www.difp.ie/volume-1/1921/anglo-irish-treaty/214/#section-documentpage> [Accessed 13 July 2021].

Dúchas.ie. *MICHAEL J.. MURPHY (1913-1996) Writer, Collector, Photographer*. [ebook] Dublin: Dúchas.ie, pp.2-3. Available at: <https://www.duchas.ie/download/20.12.09_MJMurphy_EN.pdf> [Accessed 22 June 2021].

Dundes, A., 1971. 'Folk Ideas as Units of Worldview' In: *The Journal of American Folklore*, 84(331), p.93.

Eastwood, T., 1994. 'What Is Archival Theory and Why Is It Important?' In: *Archivaria*, [online] 37(Spring 1994), pp.122-130. Available at: <https://archivaria.ca/index.php/archivaria/article/viewFile/11991/12954> [Accessed 6 January 2019].

Evans, E., 1951. *Mourne country; landscape and life in south Down*. Dundalk [Ire.]: Dundalgan Press.

Evans, E., 1965. 'Folklife Studies in Northern Ireland.' In: *Journal of the Folklore Institute*, 2(3), p.355.

Evans, E., 1967. *Mourne country: landscape and life in South Down*. Dundalk: Dundalgan P.

Faul, F. and Murray, F., 1978. *Violation of Human Rights in Northern Ireland 1968-1978*. [ebook] Belfast: CAIN Ulster University. Available at: <https://cain.ulster.ac.uk/othelem/docs/faul_murray/faul_1978_violations/faul_1978_violations.pdf> [Accessed 22 June 2020].

Fitzpatrick, D., 2002.'The Orange Order and the border' In: *Irish Historical Studies*, 33(129), pp.52-67.

Flynn, B., 2009. *Soldiers of folly: The IRA border campaign 1956-1962*. 1st ed. Cork [Ireland]: Collins Press, West Link Park, Doughcloyne, Wilton, Cork,.

Fortnight, 1972. William Craig. (46(Sept. 21, 1972), pp.6 http://0-www.jstor.org.library.ucc.ie/stable/25544245.

Foucault, M., 1972. *The archaeology of knowledge*. New York: Pantheon Books.

Foucault, M., 1972. *The archaeology of knowledge and the discourse on language*. Charleston SC: Createspace.

Geiger, T., Moore, N. and Savage, M., 2010. *The Archive in Question. Discussion Paper*. [ebook] Unpublished Discussion Paper: Unpublished Discussion Paper. Available at: <http://eprints.ncrm.ac.uk/921/1/Moore_review_paper_march_10.pdf> [Accessed 19 September 2018].

Glassie, H. and Boyd, D., 2006. *The stars of Ballymenone*. Bloomington: Indiana University Press.

Glassie, H., 1982. *Passing the time in Ballymenone*. Philadelphia: University of Pennsylvania Press.

Glassie, H., 2010. 'The Irish Folklore Commission: International Scholarship, National Purpose, Local Virtue' In: *Béaloideas eisithe ag An Cumann le Béaloideas Éireann*, [online] (78), pp.1-19. Available at: <http://www.jstor.org/stable/41412205> [Accessed 23 April 2018].

Grainger, R., 2011. 'Playing Games with Death: Reflections on the Irish Wake' *Implicit Religion*, 14(1), pp.93-98.

Griffin, W. and Foltz, T., 1996. 'She Changes Everything She Touches: Ethnographic Journeys of Self Discovery' In: C. Ellis and A. Bochner, ed., *Composing Ethnography: Alternative Forms of Qualitative Writing*, 1st ed. Walnut Creek, CA: AltaMira Press, pp.301-330.

Harnden, T., 2010. *Bandit country*. London: Hodder Education.

Harvey, C., 1992. *Contemporary Irish traditional narrative*. Berkeley: University of California Press.

Harvilahti, L., Kjus, A., O'Carroll, C., Osterlund-Potzsch, S., Skott, F. and Treija, R. ed., 2018. *Visions and Traditions. Knowledge Production and Tradition Archives*. 1st ed. Helsinki, Finland: Suomalainen Tiedeakatemia, Academia Scientiarum Fennica.

Harvilahti, L., Kjus, A., O'Carroll, C., Österlund-Pötzsch, S., Skott, F. and Treija, R., 2018. *Visions and Traditions: Knowledge Production and Tradition Archives*. 1st ed. Suomalainen tiedeakatemia.

Hassan, D., 2006. Sport, Identity, and the People of the Irish Border Lands' In: *New Hibernia Review / Iris Éireannach Nua*, [online] 10(2), pp.26-43. Available at: <http://www.jstor.org/stable/20558054.> [Accessed 8 November 2018].

Heide, E., 2018. New Perspectives on Archival Shortcomings. A note on self-perception, history and methodology within folkloristics, ethnology and cultural studies' In: L. Harvilahti, A. Kjus, C.

O'Carroll, S. Osterlund-Potzsch, F. Skott and R. Treija, ed., *Visions and Traditions. Knowledge Production and Tradition Archives*, 1st ed. Helsinki: Academia Scientiarum Fennica, pp.240-256.

Hennessey, T., 2005. *Northern Ireland. The Origins of the Troubles*. Dublin: Gill & Macmillan.

Hoare, A., 1981. 'Why they go where they go: the political imagery of industrial location' *Transactions of the Institute of British Geographers*, pp.152--175.

Horgan, J. and Taylor, M., 1997. 'The provisional Irish republican army: Command and functional structure' In: *Terrorism and Political Violence*, [online] 9(3), pp.1-32. Available at: <http://dx.doi.org/10.1080/09546559708427413>.

Ireland 2016. 2021. *Digital Repository of Ireland*. [online] Available at: <https://www.ireland2016.gov.ie/partners/digital-repository-ireland> [Accessed 9 August 2021].

Irish Boundary Commission (Feetham Commission): Records CAB 61. Report of the Commission (duplicate) CAB 61/162. 1967. [Archive document detailing minutes, papers, correspondence and report of the Irish Boundary Commission, and records of oral and written evidence submitted to it] file:///C:/Users/User/Downloads/CAB%2061-162.pdf, The National Archives, Kew. Kew, London.

Irishnewsarchive.com. 1925. *03 December 1925 Boundary Commission its final recommendations | Irish News Archives*. [online] Available at: <https://www.irishnewsarchive.com/wp/03-december-1925-boundary-commission-its-final-recommendations/> [Accessed 13 July 2021].

Johnson, J., 1968. 'Mourne Country: Landscape and Life in South Down by E. Estyn Evans.' *Reviewed in The Geographical Journal*, [online] 134(4(Dec., 1968), pp.564-565. Available at: <http://www.jstor.org/stable/1796396 .>.

Journal of the Armagh Diocesan Historical Society, 2006. Seanchas ArdMhacha. 21(1), pp.244-283.

Keane, R., 2004. 'The Governor-General and the Boundary Commission crisis of 1924-5.' In: G. Tom, M. Maurice and S. Richard, ed., *Dissecting Irish Politics. Essays in Honour of Brian Farrell*, 1st ed. Baile Átha Cliath: University College Dublin Press, pp.19-30.

Keyes, J., 1990. 'One of Their Own.' *Fortnight, Supplement: Radical Ulsters*, [online] 290(December, 1990), pp.6-7. Available at: <http://0-www.jstor.org.library.ucc.ie/stable/25552663> [Accessed 1 April 2014].

Kolovos, A., 2004. 'Contextualising the Archives' *Folk Forum*, 35(1/2), pp.18-28.

Lee, J., 1989. *Ireland, 1912-1985*. Cambridge: Cambridge University Press.

Lysaght, P., 1998. 'Sean O Suilleabhain (1903-1996) and the Irish Folklore Commission.' In: *Western Folklore*, 57(2/3), p.137.

Lysaght, P., 2003. ‘Hospitality at wakes and funerals in Ireland from the seventeenth to the nineteenth century: Some evidence from the written record.’ In: *Folklore*, 114(3), pp.403-426.

Mahon, T. and Gillogly, J., 2008. *Decoding the IRA*. Cork: Mercier Press.

Mallon, S., 2014. *For the Record: Seamus Mallon*.

Manoff, M., 2004. ‘Theories of the Archive from Across the Disciplines.’ *portal: Libraries and the Academy*, 4(1), pp.9-25.

Mc Mahon, S., 1990. ‘Obituary: Sam Hanna Bell.’ *The Linen Hall Review*, [online] 7(1/2 (Summer, 1990), p.7 Published by: Linen Hall Library Article Stable URL:. Available at: <http://0-www.jstor.org.library.ucc.ie/stable/20534120> [Accessed 1 April 2014].

McBride, J., 1979. *Traveller in the Glens*. Belfast: Appletree Press 164 Malone Road, Belfast BT9 5LL, United Kingdom.

McFadden, R., 1971. *The Garryowen*. London: Chatto and Windus.

McFadden, R., 1996. *Collected poems, 1943-1995*. Belfast: Lagan Press.

McGinty, R., Muldoon, O. and Ferguson, N., 2007. ‘No War, No Peace: Northern Ireland after the Agreement’ In: *Political Psychology*, 28(1), pp.1-11.

McKay, S., 2009. *Bear in mind these dead*. London: Faber.

McKittrick, D., 2008. *Lost lives*. Edinburgh: Mainstream.

McLoughlin, D. and Crossman, V., 1996. ‘A Peculiar Eclipse: E. Estyn Evans and Irish Studies.’ *The Irish Review (1986-) , No. 15, A Northern Change?*, [online] 15, pp.79-96. Available at: <http://0-www.jstor.org.library.ucc.ie/stable/29735734>.

McMahon, S., 2000. *Sam Hanna Bell: A Biography*. Belfast: Blackstaff Press.

Michael J. Murphy. The Last Druid. Series: Ulster in Focus, 1981. [TV programme] Programme number PIED004B: BBC Northern Ireland.

Moloney, E., 2002. *A secret history of the IRA*. New York: W.W. Norton.

Moore, N., Salter, A., Stanley, L. and Tamboukou, M., 2017. *The Archive Project. Archival Research in the Social Sciences*. Abingdon, Oxon OX14 4RN: Routledge.

Morley, V., 1993. Conradh na Gaeilge agus an Pholaitíocht Conradh na Gaeilge 1893-1993. *Comhar*, (8), pp.55-63.

Moxon-Browne, E. ed., 1991.'National Identity in Northern Ireland.' In: *Social Attitudes in Northern Ireland: The First Report Edited by Peter Stringer and Gillian Robinson (1991) ISBN 0 85640 477 2 Paperback 216pp,* 1st ed. [online] Belfast: Blackstaff Press. Available at: <http://cain.ulst.ac.uk/othelem/research/nisas/rep1c2.htm> [Accessed 14 October 2016].

Munck, R., 1992. 'The Making of the Troubles in Northern Ireland.' In *Journal of Contemporary History*, 27(2), pp.211-229.

Murphy (Kevin), K., 1998.' Michael J. Murphy 'The Last Druid'. 1913-1996.' In *Creggan Journal*, (8), pp.77-88.

Murphy, M., 1939. 'Abolish the Hiring Fair.' *Hibernia*, p.5.

Murphy, M., 1940. *At Slieve Gullion's Foot, etc. [With plates.]*. W. Tempest: Dundalk.

Murphy, M. in *Irish Press* 16th June, 1942, pg. 2 'Method in their Myths'

Murphy, M., 1950. *The Hard Man: A Play in One Act. Belfast: H.R. Carter Publications, 1950.*. [Book] National Library of Ireland, Irish. Dublin.

Murphy, M., 1955. *Culprit of the Shadows.*. [Book] National Library of Ireland, Irish Play Series. Dublin.

Murphy, M., 1956. *Men on the Wall. A Play in Three Acts*. [Manuscript] National Library of Ireland. 7-8 Kildare Street, Dublin 2, D02 P638, Abbey Theatre. Dublin.

Murphy, M., 1965. *Mountain year*. [Chester Springs, Pa.]: Dufour Editions.

Murphy, M., 1973. *Tyrone folk quest*. Belfast: Blackstaff Press.

Murphy, M., 1975. *Now You're Talking*. Belfast BT1 3JF: Blackstaff Press ltd, 16 Donegal Square South.

Murphy, M., 1983. *Ulster folk of field and fireside*. Dundalk, Ireland: Dundalgan Press.

Murphy, M., 1989. *My Man Jack. Bawdy Tales from Irish Folklore*. Dingle: Brandon.

Murphy, M., 1990. *Sayings and Stories from Slieve Gullion. Ireland's Most Mysterious Mountain*. Dundalk: Dundalgan Press Ltd.

Murphy, M., n.d. *Benedict Kiely Papers, 1948-1990. Drafts of novels, short stories and other works; correspondence; news cuttings; signed publications.*. [Manuscript] http://catalogue.nli.ie/Collection/vtls000229013, Collection List No. 80 BENEDICT KIELY PAPERS (MSS 38,642-38,649). Dublin, Ireland.

Murphy, M., n.d. *Letter to George Sheridan*. [Letter] Tí Chulainn Heritage Centre, Correspondence to George Sheridan, Dundalgan Press, Dundalk, Co Louth. Mullaghbawn, Co Armagh.

Murphy, M., n.d. *The John Hewitt Archive*. [Letters] Public Records Office Northern Ireland, Hewitt Papers. Belfast.

Murray, P., 2011. *The Irish Boundary Commission and its Origins 1886-1925*. Baile Átha Cliath: Preas Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath.

News.bbc.co.uk. 2012. *BBC - Panorama - The Northern Ireland Archives: The Long War*. [online] Available at: <http://news.bbc.co.uk/panorama/hi/front_page/newsid_7968000/7968915.stm>.

News.bbc.co.uk. 2012. *BBC - Panorama - The Northern Ireland Archives: Civil Rights*. [online] Available at: <http://news.bbc.co.uk/panorama/hi/front_page/newsid_7968000/7968671.stm>.

News.bbc.co.uk. 2012. *BBC - Panorama - The Northern Ireland Archives: Battle of the Bogside*. [online] Available at: <http://news.bbc.co.uk/panorama/hi/front_page/newsid_7968000/7968707.stm>.

Nic Craith, E., 1991. *Tadhg O Murchadha agus bealoideas Uibh Rathach*. Thesis (M.A.). NUI, at Roinn na Nua-Ghaeilge, UCC.

Nic Craith, M., 2001. *Cultural Diversity in Northern Ireland and the Good Friday Agreement*. 1st ed. Dublin: Institute for British-Irish Studies, University College Dublin.

Ó Catháin, S., 1997. ' Seán Ó Súilleabháin, 1903-1996' *Folklore, Vol. 108 (1997)*, [online] 108 (1997), p.106. Available at: <http://www.jstor.org/stable/1260715> [Accessed 18 April 2018].

Ó Catháin, S., 2005. 'Institiúid Bhéaloideas Éireann, 1930-1935': An Cumann Le Béaloideas Éireann/The Folklore of Ireland Society Article Stable URL:. *Béaloideas*, [online] 73(2005), pp.85-110. Available at: <http://0-www.jstor.org.library.ucc.ie/stable/20520879>.

Ó Catháin, S., 2008. *Formation of a folklorist*. Dublin: Folklore of Ireland Council.

Ó Cathasaigh, D., 2013. 'The Druid of Slieve Gullion.' *Celtic Life International*, (September, 2013), p.http://www.celticlifeintl.com/the-druid-of-slieve-gullion/.

Ó Conluain, P., 1996. 'Orange Déja Vu?' *History of Ireland*, [online] 4(4), pp.5-7. Available at: <http://www.jstor.org/stable/27724387> [Accessed 31 October 2017].

Ó Conchubair, B., 2003. 'The Gaelic Front Controversy: The Gaelic League's (Post-Colonial) Crux.' *Irish University Review published by Edinburgh University Press*, [online] 33(Special Issue: New Perspectives on the Irish Literary Revival), pp.46-63. Available at: <http://www.jstor.org.ucc.idm.oclc.org/stable/25517213> [Accessed 12 April 2018].

Ó Dochartaigh, N., 1997. *From civil rights to armalites: Derry and the birth of the Irish Troubles*. Cork: Cork University Press, 1997.

Ó Duilearga, S., n.d. *Correspondence from Séamus Ó'Duilearga to Michael J. Murphy*. [Letter] Tí Chulainn Heritage Centre, Papers of Michael J. Murphy. Mullaghbawn, Co Armagh.

Ó Duilearga, S., n.d. *Letter to George Tempest*. [Letter] Tí Chulainn Heritage Centre, Correspondence to George Tempest, Date: 1/10/1941. Mullaghbawn, Co Armagh.

Ó Duilearga, S., 1945. 'The Gaelic story-teller: with some notes on Gaelic folk-tales.' *Proceedings of the British Academy*, 31, pp.177-221.

Ó Duilearga,, S., 1977. *Leabhar Sheáin Í Chonaill: Scéalta agus Seanchas ó Íbh Ráthach*. 3rd ed. Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann.

O Duinnshléibhe, S., 2012.'Tamall ar an bPeann': Seán Ó Cróinín agus a Chín Lae.' In *Léann an Dúchais: Aistí in Ómós do Ghearóid Ó Crualaoich*. Cork: Cork University Press.

Ó Giolláin, D., 2000. *Locating Irish folklore*. Sterling, VA: Cork University Press.

Ó Giolláin, D. ed., 2017. *Irish Ethnologies*. 1st ed. South Bend, Indiana: Undpress, Notre Dame, IN 46556, USA.

Ó Giolláin, D., 2017. *Archives and artefacts: collecting, collections and ethnography in an Irish and comparative European context*. [ebook] Indiana, USA: University of Notre Dame. Available at: <http://oconnellhouse.nd.edu/assets/134445/_gioll_in_archives_and_artifacts.pdf> [Accessed 15 October 2017].

Ó hAilín, T., 1975.'Tadhg Ó Murchú: Béaloideasóir' *Éigse*, XV1, Cuid 11(Geimhreadh 1975), pp.113-130.

Ó Héalaí, P., 2000. 'Seán Mac Mathúna: Fear an Chín Lae' *Béaloideas*, [online] (68), pp.99-138. Available at: <http://www.jstor.org/stable/20522559> [Accessed 30 October 2017].

Ó Laoire, L., 2017. 'Tá cuid de na mná blasta/Some Women Are Sweet Talkers: Representations of Women in Seán Ó hEochaidh's Field Diaries for the Irish Folklore Commission' *Estudios Irlandeses*, 2(12), pp.122-138.

Ó Muimhneacháin, A., 1979. 'An Cumann le Béaloideas Éireann, 1927-77' Published by: An Cumann Le Béaloideas Éireann/The Folklore of Ireland Society Stable URL:. *Béaloideas*, [online] 45/47(1977 - 1979), pp.1-5. Available at: <http://www.jstor.org/stable/20521387 .>.

Ó Muimhneacháin, A., 1981. 'Séamus Ó Duilearga (1899-1980).' *Béaloideas*, [online] 48/49(1980/1981), pp.1-8. Available at: <http://www.jstor.org/stable/20522154>.

Ó Muimhneacháin, A., 1985. ‘Caoga Bliain Ó Bhunú Choimisiún Béaloideasa Éireann: Súil Siar ón gCumann / The Fiftieth Anniversary of the Founding of the Irish Folklore Commission: The Society Looks Back.’ *Béaloideas*, [online] 53, pp.vii, 1-4. Available at: <http://0-www.jstor.org.library.ucc.ie/stable/20522256>.

Ó Súilleabháin, D., 1998. *Athbheochan na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge.

Ó Súilleabháin, S., 1937. *Láimh-leabhair Béaloideasa*. Baile Átha Cliath: Comhlucht Oideachais na hÉireann.

O Súilleabháin, S., 1942. *A Handbook of Irish Folklore*. 1st ed. Dublin: Educational Company of Ireland for The Folklore of Ireland Society.

Ó Súilleabháin, S., 1976. *Irish wake amusements*. Dublin: Mercier Press.

ÓTiarnaigh, P., 2015. *Bailitheoirí Choimisiún Béaloideasa Éireann: Ról, Caidrimh agus Modheolaíocht*. Ph.D. Scoil Theanga agus Litríocht na Gaeilge Institiúid Taighde na Gaeilge agus An Léinn Cheiltigh Dámh na nEalaíon Ollscoil Uladh.

O'Brien, B., 1999. *The long war*. Syracuse, N.Y.: Syracuse University Press.

O'Carroll, C., 2018. ‘Tradition archives as memory institutions in the past and in the future.’ In C. O'Carroll, L. Harvilahti, A. Kjus, S. Osterlund-Potzsch, F. Skott and R. Treija, ed., *Visions and Traditions Knowledge Production and Tradition Archives*, 1st ed. Helsinki: Suomalainen Tiedeakatemia, Academia Scientiarum Fennica, pp.12-23.

Parkinson, A., 2010. *1972 and the Ulster troubles*. Dublin: Four Courts Press.

Patfinucanecentre.org. 2013. *The Pat Finucane Centre*. [online] Available at: <http://www.patfinucanecentre.org/>.

Patterson, H., 2007. *Ireland since 1939*. London: Penguin.

Patterson, H., 2010. ‘Sectarianism Revisited: The Provisional IRA Campaign in a Border Region of Northern Ireland.’ *Terrorism and Political Violence*, 22(3), pp.337-356.

Patterson, H., 2013. *Ireland's violent frontier : the border and Anglo-Irish relations during the troubles / Henry Patterson, Professor of Politics, University of Ulster, Northern Ireland.*. 1st ed. New York: Palgrave Macmillan, Basingstoke, Hampshire ; New York.

